# 2022

## Tuarascáil bhliantúil Chomhghnóthais an Aontais do bhliain airgeadais 2022

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil. +352 4398-1
Fiosruithe: eca.europa.eu/gaPages/ContactForm.asp
Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors

Tá tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach ar fáil ar an idirlíon (http://europa.eu).

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

PDF ISBN 978-92-849-0070-1 doi:10.2865/249402 QJ-09-23-159-GA-N

# Clár

Caibidil 1 Comhghnóthais an Aontais Eorpaigh agus iniúchadh Chúirt Iniúchóirí na hEorpa 5

Réamhrá 6

Comhghnóthais an Aontais Eorpaigh 8

Comhghnóthais atá ag oibriú faoi chláir thaighde agus nuálaíochta ilbhliantúla an Aontais Eorpaigh 8

An Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt 13

Buiséid íocaíochtaí agus acmhainní daonna na gComhghnóthas in 2022 15

Socruithe don bhuiséad agus don urscaoileadh 16

Ár n-iniúchadh 18

Eisímid ráiteas dearbhaithe do gach Comhghnóthas 18

Bainimid úsáid as obair iniúchóireachta atá déanta ag iniúchóirí neamhspleácha eile 18

Tá ár gcur chuige iniúchóireachta bunaithe ar mheasúnú ar phríomhrioscaí 19

Ár gcur chuige iniúchóireachta i gcás íocaíochtaí deontais 22

Caibidil 2 Forléargas ar na torthaí iniúchóireachta 23

Réamhrá 24

Tuairimí iniúchóireachta 'glana' do na Comhghnóthais go léir 25

Tuairimí 'glana' maidir le beachtas na gcuntas do na Comhghnóthais go léir 25

Tuairimí 'glana' maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais do na Comhghnóthais go léir 26

Tuairimí 'glana' maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais do na Comhghnóthais go léir 26

Tá roinnt réimsí ann nár mhiste feabhas a chur orthu 27

Laigí sa chaoi ar chuir na Comhghnóthais cláir thaighde agus nuálaíochta chun feidhme 27

Is mó an claonadh chun earráidí i gcostais phearsanra atá i gceist le FBManna agus tairbhithe nua 31

Ní bheidh EuroHPC in ann a chuspóir earcaíochta a bhaint amach 32

Tá staid na bainistíochta sinsearaí in F4E fanta éagobhsaí 32

Tá laigí i mbainistiú conarthaí F4E 32

Den chuid is mó, tá obair leantach déanta ag na Comhghnóthais ar ár mbarúlacha ó bhlianta roimhe seo 34

Níl an creat rialaithe rioscabhunaithe atá ag na Comhghnóthais a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme deontas forbartha go leordhóthanach fós 36

Modheolaíocht dár n-athbhreithniú cothrománach 36

Ní raibh cur chuige struchtúrach rioscabhunaithe ag leath na gComhghnóthas i leith rialuithe *ex ante* le haghaidh deontais 2020 36

Níl cur chuige iniúchóireachta *ex post* le haghaidh íocaíochtaí deontais faoi Fís 2020 forbartha go fóill ag formhór na gComhghnóthas 41

Faoi Fís Eorpach, tá méadú tagtha ar cé chomh tábhachtach atá sé do Chomhghnóthais a gcur chuige rioscabhunaithe féin i leith bainistiú deontais a chur chun feidhme 44

Táirgí eile a bhaineann leis na Comhghnóthais atá eisithe ag an gCúirt Iniúchóirí 47

Caibidil 3 Ráitis Dearbhaithe Chomhghnóthais an Aontais Eorpaigh 51

3.1. Faisnéis a thacaíonn leis na ráitis dearbhaithe 52

Comhghnóthais lena gcuirtear Cláir Réime an Aontais chun feidhme 56

3.2. An Comhghnóthas Taighde um Bainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair 3 (SESAR 3) 57

3.3. An Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan (CA) 67
3.4. Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (IHI) 77
3.5. An Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2) 88
3.6. An Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha (KDT) 99
3.7. An Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach (CBE) 110
3.8. An Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa (EU-Rail) 121
3.9. An Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (EuroHPC) 130

Comhghnóthas atá ag feidhmiú faoi EURATOM 146

3.10. An Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (F4E) 147

Giorrúcháin 162

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Caibidil 1

## Comhghnóthais an Aontais Eorpaigh agus iniúchadh Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

# Réamhrá

**1.1.** Is í Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) an t-iniúchóir seachtrach le haghaidh cúrsaí airgeadais an Aontais[1]. Sa cháil sin, bímid ag gníomhú mar chaomhnóir neamhspleách ar leasanna airgeadais shaoránaigh an Aontais trí chabhrú le feabhas a chur ar bhainistiú airgeadais an Aontais. Tá tuilleadh eolais faoinár gcuid oibre le fáil inár dtuarascálacha maidir le gníomhaíochtaí, inár dtuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme bhuiséad an Aontais Eorpaigh, inár dtuarascálacha speisialta, inár n-athbhreithnithe agus inár dtuairimí i dtaca le dlíthe nua nó nuashonraithe an Aontais nó i dtaca le cinntí eile a bhfuil impleachtaí acu don bhainistiú airgeadais.

**1.2.** De réir an tsainordaithe sin, déanaimid scrúdú ar na cuntais bhliantúla, agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais sin, do Chomhghnóthais an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear le chéile 'na Comhghnóthais'), arb é atá iontu sin ná comhlachtaí de chuid an Aontais atá curtha ar bun i gcomhréir le hAirteagail 187 go 188 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus, i gcás Fuinneamh Comhleá (F4E), i gcomhréir le hAirteagail 45 go 51 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Conradh Euratom).

**1.3.** Sa tuarascáil seo, déantar torthaí ár n-iniúchóireachta ar na Comhghnóthais do bhliain airgeadais 2022 a chur i láthair. Seo é an struchtúr atá ar an tuarascáil:

- Caibidil 1 – tuairisc ar na Comhghnóthais agus nádúr ár n-iniúchóireachta.
- Caibidil 2 – cur i láthair ar thorthaí foriomlána na hiniúchóireachta agus anailís ar an gcóras rialaithe rioscabhunaithe atá ag na Comhghnóthais a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme deontas.
- Caibidil 3 – an ráiteas dearbhaithe do gach ceann de na naoi gComhghnóthas (féach ***Fíor 1.4***), mar aon lenár dtuairimí i dtaobh beachtas chuntais bhliantúla na gComhghnóthas agus i dtaobh dhlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim agus na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais sin, maille le hábhair agus barúlacha nach dtarraingíonn amhras ar na tuairimí sin.

**1.4.** Ar an iomlán, dheimhnigh ár n-iniúchadh ar na naoi gComhghnóthas don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022 torthaí a bhí cosúil leis na torthaí a tuairiscíodh i

[1] Airteagail 285 go 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), IO C 202, 7.6.2016, lch. 1.

mblianta roimhe seo. Trí na ráitis dearbhaithe atá eisithe againn do gach Comhghnóthas, sholáthraíomar an méid seo a leanas:

- tuairimí iniúchóireachta fabhracha (glan) maidir le beachtas na gcuntas do na naoi gComhghnóthas; agus
- tuairimí iniúchóireachta fabhracha (glan) maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais do na naoi gComhghnóthas.

**1.5.** Mar sin féin, tharraingíomar aird ar réimsí atá tábhachtach don léitheoir trí mhíreanna faoin teideal 'ábhar eile' nó 'béim ar ábhar', agus shainaithníomar réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu trí na barúlacha, ach gan amhras a tharraingt ar na tuairimí iniúchóireachta.

# Comhghnóthais an Aontais Eorpaigh

**1.6.** Is éard atá sna Comhghnóthais ná comhpháirtíochtaí idir an tAontas Eorpach, arna ionadú ag an gCoimisiún, agus comhpháirtithe príobháideacha as eagraíochtaí tionscail agus taighde. I gcásanna áirithe, bíonn eagraíochtaí idir-rialtasacha agus Stáit Rannpháirteacha i gceist freisin. Is é príomh-mhisean na gComhghnóthas ná aistriú an eolais eolaíoch isteach i nuálaíochtaí ceannródaíocha inmhargaidh a chothú laistigh d'fhís straitéiseach atá i bpáirt le chéile ag na comhpháirtithe. Thairis sin, ba cheart go mbeadh na Comhghnóthais ag freagairt do dhúshláin i sochaí na hEorpa nach bhfuil an tionscal ag freastal go leordhóthanach orthu faoi láthair.


## Comhghnóthais atá ag oibriú faoi chláir thaighde agus nuálaíochta ilbhliantúla an Aontais Eorpaigh

### Éabhlú na gComhghnóthas atá ag oibriú faoi chláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais Eorpaigh

**1.7.** Faoi na cláir um thaighde agus nuálaíocht atá sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), déantar Comhghnóthais a chur ar bun mar chomhlachtaí de chuid an Aontais a bhfuil pearsantacht dhlítheanach ar leithligh acu. Glacann siad a gclár gnó taighde agus nuálaíochta ina réimse taighde straitéiseach féin agus cuireann siad chun feidhme é trí ghlao ar thograí nó trí phróisis soláthair phoiblí.

**1.8.** I *bhFíor 1.1* anseo thíos, taispeántar éabhlú na gComhghnóthas ó cruthaíodh na chéad sé Chomhghnóthas faoin Seachtú Clár Réime um Thaighde agus um Fhorbairt Theicneolaíoch (FP7) in CAI 2007-2013, faoi na cláir dar teideal Fís 2020 (H2020) agus Saoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE 1) in CAI 2014-2020, agus faoi na cláir dar teideal Fís Eorpach, an Eoraip Dhigiteach agus SCE 2 in CAI 2021-2027.

## Fíor 1.1 – Éabhlú na gComhghnóthas Eorpach




*Foinse:* CIE, bunaithe ar na Rialacháin ón gComhairle lena mbunaítear na Comhghnóthais.

**1.9.** Maidir leis na Comhghnóthais atá ag oibriú faoi CAI 2021-2027, déanann siad a gclár gnó sonrach taighde agus nuálaíochta a chur chun feidhme sna réimsí seo a leanas: iompar, fuinneamh, sláinte, tionscail bhithbhunaithe chiorclacha, comhpháirteanna leictreonacha tábhachtacha, sár-ríomhaireacht agus córais líonra. Bunaíodh iad faoi na Rialacháin ón gComhairle a bhfuil tuairisc anseo thíos orthu.

**1.10.** I Samhain 2021, ghlac an Chomhairle an Bunghníomh Aonair, lena ndearnadh naoi gComhghnóthas a chur ar bun chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme faoi chlár Fís Eorpach – an clár ilbhliantúil taighde agus nuálaíochtaí faoi CAI 2021-2027. Bunaíodh na Comhghnóthais sin go ceann tréimhse deich mbliana dar críoch an 31 Nollaig 2031[2]. Bhí seacht gComhghnóthas i mbun oibríochta cheana féin faoi chlár Fís 2020 (SESAR, ECSEL, IMI 2, Spéir Ghlan 2, FCH 2, Shift2Rail agus BBI) agus tá siad ag leanúint ar aghaidh faoi chlár Fís Eorpach mar eintitis nua, le hainmneacha nua agus le réimse sainchúraimí atá athbhreithnithe. Sa bhreis air sin, bunaíodh dhá Chomhghnóthas nua: Líonraí agus Seirbhísí Cliste (SNS) agus

---

[2] Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach.

Sláinte Dhomhanda (GH), arb é GH an comharba ar an gComhpháirtíocht maidir le Trialacha Cliniciúla idir Tíortha Eorpacha agus Tíortha i mBéal Forbartha.

**1.11.** I mBealtaine 2021, bunaíodh an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála (ECCC) le rialachán ar leithligh[3]. Ní dhéanfar iniúchóireacht den chéad uair ar na trí Chomhghnóthas nua sin (SNS, GH agus ECCC), áfach, go dtí tar éis dóibh a neamhspleáchas airgeadais a fháil, a meastar a tharlóidh sa ráithe dheiridh de 2023.

**1.12.** In Iúil 2021, ghlac an Chomhairle rialachán bunaidh nua don Chomhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (EuroHPC)[4] faoin CAI nua do thréimhse 2021-2027, lenar fadaíodh saolré an Chomhghnóthais sin go dtí an 31 Nollaig 2033. Faoi CAO 2021-2027, tá EuroHPC ag fáil i bhfad níos mó cistí ó chláir Fís Eorpach, an Eoraip Dhigiteach agus SCE mar thacaíocht chun ríomhaireacht ardfheidhmíochta a éadáil agus a fhorbairt, chomh maith le bonneagair do shár-ríomhairí agus do ríomhairí candamacha a uasghrádú agus a oibriú.

**1.13.** Ar deireadh, i bhFeabhra 2022, mhol an Coimisiún go ndéanfaí an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha a aistriú isteach sa Chomhghnóthas um Shliseanna a bheidh amach anseo ann. Ghlac an Chomhairle an rialachán leasaitheach an 25 Iúil 2023. Beidh réimsí freagrachta feabhsaithe aige a chothóidh forbairt teicneolaíochtaí nuálacha leathsheoltóra den chéad ghlúin eile agus a threiseoidh acmhainneacht táirgthe sliseanna na hEorpa faoin Tionscnamh ‘Sliseanna don Eoraip’ le cistiú ón gClár don Eoraip Dhigiteach[5].

## Ranníocaíochtaí leis na Comhghnóthais atá ag oibriú faoi chláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais Eorpaigh

**1.14.** Ranníocann na comhaltaí go léir le cistiú ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochtaí na gComhghnóthas. Ar lámh amháin, soláthraíonn an Coimisiún ranníocaíochtaí airgid as cláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais chun clár gnó taighde agus nuálaíochta na gComhghnóthas a chómhaoiniú. Ar an lámh eile, caithfidh comhaltaí príobháideacha ón tionscal agus taighde leibhéal íosta de ranníocaíochtaí comhchineáil a thabhairt i bhfoirm ‘ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais’ (IKOP) agus, i gcásanna áirithe, i bhfoirm ‘ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh

---

[3] Rialachán (AE) 2021/887 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin.

[4] Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488.

[5] Rialachán (AE) 2023/1782 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna.

gníomhaíochtaí breise' (IKAA). Chun faisnéis níos mine a fháil, féach ***Bosca 1.1***. I gcásanna áirithe, déanann Stáit Rannpháirteacha (i gcás KDT, EuroHPC agus ECCC) nó eagraíochtaí idir-rialtasacha (i gcás SESAR agus GH) ranníocaíochtaí airgeadais freisin le gníomhaíochtaí na gComhghnóthas. Sa bhreis air sin, is féidir le heintitis dhlítheanacha nó tíortha a bhfuil suim acu tacú le cuspóirí Comhghnóthais ina réimse taighde sonrach iarratas a dhéanamh chun bheith mar chomhalta comhlachaithe nó mar chomhpháirtí rannchuiditheach. Déanann an tAontas Eorpach agus comhaltaí príobháideacha an Chomhghnóthais costais riaracháin an Chomhghnóthais a mhaoiniú le ranníocaíochtaí comhionanna airgid, ach amháin i gcás EuroHPC a bhfuil na costais go léir lena aghaidh sin ag titim ar an gCoimisiún.

## Bosca 1.1

**Ranníocaíochtaí comhchineáil ó chomhaltaí príobháideacha le gníomhaíochtaí oibríochtúla na gComhghnóthas (IKOP)**


Mar a fhoráiltear dó i rialacháin bhunaidh na gComhghnóthas, caithfidh na comhaltaí príobháideacha go léir méid íosta a ranníoc i leith chostais thionscadail taighde agus nuálaíochta na gComhghnóthas. Faoi Fís 2020, is é IKOP na costais iomlána atá tabhaithe ag comhaltaí príobháideacha i gcur chun feidhme ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta an Chomhghnóthais, lúide an ranníocaíocht ó chomhaltaí eile an Chomhghnóthais (cómhaoiniú AE, ranníocaíocht na Stát Rannpháirteach nó na n-eagraíochtaí idir-rialtasacha), chomh maith le haon ranníocaíocht eile ón Aontas i leith na gcostas sin. Faoi chláir Fís Eorpach agus an Eoraip Dhigiteach, is é IKOP na costais incháilithe a thabhaíonn comhaltaí príobháideacha i gcur chun feidhme ghníomhaíochtaí na gComhghnóthas, lúide ranníocaíochtaí an Chomhghnóthais, na Stát Rannpháirteach nó aon ranníocaíocht eile ón Aontas i leith na gcostas sin. Tá méid iomlán an IKOP, arna dheimhniú agus arna bhailíochtú, aitheanta i gcuntais bhliantúla na gComhghnóthas.

**Ranníocaíochtaí comhchineáil ó chomhaltaí príobháideacha le gníomhaíochtaí breise (IKAA)**

Faoi Fís 2020, caithfidh na comhaltaí príobháideacha i gcuid de na Comhghnóthais (CS, FCH, BBI, S2R) freisin méid íosta de ranníocaíochtaí comhchineáil a sholáthar i ndáil le costais a thabhaítear le haghaidh 'gníomhaíochtaí breise' lasmuigh de chlár oibre agus buiséad an Chomhghnóthais, ach a thagann faoi réim chuspóirí ginearálta an Chomhghnóthais. Faoi Fís Eorpach, áirítear in IKAA freisin costais neamh-incháilithe na ngníomhaíochtaí atá á maoiniú go díreach ag an gComhghnóthas, lúide aon ranníocaíocht eile ón Aontas i leith na gcostas sin. Caithfidh comhaltaí príobháideacha na gComhghnóthas IKAA a sholáthar sa bhreis ar IKOP, ionas go mbeidh siad ar aon dul le ranníocaíochtaí ón Aontas. Tá na méideanna IKAA leagtha amach i bplean bliantúil gníomhaíochtaí breise an Chomhghnóthais. Tá méid iomlán an IKAA, arna dheimhniú agus arna bhailíochtú, nochta sna nótaí a ghabhann le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais. Dá bhrí sin, ní thagann IKAA faoi réir na hiniúchóireachta a dhéanann an Chúirt Iniúchóirí.

**1.15.** I ***bhFíor 1.2***, taispeántar spriocanna ranníocaíochta na gcomhaltaí leis na Comhghnóthais faoi CAI 2014-2020 agus CAI 2021-2027, faoi mar atá leagtha amach sna rialacháin bhunaidh a bhaineann go sonrach le gach Comhghnóthas, lena n-áirítear KDT a aistriú isteach sa Chomhghnóthas um Shliseanna. Faoi CAI 2021-2027, is iad EuroHPC agus an Comhghnóthas um Shliseanna a fuair an méadú is mó sa bhuiséad.

## Fíor 1.2 – Spriocanna ranníocaíochta na gcomhaltaí le Comhghnóthais faoi chláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais (i € milliún)




*Foinse:* CIE.


**1.16.** Mar a thaispeántar i ***bhFíor 1.3***, faoi CAI 2021-2027, is iad na cláir Fís Eorpach agus an Eoraip Dhigiteach fós an phríomhfhoinse airgeadais atá ann do Chomhghnóthais, le buiséad iomlán de €16.7 billiún chun cómhaoiniú a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta. As an mbuiséad iomlán de €95.5 billiún atá ar fáil do Fís Eorpach, déanfaidh na Comhghnóthais €11.6 billiún (nó thart ar 12 %) a chur chun feidhme. Faoin gClár don Eoraip Dhigiteach[6], gheobhaidh EuroHPC, ECCC agus an Comhghnóthas um Shliseanna €5 bhilliún i gcistí AE – nó 58.1 % de chistiú iomlán an chláir arb ionann é sin agus €8.6 billiún – chun tionscadail mhóra forbartha acmhainneachta, imlonnaithe agus infheistíochta a chur chun feidhme, ar tionscadail iad sin a bhaineann leis an Straitéis um Margadh Aonair Digiteach Eorpach.

**1.17.** Faoi CAI 2014-2020, measadh go mbeadh an cistiú Eorpach do Chomhghnóthais de €7.6 billiún ina ghiaráil do €12.2 billiún (nó 161 %) chun tionscadail taighde agus nuálaíochta le luach de thart ar €19.8 billiún a bhaint amach sna réimsí taighde agus nuálaíochta atá sannta do na Comhghnóthais, lena n-áirítear ranníocaíochtaí díreacha na Stát Rannpháirteach agus na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta (féach ***Tábla 2.1***). Faoin CAI nua do thréimhse 2021-2027, meastar go mbeidh an cistiú Eorpach do Chomhghnóthais de €16.7 billiún ina ghiaráil do €21.1 billiún (nó 126 %) chun tionscadail taighde agus nuálaíochta le luach de thart ar €37.8 billiún a bhaint amach sna réimsí atá sannta do na Comhghnóthais, lena n-áirítear ranníocaíochtaí díreacha na Stát Rannpháirteach agus na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta (féach ***Fíor 1.3***).

---

[6] Rialachán (AE) 2021/694 an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach.

### Fíor 1.3 – Ranníocaíochtaí iomlána le Comhghnóthais agus giaráil ranníocaíochtaí na gcomhaltaí eile




*Foinse:* CIE.

## Samhlacha rialachais na gComhghnóthas atá ag oibriú faoi chláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais Eorpaigh

**1.18.** Chun comhar agus comhordú láidir lena gcomhpháirtithe agus geallsealbhóirí a áirithiú, tá struchtúr rialachais forleathan ag na Comhghnóthais a bhíonn comhdhéanta i bhformhór na gcásanna de bhord rialaithe, comhlacht comhairleach eolaíoch, grúpa d'ionadaithe na stát agus grúpaí geallsealbhóirí atá gníomhach i réimse taighde agus nuálaíochta an Chomhghnóthais.

**1.19.** Ag tógáil ar an struchtúr dlíthiúil céanna, tá saintréithe sonracha ag gach Comhghnóthas chun déileáil le taighde agus nuálaíocht in earnálacha éagsúla. Is samhail dhépháirteach atá ag formhór na gComhghnóthas, ina bhfuil ionadaíocht ag an gCoimisiún agus ag na comhaltaí príobháideacha ón tionscal agus taighde ar an mbord rialaithe agus iad ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí oibríochtúla na gComhghnóthas (CA, IHI, Clean H2, CBE, SNS agus EU-Rail). Is samhail thríthaobhach atá ag ceithre cinn de na Comhghnóthais, ina bhfuil ionadaíocht freisin ag Stáit Rannpháirteacha (KDT agus EuroHPC) nó ag eagraíochtaí idir-rialtasacha ceannais (SESAR agus GH) ar an mbord rialaithe agus iad ag rannchuidiú le gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais.

## An Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt

**1.20.** Tháinig an Comhaontú maidir leis an Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER) i bhfeidhm an 24 Deireadh Fómhair 2007, nuair a tháinig Eagraíocht Idirnáisiúnta Fuinnimh Comhleá ITER (ITER-IO) ar an bhfód go dlíthiúil. Is é ITER-IO atá i

gceannas ar thionscadal ITER a chur chun feidhme, leis na saoráidí comhleá á dtógáil in Cadarache (an Fhrainc).

**1.21.** Tá seacht gcomhpháirtí dhomhanda páirteach i dtionscadal ITER: an tAontas Eorpach (arna ionadú ag an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom))[7], na Stáit Aontaithe, an Rúis, an tSeapáin, an tSín, an Chóiré Theas agus an India. Tá ról ceannais glactha ag an Aontas Eorpach le sciar de 45.4 % de na costais tógála. Is thart ar 9.1 % an ceann an sciar atá ag comhaltaí eile ITER. Athróidh dáileadh seo na gcostas ag céim oibríochtúil na tástála comhleá, le Euratom ag soláthar 34 % de na costais oibríochtúla[8]. An t-eisíoc go léir a mheasann an tAontas a bheith riachtanach chun oibleagáidí chomhaontú ITER agus na gníomhaíochtaí gaolmhara a chur chun feidhme go dtí 2035, is ionann é agus €18.2 billiún (i luachanna reatha)[9].

**1.22.** Trína ngníomhaireachtaí baile, rannchuidíonn comhaltaí ITER-IO leis an tionscadal go príomha trí chomhpháirteanna, trealamh, ábhair, foirgnimh agus seirbhísí a sheachadadh go díreach chuig ITER-IO (ranníocaíochtaí comhchineáil). Chomh maith leis sin, déanann siad ranníocaíochtaí airgeadais le buiséad ITER-IO (ranníocaíochtaí airgid). Comhroinneann comhaltaí ITER na freagrachtaí as monarú phríomh-chomhpháirteanna an imoibreora, agus bhí dáileadh na gcúraimí comhchineáil don mhonarú bunaithe ar leasanna gach aon cheann de na comhaltaí chomh maith lena n-acmhainneachtaí teicniúla agus tionsclaíocha[10].

**1.23.** Rinneadh an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (F4E) a chur ar bun in Aibreán 2007 ar feadh tréimhse 35 bliana mar ghníomhaireacht baile de chuid an Aontais Eorpaigh. Ceann de na príomhchúraimí atá ar F4E is ea an ranníocaíocht ón Aontas le tionscadal ITER a bhainistiú. Comhordaíonn sé gníomhaíochtaí agus déanann sé na próisis soláthair phoiblí is gá, mar ullmhú do thógáil imoibreora comhleá taisealbhaidh agus saoráidí gaolmhara. Tá F4E á mhaoiniú go príomha ag Euratom (thart ar 80 %) agus ag óstach ITER, an Fhrainc (thart ar 20 %).

**1.24.** Is é atá i meastachán reatha an Choimisiúin do bhuiséad iomlán Euratom a bheidh ag teastáil ó F4E chun cuid na hEorpa de chur chun feidhme thionscadal ITER agus gníomhaíochtaí gaolmhara a mhaoiniú go dtí 2035 ná €15 bhilliún (i luachanna reatha). Tá

---

[7] Is iad comhaltaí Euratom ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus stáit chomhlachaithe na hEilvéise agus na Ríochta Aontaithe (go dtí 2020).

[8] Doiciméid ITER dar teideal 'Meastacháin Luacha do Chéimeanna Tógála, Oibríochta, Díghníomhaithe agus Díchoimisiúnaithe ITER agus Foirm Ranníocaíochtaí na bPáirtithe' agus 'Roinnt na gCostas le haghaidh gach Céim de Thionscadal ITER'.

[9] Tá na meastacháin bunaithe ar Theachtaireacht COM(2017) 319 ón gCoimisiún agus an doiciméad inmheánach oibre gaolmhar SWD(2017) 232, tábla 4.

[10] ITER.org.

óstach ITER (an Fhrainc) agus Ballstáit Euratom (lena n-airítear an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe go dtí 2020) le €3.2 billiún breise (i luachanna reatha) a ranníoc[11].

**1.25.** Tharraing an Ríocht Aontaithe siar ón Aontas Eorpach agus Euratom an 31 Eanáir 2020. An 30 Nollaig 2020, comhaontaíodh an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach (Euratom) agus an Ríocht Aontaithe. Sa chomhaontú sin, leagtar síos go mbeidh an Ríocht Aontaithe páirteach sna cláir Eorpacha atá liostaithe i bPrótacal I, lena n-áirítear clár taighde agus oiliúna Euratom agus gníomhaíochtaí ITER F4E, agus go rannchuideoidh sí leo. Chomh fada agus a mhairfidh an t-easaontú idir na páirtithe i dtaobh an Phrótacail, áfach, níl an Ríocht Aontaithe comhlachaithe le gníomhaíochtaí ITER F4E ná ní comhalta de F4E í. I gcás na hEilvéise, ní dhearnadh an comhaontú a fhadú go huathoibríoch agus dá bhrí sin tháinig deireadh leis in 2020.

## Buiséid íocaíochtaí agus acmhainní daonna na gComhghnóthas in 2022


**1.26.** I ***bhFíor 1.4***, tugtar forléargas ar réimsí sonracha nuálaíochta agus taighde na gComhghnóthas, ar a mbuiséid íocaíochtaí faoi seach agus ar a n-acmhainní daonna do bhlianta airgeadais 2022 agus 2021. In 2022, is é a bhí i mbuiséad iomlán íocaíochtaí na gComhghnóthas atá ag oibriú faoi chláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais ná €2.0 billiún (2021: €1.3 billiún). Is é a bhí i mbuiséad íocaíochtaí F4E ná €0.8 billiún (2021: €0.8 billiún). Is í an chúis atá leis an méadú sa bhuiséad íocaíochtaí in 2022 do Chomhghnóthais atá ag oibriú faoi chláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais ná gur thosaigh na Comhghnóthais (in 2022) ar chur chun feidhme na gclár taighde Fís Eorpach, an Eoraip Dhigiteach agus SCE 2 faoi CAI 2021-2027.

**1.27.** Ag deireadh 2022, is é a bhí sa líon daoine a bhí fostaithe ag Comhghnóthais atá ag oibriú faoi chláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais ná 257 (2021: 241). Is é an líon daoine a bhí fostaithe ag F4E ná 434 (2021: 441). I measc na bhfigiúirí sin tá oifigigh bhuana, daoine den fhoireann shealadach, daoine den fhoireann ar conradh agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht (féach ***Fíor 1.4***).

---

[11] Tá na meastacháin bunaithe ar Theachtaireacht COM(2017) 319 ón gCoimisiún agus an doiciméad inmheánach oibre gaolmhar SWD(2017) 232, tábla 4.

### Fíor 1.4 – Buiséid íocaíochtaí agus acmhainní daonna na gComhghnóthas in 2022





*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí na gComhghnóthas.

## Socruithe don bhuiséad agus don urscaoileadh

**1.28.** Is iad Parlaimint na hEorpa (PE) agus an Chomhairle atá freagrach as na nósanna imeachta bliantúla a bhaineann leis an mbuiséad agus leis an urscaoileadh i gcás na gComhghnóthas. Taispeántar an amlíne don nós imeachta um urscaoileadh i ***bhFíor 1.5***.

## Fíor 1.5 – An nós imeachta bliantúil maidir leis an urscaoileadh




*Foinse:* CIE.

# Ár n-iniúchadh

## Eisímid ráiteas dearbhaithe do gach Comhghnóthas

**1.29.** De réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 CFAE, tá iniúchóireacht déanta againn ar na nithe seo a leanas:

(a) na cuntais bhliantúla do gach ceann de na naoi gComhghnóthas don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022; agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin.

**1.30.** Bunaithe ar thorthaí ár n-iniúchóireachta, déanaimid – le haghaidh gach aon Chomhghnóthas – ráiteas dearbhaithe maidir le beachtas na gcuntas agus maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo a chur ar fáil do PE agus don Chomhairle. I gcás inarb iomchuí agus inarb ábhartha, tugaimid barúlacha iniúchóireachta (féach ***Caibidil 3***) mar fhorlíonadh ar na ráitis dearbhaithe, ar barúlacha iad sin nach ndéanann amhras a tharraingt ar na tuairimí iniúchóireachta.


## Bainimid úsáid as obair iniúchóireachta atá déanta ag iniúchóirí neamhspleácha eile

**1.31.** I gcomhréir le hAirteagail 70 agus 71 de Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh, caithfidh iniúchóir seachtrach neamhspleách fíorú a dhéanamh ar chuntais bhliantúla na gComhghnóthas. Cé go ndearna na Comhghnóthais go léir an iniúchóireacht ar bheachtas na gcuntas a chur amach chuig gnólachtaí iniúchóireachta neamhspleácha seachtracha, is faoi lánfhreagracht Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i gcónaí atá gach gné de na hiniúchtaí seachtracha neamhspleácha, chomh maith leis an tuarascáil iniúchóireachta shonrach (lena n-áirítear an ráiteas dearbhaithe do gach Comhghnóthas) a chur i dtoll a chéile. Rinneamar athbhreithniú ar cháilíocht na hoibre a rinne na gnólachtaí iniúchóireachta seachtracha sin bunaithe ar chaighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta, agus fuaireamar dearbhú leordhóthanach go bhféadfaimis brath ar a gcuid oibre nuair a bhí ár dtuairimí iniúchóireachta ar bheachtas chuntais bhliantúla na gComhghnóthas do 2022 á gcur le chéile againn.

**1.32.** Déanann Comhsheirbhís Iniúchóireachta (CAS) an Choimisiúin iniúchtaí *ex post* ar rogha randamach d'íocaíochtaí deontais eatramhacha agus deiridh faoi Fís 2020 agus Fís Eorpach, lena n-áirítear íocaíochtaí deontais le haghaidh gníomhaíochtaí taighde atá á gcur chun feidhme ag na Comhghnóthais. I gcás íocaíochtaí deiridh, bíonn ar an tairbhí deimhniú a thabhairt sa ráiteas airgeadais. Is éard atá sa deimhniú sin ná tuairisc fhíorasach atá curtha ar fáil ag iniúchóir neamhspleách nó ag Oifigeach Poiblí a chuireann ar chumas an Choimisiúin nó ar chomhlacht dámhachtana deontais de chuid an Aontais a sheiceáil an bhfuil na costais atá

dearbaithe sna ráitis airgeadais deiridh incháilithe. Rinneamar torthaí na n-iniúchtaí sin a chur san áireamh nuair a bhí ár dtuairimí iniúchóireachta maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais á gcur le chéile againn. Ar deireadh, déanann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) sa Choimisiún iniúchóireacht ar éifeachtacht chreataí rialaithe inmheánaigh na gComhghnóthas le haghaidh na bpríomhnósanna imeachta riaracháin, bunaithe ar mheasúnuithe riosca rialta (féach ***Fíor 1.6***).

### Fíor 1.6 – An úsáid a bhaineann an Chúirt Iniúchóirí as obair iniúchóirí neamhspleácha eile




*Foinse:* CIE.

## Tá ár gcur chuige iniúchóireachta bunaithe ar mheasúnú ar phríomhrioscaí

**1.33.** Rinneadh ár n-iniúchóireacht bhliantúil ar chuntais bhliantúla na gComhghnóthas agus ar na hidirbhearta is bun leo do 2022 a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar na

príomhrioscaí a shainaithníomar inár measúnú riosca do 2022, a bhfuil cur i láthair gearr anseo thíos air.

### Bhí an riosca do bheachtas na gcuntas íseal go meánach

**1.34.** Bhíodh an Coimisiún ag cur seirbhísí cuntasaíochta ar fáil do na Comhghnóthais go léir (seachas F4E agus CA) go dtí an 30 Samhain 2022. I gcás chuntais bhliantúla 2022, tógadh na seirbhísí cuntasaíochta sin ar láimh trí shocruithe cúloifige a bhí cruthaithe ag na Comhghnóthais. Bhreithníomar, dá bhrí sin, gur riosca meánach a bhí sa riosca a bhí ag gabháil le beachtas na gcuntas do na Comhghnóthais sin, agus gur riosca íseal a bhí ann do F4E agus do CA.

### Bhí an riosca do dhlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim íseal tríd is tríd

**1.35.** De bhrí go raibh ioncam na gComhghnóthas in 2022 comhdhéanta go príomha de ranníocaíochtaí airgeadais as cistí taighde an Choimisiúin (Fís Eorpach agus Fís 2020) agus as buiséad Euratom, bhí an riosca do dhlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim íseal do na Comhghnóthais go léir.

### Bhí an riosca do dhlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais riaracháin íseal tríd is tríd, ach amháin i gcás earcaíochtaí

**1.36.** Is íocaíochtaí de réir gnáthaimh atá go príomha in íocaíochtaí tuarastail agus riaracháin. Thairis sin, is í an Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla sa Choimisiún a riarann na tuarastail, agus déanaimid iniúchadh ar an Oifig sin faoi chuimsiú measúnuithe sonracha ar chaiteachas riaracháin. Ní bhfuaireamar aon earráidí ábhartha i ndáil le caiteachas foirne le blianta beaga anuas. Bhí an riosca do dhlíthiúlacht agus rialtacht na nósanna imeachta earcaíochta íseal tríd is tríd, ach d’ardaigh an riosca sin go dtí riosca meánach i gcás EuroHPC agus KDT, a raibh orthu líon mór foirne a earcú go tapa chun a réimsí freagrachtaí agus gníomhaíochtaí méadaithe faoi CAI 2021-2027 a chur chun feidhme.

### Bhí an riosca do dhlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais oibríochtúil ag leibhéal meánach tríd is tríd

**1.37.** Ar an mbonn go mbíonn dearbhuithe costas na dtairbhithe casta tríd is tríd, agus ar an mbonn gur léirigh iniúchtaí a rinneamar roimhe seo go raibh laigí in iniúchtaí *ex post* CAS agus i ndeimhnithe na ráiteas airgeadais ar íocaíochtaí deontais deiridh, is é a mheasúnaímid ná gur riosca meánach é an riosca a ghabhann le híocaíochtaí deontais eatramhacha agus deiridh na gComhghnóthas.

**1.38.** I gcás F4E agus EuroHPC, is é a mheasúnaímid ná gur riosca meánach atá sa riosca a ghabhann lena gcaiteachas oibríochtúil i dtaca le conarthaí mar gheall ar nósanna imeachta soláthair phoiblí atá casta a bheith ann le haghaidh conarthaí ardluacha.

## Bhí an riosca do bhainistiú an bhuiséid íseal go meánach

**1.39.** Rinneadh an riosca a ghabhann le bainistiú buiséadach a aicmiú mar riosca meánach do EuroHPC mar gheall ar laigí a chonacthas i bpróiseas pleanála agus faireacháin an bhuiséid agus mar gheall ar chomh casta agus chomh fada atá an próiseas éadála le haghaidh sár-ríomhairí. Rinneadh an riosca sin a mheasúnú mar riosca meánach freisin do F4E, mar gheall ar rioscaí nua atá ag éirí as tuilleadh moille agus arduithe costais i dtionscadal ITER a bhaineann leis na nithe seo a leanas: an bhonnlíne nua atá beartaithe; fadhbanna seachadta mar gheall ar smachtbhannaí ar an Rúis; agus an mhoill atá ar Údarás Sábháilteachta Núicléiche na Fraince na hathruithe deartha atá ag tarlú le linn an phróisis chóimeála a fhormheas.

## Bhí an riosca do chur chun feidhme na gclár íseal go meánach

**1.40.** Rinneadh an riosca do chur chun feidhme na gclár a mheasúnú mar riosca meánach do EuroHPC agus CBE mar gheall ar an riosca ard atá ann nach mbainfidh siad amach na spriocanna íosta le haghaidh ranníocaíochtaí óna gcomhaltaí príobháideacha faoi dheireadh chlár Fís 2020. I gcás na gComhghnóthas eile go léir, rinneamar an riosca a mheasúnú mar riosca íseal.

## Tuairiscímid cásanna amhrasta calaoise chuig comhlachtaí ábhartha an Aontais

**1.41.** Oibrímid i gcomhar leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) maidir le hábhair a bhaineann le cásanna amhrasta calaoise nó gníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) maidir le hábhair a bhaineann le cásanna amhrasta de choireanna in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais. Tugaimid fógra do OLAF nó OIPE maidir le haon amhras a thagann chun cinn i rith ár gcuid oibre iniúchóireachta, cé nach bhfuil ár n-iniúchtaí deartha go sonrach chun calaois a shainaithint. Do bhliain airgeadais 2022, níor chuireamar cás ar bith ar aghaidh chuig OLAF/OIPE.

## Ár gcur chuige iniúchóireachta i gcás íocaíochtaí deontais

**1.42.** I gcás íocaíochtaí deontais atá déanta ag na hocht gComhghnóthas a bhíonn ag cur tionscadail taighde agus nuálaíochta chun feidhme, chuireamar iniúchadh mionsonraithe ag na tairbhithe (tástáil shubstainteach dhíreach) ar shampla de 32 idirbheart íocaíochta deontais mar fhorlíonadh leis an dearbhú a bhí á lorg as iniúchtaí *ex post* CAS. Roghnaíodh na hidirbhearta sin go randamach (sampla bunaithe ar aonaid airgeadaíochta) as pobal de gach íocaíocht deontais eatramhach agus deiridh a rinne na Comhghnóthais sin in 2022.

**1.43.** I gcás gach aon Chomhghnóthais, tá ár dtuairim ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí deontais bunúsacha bunaithe ar mheasúnuithe ar leithligh ar na gnéithe seo a leanas:

(a) ráta earráidí iarmharacha an Chomhghnóthais bunaithe ar thorthaí iniúchóireachta *ex post* CAS ar a chuid íocaíochtaí deontais, lena n-áirítear measúnú ar cé chomh ceart agus iomlán atá na ríomhanna don ráta earráide ionadaíoch agus don ráta earráidí iarmharacha;

(b) an ráta earráide coiteann bunaithe ar thorthaí ár dtástála substaintí ar íocaíochtaí deontais; agus

(c) na fionnachtana a bhain le hidirbhearta Comhghnóthais ar leith laistigh dár dtástáil shubstainteach.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Caibidil 2

## Forléargas ar na torthaí iniúchóireachta

# Réamhrá

**2.1.** Sa chaibidil seo, tugtar forléargas ar na torthaí ónár n-iniúchtaí bliantúla ar na Comhghnóthais do bhliain airgeadais 2022, lena n-áirítear ár n-anailís ar an gcóras rialaithe rioscabhunaithe atá ag na Comhghnóthais a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme deontas, mar aon leis na torthaí ó obair iniúchóireachta eile ar fud na gComhghnóthas a rinneamar i rith na bliana céanna. Bunaithe ar ár gcuid oibre iniúchóireachta, molaimid go ndéanfaidh na Comhghnóthais gníomhaíochtaí éagsúla.

# Tuairimí iniúchóireachta ‘glana’ do na Comhghnóthais go léir

## Tuairimí ‘glana’ maidir le beachtas na gcuntas do na Comhghnóthais go léir

**2.2.** D’eisíomar tuairimí iniúchóireachta fabhracha (‘glan’) i dtaobh chuntais bhliantúla na gComhghnóthas go léir. Inár dtuairim, tugann na cuntais sin léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staideanna airgeadais na gComhghnóthas amhail an 31 Nollaig 2022 agus ar thorthaí a gcuid oibríochtaí mar aon lena sreabha airgid don bhliain dar chríoch an dáta sin, i gcomhréir le forálacha na Rialachán Airgeadais is infheidhme agus i gcomhréir leis na rialacha cuntasaíochta atá glactha ag Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin.

### Béim ar ábhar a bhaineann le ranníocaíocht an Aontais le ITER

**2.3.** Nocht F4E ina chuntais bhliantúla do 2022 cad é a mheastachán don chostas iomlán a bhaineann lena oibleagáidí seachadta a chur i gcrích do thionscadal ITER (‘meastachán ag tráth a chríochnaithe’), agus ba é a mheasúnú ná gur €19.1 billiún (i luachanna 2022) a bhí ansin. Inár mír faoin teideal ‘Béim ar ábhar’, tarraingímid aird ar an bhfíoras go bhfuil meastachán ag tráth a chríochnaithe do 2022 fós bunaithe ar gharsprioc agus toimhdí costais 2016 agus go mbeidh athbhreithniú suntasach le déanamh air a thúisce a bheidh bonnlíne agus ceanglais nua thionscadal ITER formheasta ag Comhairle ITER.

**2.4.** Is comhalta de ITER-IO í an Rúis, a bhfuil sé d’oibleagáid uirthi roinnt comhpháirteanna le haghaidh tionscadal ITER a sheachadadh chuig suíomh cóimeála ITER sa Fhrainc (Cadarache) agus ranníocaíochtaí bliantúla a chur ar fáil do ITER-IO. Cruthaíonn an staid sin an baol go gcuirfear moill ar thionscadal ITER agus go mbeidh na costais níos airde. Dá bhrí sin, tarraingímid aird ar phointe (d) den ‘Réamhrá’ leis na cuntais: ‘Tionchar na staide idirnáisiúnta’, a thugann tuairisc ar an tionchar a bhí ag COVID-19 agus ag an gcogadh foghach in aghaidh na hÚcráine ar oibríochtaí F4E.

### Nochtadh faisnéise ag na Comhghnóthais maidir leis an gcogadh foghach in aghaidh na hÚcráine

**2.5.** Rinne na Comhghnóthais go léir measúnú ar an tionchar a bhí ag an gcogadh foghach in aghaidh na hÚcráine ar a gcuid gníomhaíochtaí. Nocht siad ina gcuntais bhliantúla nach raibh an éifeacht airgeadais a bhí measta suntasach.

## Tuairimí 'glana' maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais do na Comhghnóthais go léir


**2.6.** I gcás na gComhghnóthas go léir, d'eisíomar tuairimí iniúchóireachta fabhracha ('glan') maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais bhliantúla don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022. Inár dtuairim, bhí na hidirbhearta dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

## Tuairimí 'glana' maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais do na Comhghnóthais go léir

**2.7.** I gcás na gComhghnóthas go léir, d'eisíomar tuairimí iniúchóireachta fabhracha ('glan') maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais bhliantúla don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022. Inár dtuairim, bhí na hidirbhearta dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**2.8.** I ***bhFíor 2.1***, tugtar forléargas ar éabhlú ár dtuairimí iniúchóireachta bliantúla i dtaobh chuntais bhliantúla, ioncam agus íocaíochtaí na gComhghnóthas ó 2020 go 2022.

### Fíor 2.1 – Éabhlú thuairimí na Cúirte Iniúchóirí ar na Comhghnóthais ó 2020 go 2022




*Foinse:* CIE.

# Tá roinnt réimsí ann nár mhiste feabhas a chur orthu

**2.9.** Gan amhras a tharraing ar ár dtuairimí, thugamar barúlacha chun aird a tharraingt ar nithe a chaithfear a fheabhsú sna réimsí seo a leanas: cur chun feidhme na gclár; acmhainní daonna, agus an córas bainistíochta agus rialaithe do na híocaíochtaí. Tugtar anseo thíos achoimre ar na barúlacha, a bhfuil cur síos mion orthu i ***gCaibidil 3***.

## Laigí sa chaoi ar chuir na Comhghnóthais cláir thaighde agus nuálaíochta chun feidhme

### Cuid shuntasach de chláir thaighde agus nuálaíochta a bhí ann roimhe seo á tabhairt chun críche faoi CAI 2021-2027

**2.10.** Agus iad ag cur gníomhaíochtaí chun feidhme faoi chláir nua taighde agus nuálaíochta (Fís Eorpach, an Eoraip Dhigiteach agus SCE 2), tá roinnt Comhghnóthas fós ag gabháil do líon suntasach tionscadal a formheasadh faoi CAInna roimhe seo. Chomh fada agus go bhfuil a saolré féin athnuaite ina dhiaidh sin faoi CAInna iartheachtacha, áfach, níl aon sprioc-amanna ann do na Comhghnóthais sin chun tionscadail a cistíodh faoi CAInna roimhe sin a chur chun feidhme.

**2.11.** Maidir le clár FP7 a bhí ar siúl faoi CAI 2007-2013, bhí tionscadail a bhain leis sin fós le críochnú ag deireadh 2022, atá 10 mbliana i ndiaidh dheireadh an chláir, agus tá €45 mhilliún (nó 5 % de luach iomlán chomhaontuithe deontais FP7) fós le híoc ag IHI i leith na dtionscadal sin.

**2.12.** Maidir le clár Fís 2020 faoi CAI 2014-2020, taispeánann ***Tábla 2.1*** – amhail ag deireadh 2022, an naoú bliain den chlár – go raibh leibhéil éagsúla i gceist, ag dul ó 38 % go dtí os cionn 100 % (lena n-áirítear IKAA, i gcás inarb ábhartha), ó thaobh cé chomh mór is a bhí na Comhghnóthais ag baint amach na spriocanna do ranníocaíocht na gcomhaltaí a bhí leagtha síos sna rialacháin bhunaidh le haghaidh gníomhaíochtaí faoi Fís 2020. I gcás EuroHPC, IHI, CBE agus KDT, dar leis na Comhghnóthais, is í an chúis go pointe áirithe a bhí leis na rátaí ísle gnóthachain ná go raibh ré fhada ag gabháil leis na tionscadail mar gheall ar nádúr an réimse taighde atá sonrach don Chomhghnóthas, scála mór na gcuibhreannas domhanda atá ag cur na dtionscadal chun feidhme (IHI), agus Stáit Rannpháirteacha a bheith páirteach sna tionscadail (EuroHPC agus KDT).

**2.13.** Bíonn foireann na gComhghnóthas ag bainistiú líon méadaitheach de thionscadail ó chláir faoi CAInna éagsúla agus atá á gcur chun feidhme ag an am céanna. D'fhéadfadh sé sin éifeachtacht rialuithe inmheánacha na gComhghnóthas, agus an chaoi a mbainistíonn siad na cistí sin, a lagú agus d'fhéadfadh sé moill a chur ar chur chun feidhme na gclár nua.

### Tábla 2.1 – CAI 2014-2020: Iomlán ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (in € milliún)

| Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh agus cinntí dlíthiúla) | | | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (amhail an 31.12.2022) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Airgead AE (a) | IKOP agus airgead ó Chomhaltaí eile (1) (b) | IKAA ó Chomhaltaí eile (2) (c) | Iomlán (d)= (a)+(b)+(c) | Comhghnóthais faoi Fís 2020 | Airgead AE (e) | IKOP bailíochtaithe agus airgead ó Chomhaltaí eile (f) | IKOP tuairiscithe (gan bhailíochtú) ó Chomhaltaí eile (g) | IKAA (h) | Iomlán (i) = (e)+(f)+(g)+(h) | Ráta gnóthachain le IKAA (j) = (i) / (d) | Ráta gnóthachain gan IKAA (k) = ((e)+(f)+(g)) / ((a)+(b)) |
| 585.0 | 790.5 | N/B | 1 375.5 | **SESAR** | 537.3 | 535.8 | 84.0 | N/B | 1 157.1 | N/B | 84 % |
| 1 755.0 | 1 228.6 | 965.3 | 3 948.9 | **CS2 – CA** | 1 682.7 | 859.8 | 139.0 | 1 223.1 | 3 904.6 | 99 % | 90 % |
| 1 638.0 | 1 638.0 | N/B | 3 276.0 | **IMI2 – IHI** | 991.7 | 890.3 | 224.0 | N/B | 2 106.0 | N/B | 64 % |
| 665.0 | 95.0 | 285.0 | 1 045.0 | **FCH2 – Clean H2** | 573.1 | 66.5 | 47.3 | 1 039.0 | 1 725.9 | 165 % | 90 % |
| 1 185.0 | 2 827.5 | N/B | 4 012.5 | **ECSEL – KDT** | 1 158.6 | 926.1 | 1 172.5 | N/B | 3 257.2 | N/B | 81 % |
| 835.0 | 475.3 | 2 235.5 | 3 545.8 | **BBI – CBE (4)** | 770.3 | 88.4 | 67.6 | 1 797.9 | 2 724.2 | 77 % | 71 % |
| 398.0 | 350.0 | 120.0 | 868.0 | **S2R – EU-RAIL** | 383.8 | 264.9 | 67.5 | 244.0 | 960.2 | 111 % | 96 % |
| 536.0 | 908.0 | N/B | 1 444.0 | **EuroHPC (3)** | 377.0 | 124.8 | 49.0 | N/B | 550.8 | N/B | 38 % |
| **7 597.0** | **8 312.9** | **3 605.7** | **19 515.6** | **Iomlán** | **6 474.5** | **3 756.6** | **1 850.9** | **4 304.0** | **16 386.0** | **84 %** | **76 %** |

(1) Áirítear IKOP agus ranníocaíochtaí airgid ó Stáit Rannpháirteacha (KDT, EuroHPC) agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta (SESAR).
(2) Ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí breise lasmuigh de phlean oibre an Chomhghnóthais.
(3) I gcás EuroHPC, áiríonn ranníocaíocht AE €100 milliún ó chlár SCE.
(4) Tá na spriocanna do ranníocaíochtaí airgid AE agus na gcomhaltaí príobháideacha laghdaithe €140 milliún.
Tá na spriocanna do ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí príobháideacha leagtha síos i gcláir oibre bhliantúla na gComhghnóthas.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí na gComhghnóthas.

### Gníomhaíocht 1

Ba cheart do EuroHPC, IHI, CBE agus KDT plean gníomhaíochta, lena ngabhann sceideal ama, a bhunú chun cur chun feidhme na dtionscadal a formheasadh faoi CAInna roimhe seo a thabhairt chun críche.

## Tá dhá Chomhghnóthas ann nach mbeidh a sprioc do ranníocaíochtaí na gcomhaltaí príobháideacha bainte amach acu ag deireadh thréimhse chur chun feidhme chlár Fís 2020

**2.14.** I gcás chlár Fís 2020, tá sé socraithe i rialacháin bhunaidh na gComhghnóthas cad í an sprioc ranníocaíochta in aghaidh na ballchatagóire (an tAontas Eorpach, comhaltaí príobháideacha, Stáit Rannpháirteacha, eagraíochtaí idirnáisiúnta) atá le cur ar fáil faoin gclár le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta atá sonrach don Chomhghnóthas (féach *Tábla 2.2*).

**2.15.** Maidir le CBE, rinne an Comhghnóthas thart ar €8.2 milliún de thionscadail sínithe a chur ar ceal in 2022 mar gheall go ndearnadh tionscadal suaithinseach faoi Fís 2020 a fhoirceannadh gan choinne agus mar gheall go ndearnadh roinnt tionscadal eile a chur ar fionraí. De bhrí go raibh gach ceann de ghlaonna Fís 2020 dúnta ag deireadh 2020, tá IKOP na

gcomhaltaí príobháideacha do CBE teoranta anois do leibhéal reatha ghealltanais dhlíthiúla na gcomhaltaí príobháideacha. Amhail ag deireadh 2022, b'ionann é sin agus 54 % den sprioc tháscach a bhí leagtha síos i gcláir oibre bhliantúla an Chomhghnóthais. Cé go mb'fhéidir go mbeidh an Comhghnóthas in ann an sprioc fhoriomlán a bhaint amach i gcás ranníocaíochtaí comhchineáil (IKOP agus IKAA) na gcomhaltaí príobháideacha, ní bhainfidh sé amach sprioc tháscach na gcomhaltaí príobháideacha i gcás IKOP.

**2.16.** Maidir le EuroHPC, amhail ag deireadh 2022, bhí €11 mhilliún (nó 2.6 %) de ranníocaíochtaí comhchineáil tugtha ag na comhaltaí príobháideacha le haghaidh tionscadail Fís 2020, figiúr atá go mór faoi bhun na sprice íosta de €420 milliún ó na comhaltaí príobháideacha a bhí le baint amach faoi dheireadh chlár Fís 2020. Fuaireamar go bhfuil socruithe maoinithe reatha an Chomhghnóthais do ghníomhaíochtaí deontais faoi Fís 2020 leagtha amach sa chaoi nach ligeann sé do chomhaltaí príobháideacha ranníocaíochtaí comhchineáil a dhéanamh ach amháin le haghaidh cineál amháin tionscadail (i.e. tionscadail nuálaíochta a bhfuil uasteorainn de 30 % de chostais an tionscadail ag gabháil leo). Dá thoradh sin, ní raibh socruithe maoinithe an Chomhghnóthais in ann ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí príobháideacha a ghiaráil ag leibhéal na sprice a bhí socraithe i rialachán bunaidh an Chomhghnóthais do chlár Fís 2020. Faoi chláir CAI 2021-2027, mhéadaigh an sprioc íosta de ranníocaíochtaí na gcomhaltaí príobháideacha go dtí €900 milliún. De bhrí go bhfuil socruithe maoinithe an Chomhghnóthais fanta mar a chéile, áfach, tá riosca ard ann nach mbainfidh an Comhghnóthas amach an sprioc ranníocaíochta ó na comhaltaí príobháideacha faoi mar atá socraithe ina rialachán bunaidh nua.

**2.17.** I gcás CBE agus EuroHPC, tá an laghdú suntasach i ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí príobháideacha lena ngníomhaíochtaí oibríochtúla ag cruthú riosca do bhaint amach fhoriomlán na gcodanna de na cláir thaighde agus nuálaíochta atá acu faoi Fís 2020.

**Gníomhaíocht 2**

Ionas go bhféadfar na spriocanna do ranníocaíocht na gcomhaltaí príobháideacha le haghaidh CAI 2021-2027 a bhaint amach, ba cheart do CBE agus EuroHPC, bunaithe ar phlean cur chun feidhme straitéiseach do na cláir, faireachán a dhéanamh ar rannchuidiú aonair na gcomhaltaí príobháideacha leis na rudaí a bhaintear amach ar bhonn bliantúil.

### Níl leordhóthain faisnéise ann faoi ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir

**2.18.** Tá difríochtaí suntasacha i gcuntais na gComhghnóthas sna méideanna de ranníocaíochtaí in aghaidh na ballchatagóire (an tAontas Eorpach, comhaltaí príobháideacha, Stáit Rannpháirteacha) a dhéantar le cláir thaighde na gComhghnóthas (féach ***Tábla 2.1***). Sin mar gheall go ndéantar ranníocaíochtaí airgid ón Aontas a bhailíochtú agus a aithint nuair a íoctar leis an gComhghnóthas iad ag tús cur chun feidhme tionscadail. Maidir le

ranníocaíochtaí comhchineáil agus airgid na gcomhaltaí eile (comhaltaí príobháideacha, Stáit Rannpháirteacha), áfach, ní aithnítear iad sin sna cuntais go dtí i ndiaidh bhailíochtú na gcostas atá tabhaithe agus dearbhaithe do na tionscadail atá curtha chun feidhme. Measaimid nár tugadh aghaidh ar bhealach sách maith i gcuntais bhliantúla fhormhór na gComhghnóthas do 2022 ar an mbearna idir méid na ranníocaíochtaí airgid ón Aontas a bhí aitheanta, ar lámh amháin, agus méid na ranníocaíochtaí comhchineáil agus airgid ó chomhaltaí eile, ar an lámh eile, sa mhéid nár tugadh faisnéis faoi ghealltanais dhlíthiúla chomhaltaí na gComhghnóthas ag deireadh na bliana (féach ***Tábla 2.2***).

**2.19.** I ***dTábla 2.2***, taispeántar gealltanais dhlíthiúla chomhaltaí na gComhghnóthas de réir luach na gcomhaontuithe deontais nó na gconarthaí faoi Fís 2020 atá sínithe. I gcás fhormhór na gComhghnóthas, bhí ranníocaíochtaí comhchineáil geallta ag na comhaltaí príobháideacha a bhí comhionann le nó níos mó ná ranníocaíochtaí an Aontais ag deireadh chur chun feidhme an chláir. I gcás CBE agus EuroHPC, áfach, níor chuir na comhaontuithe deontais a síníodh de cheangal ar chomhaltaí príobháideacha gealltanais chomhchineáil a sholáthar ar leibhéal ranníocaíochtaí airgid an Aontais, ná níor áirithigh siad go mbeadh an sprioc íosta don ranníocaíocht bainte amach ag na comhaltaí príobháideacha ag deireadh chur chun feidhme an chláir (féach freisin míreanna ***2.15*** go ***2.17***).

## Tábla 2.2 – CAI 2014-2020: Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí atá geallta le haghaidh costais oibríochtúla (in € milliún)

| Ranníocaíochtaí na gComhaltaí le costais oibríochtúla (Rialachán Bunaidh agus cinntí dlíthiúla) | | | | Comhaontuithe deontais agus conarthaí atá sínithe (amhail an 31.12.2022) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Airgead uasta AE | IKOP agus airgead íosta ó Chomhaltaí eile (1) | Iomlán | Comhghnóthais faoi Fís 2020 | Cómhaoiniú AE geallta | % | IKOP agus airgead ó Chomhaltaí eile (1) | % | Iomlán | Ráta cur chun feidhme na gclár |
| 555.8 | 747.0 | 1 302.8 | **SESAR** | 555.8 | 100 % | 744.5 | 100 % | 1 300.3 | 100 % |
| 1 716.0 | 1 189.6 | 2 905.6 | **CS2 – CA** | 1 716.0 | 100 % | 968.3 | 81 % | 2 684.3 | 92 % |
| 1 595.4 | 1 595.4 | 3 190.8 | **IMI2 – IHI** | 1 452.1 | 91 % | 1 499.4 | 94 % | 2 951.5 | 93 % |
| 646.0 | 76.0 | 722.0 | **FCH2 – Clean H2** | 646.0 | 100 % | 190.5 | 251 % | 836.5 | 116 % |
| 1 169.7 | 2 787.5 | 3 957.2 | **ECSEL – KDT** | 1 169.7 | 100 % | 2 685.2 | 96 % | 3 854.9 | 97 % |
| 815.8 | 475.3 | 1 291.1 | **BBI – CBE (2)** | 815.8 | 100 % | 258.4 | 54 % | 1 074.2 | 83 % |
| 384.5 | 336.5 | 721.0 | **S2R – EU-RAIL** | 384.5 | 100 % | 320.7 | 95 % | 705.2 | 98 % |
| 526.0 | 896.0 | 1 422.0 | **EuroHPC (3)** | 525.6 | 100 % | 458.3 | 51 % | 983.9 | 69 % |
| **7 409.2** | **8 103.3** | **15 512.5** | **Iomlán** | **7 265.5** | **98 %** | **7 125.3** | **88 %** | **14 390.8** | **93 %** |

(1) Áirítear IKOP agus ranníocaíochtaí airgid ó Stáit Rannpháirteacha (KDT, EuroHPC) agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta (SESAR).

(2) Spriocanna ranníocaíochta IKOP faoi mar atá comhaontaithe i bpleananna oibre bliantúla na gComhghnóthas, móide ranníocaíochtaí airgid laghdaithe le haghaidh oibríochtaí.

(3) Is iad na Stáit Rannpháirteacha a mhaoiníonn an chuid nach bhfuil clúdaithe ag an Aontas; déanann comhaltaí príobháideacha ranníocaíocht sa bhreis ar na costais uasta incháilithe do na gníomhaíochtaí deontais.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí na gComhghnóthas.

**Gníomhaíocht 3**

Chun trédhearcacht a mhéadú, ba cheart do na Comhghnóthais go léir faisnéis ábhartha maidir le ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir a nochtadh ina gcuntais bhliantúla. Le haghaidh gach clár a bhfuil siad ag oibriú fúthu, ba cheart do na Comhghnóthais gach faisnéis ábhartha, lena n-áirítear na spriocanna dlíthiúla do na ranníocaíochtaí atá socraithe don chlár ar leith, méid na ranníocaíochtaí atá faighte agus méid na ngealltanas dlíthiúil, a chur i láthair in aghaidh na ballchatagóire suas go dtí deireadh na bliana.

### Bhí ráta cur chun feidhme na gComhghnóthas dá mbuiséad oibríochtúil do 2022 go suntasach níos ísle ná mar a bhí i mblianta roimhe sin

**2.20.** Tá an phríomhchuid de bhuiséad caiteachais na gComhghnóthas comhdhéanta d'íocaíochtaí deontais le tairbhithe (buiséad oibríochtúil). I gcás SESAR, CA, Clean H2, KDT, CBE agus EU-Rail, tharla an laghdú i ráta cur chun feidhme a mbuiséid oibríochtúil mar gheall ar ardú ar chostais agus fadhbanna seachadta a bhí ann do na tairbhithe ag éirí as géarchéim COVID-19 agus as an gcogadh foghach in aghaidh na hÚcráine. I gcás EuroHPC, tharla an ráta íseal cur chun feidhme (24 %) go príomha mar gheall ar mhoilleanna a bhí ag éirí as an bpróiseas fada éadála le haghaidh sár-ríomhairí. Dá bhrí sin, d'fhadaigh na Comhghnóthais sin an ré d'fhormhór ghníomhaíochtaí Fís 2020 a bhí fós ar siúl, agus chuir siad na híocaíochtaí deiridh siar go dtí 2023 nó níos déanaí.

**2.21.** I gcás F4E, tharla an ráta íseal cur chun feidhme le haghaidh gealltanas (72 %) mar gheall ar mhoill ina ghníomhaíochtaí oibríochtúla agus i ngníomhaíochtaí oibríochtúla ITER-IO, ag éirí go príomha as an tionchar a bhí ag géarchéim COVID-19, ag an gcogadh foghach in aghaidh na hÚcráine, agus fadhbanna deartha teicniúla a bhí ann le déanaí agus a bhain le céim chóimeála reatha thionscadal ITER.

## Is mó an claonadh chun earráidí i gcostais phearsanra atá i gceist le FBManna agus tairbhithe nua

**2.22.** Mar a bhí i mblianta roimhe seo, dheimhnigh ár n-iniúchtaí do 2022 ar íocaíochtaí deontais ar leibhéal na dtairbhithe go raibh earráidí sistéamacha ann, a bhain go príomha le costais phearsanra agus trealaimh. Mhéadaigh an riosca earráide mar gheall go bhfuil an mhodheolaíocht chun costais phearsanra a ríomh éirithe níos casta ar bhealaí áirithe faoi Fís 2020 (mar shampla, an modh chun luach saothair breise a ríomh). I gcás íocaíochtaí deontais 2022 a ndearnadh iniúchóireacht orthu, is iad seo a leanas na príomhfhoinsí earráide a fuaireamar:

- ríomh mícheart ar na rátaí de réir na huaire agus úsáid mhícheart as sonraí costais pleanáilte le haghaidh rátaí costais de réir an aonaid;

- uaireanta oibre a rinneadh lasmuigh den tréimhse tuairiscithe nó le linn tréimhsí saoire curtha san áireamh;
- luach saothair breise a bhí níos airde ná an tairseach bhliantúil de €8 000 a bheith dearbhaithe;
- costais do sheirbhís foirne a bheith dearbhaithe go mícheart mar chostais phearsanra dhíreacha; agus
- costais trealaimh atá neamh-incháilithe a bheith dearbhaithe.

## Ní bheidh EuroHPC in ann a chuspóir earcaíochta a bhaint amach

**2.23.** Bhí an leibhéal foirne do EuroHPC faoi CAI 2021-2027 leagtha amach sna ráitis airgeadais dhlíthiúla atá sa togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán bunaidh nua[12]. Chun thart ar €7 mbilliún de chistí faoi CAI 2021-2027 a chur chun feidhme, fuair EuroHPC 39 bpost bhreise ar an bhfoireann agus bhí daoine le hearcú sna poist sin faoi 2023. Bhí ochtar earcaithe ar an bhfoireann ag an gComhghnóthas faoi dheireadh 2022, agus bhí 20 duine eile earcaithe aige faoi lár 2023. Dá thoradh sin, níor bhain an Comhghnóthas a sprioc earcaíochta amach, agus tá sé fós chun deiridh ó thaobh chomhlíonadh a chuspóra earcaíochta go mbeadh 39 nduine nua earcaithe ar an bhfoireann faoi dheireadh 2023.

## Tá staid na bainistíochta sinsearaí in F4E fanta éagobhsaí

**2.24.** Amhail ag deireadh 2022, bhí staid bainistíochta sinsearaí aF4E i riocht shuntasach aistrithe. D'imigh an stiúrthóir i Meitheamh 2022 agus rinneadh ceannasaí na Roinne um Chur Chuige Níos Leithne a cheapadh mar Ard-Stiúrthóir ITER-IO i Meán Fómhair 2022, agus d'fhág an méid sin gur tharla athruithe pearsanra i gceithre cinn de na seacht bpost atá i mbainistíocht shinsearach an Chomhghnóthais. Cruthaíonn an staid sin riosca do bhainistíocht fhónta agus leanúnachas F4E, ag tráth a mbeidh ar dhaoine le taithí den fhoireann bainistíochta sinsearaí bonnlínte nua ITER a chur chun feidhme a mbeidh tionchar suntasach acu sin ar ghníomhaíochtaí F4E.

## Tá laigí i mbainistiú conarthaí F4E

**2.25.** Tá conarthaí casta ilbhliantúla a tugtha i gcrích ag F4E ar mhaithe lena chuid oibleagáidí seachadta do thionscadal ITER a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, tá tábhacht an-mhór don Chomhghnóthas ag baint le bainistiú láidir conarthaí. In 2013, shínigh F4E conradh

---

[12] COM(2020) 569 final.

de luach €500 milliún le haghaidh foirgnimh núicléacha agus neamhnúicléacha ITER a dhearadh, a fheistiú agus a shuiteáil. I mí na Nollag 2020, agus iad ag freagairt d'imní agus do mhíshástacht le dul chun cinn agus éifeachtúlacht an chonraitheora ó thaobh oibreacha a bhí fós le déanamh ar na foirgnimh neamhnúicléacha, rinne F4E agus ITER-IO measúnú – le cúnamh ó shaineolaithe seachtracha dlí – ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag straitéisí soláthair eile a úsáid, amhail na seirbhísí trealaimh a chur amach ar tairiscint arís nó an chuid eile den obair a aistriú go dtí conraitheoirí eile. I mí Feabhra 2021, chuir an conraitheoir éileamh costais le luach iomlán de €150 milliún isteach le haghaidh seirbhísí deartha agus trealaimh sa réimse núicléach, agus i Meán Fómhair 2021 chuir sé éileamh costais eile de luach €30 milliún isteach don chuid eile den obair ar na foirgnimh neamhnúicléacha. Bunaithe ar anailís riosca agus aiseolas na saineolaithe dlí, rinne stiúrthóir an Chomhghnóthais socraíocht de luach €75 mhilliún leis an gconraitheoir ar an gcéad éileamh costais, agus air sin amháin, agus d'oscail an conraitheoir díospóid faoin dara héileamh costais nach raibh socraíocht déanta ina leith.

**2.26.** Léirigh ár n-anailís ar an doiciméadacht do chur chun feidhme an chonartha go raibh laigí sa chaoi ar bhainistigh an Comhghnóthas an conradh sin. Go sonrach, d'fhág éagumas an Chomhghnóthais ó thaobh fógra a thabhairt faoi neamhchomhlíonadh ábharthach i sceideal an chonraitheora go raibh léirthuiscintí éagsúla agus easaontas i measc na bpáirtithe a mhéid a bhain le scóip na hoibre, tráthchláir agus ceanglais an tionscadail. Thairis sin, tháinig na saineolaithe dlí ar an gconclúid – mar gheall ar gcaoi a raibh clásail áirithe den chonradh scríofa – nach bhféadfadh an Comhghnóthas an conradh a fhoirceannadh d'fhonn an obair a bhí dí-scóipeáilte a dhéanamh é féin nó socrú a dhéanamh le go ndéanfadh conraitheoirí eile an obair. Ós rud é nach raibh taifid tionscadail ag F4E, ní raibh an Comhghnóthas in ann dliteanais an chonraitheora a shuíomh go soiléir. Rinne na laigí sin difear mór do bhaint amach chuspóirí an chonartha agus – mura dtugtar aghaidh orthu – d'fhéadfaidís difear a dhéanamh freisin do ghníomhaíochtaí oibríochtúla eile F4E, nuair a smaoinítear ar na leasuithe suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i gconarthaí casta atá fós i bhfeidhm faoi láthair mar gheall ar uasdátú na bonnlíne do thionscadal ITER.

# Den chuid is mó, tá obair leantach déanta ag na Comhghnóthais ar ár mbarúlacha ó bhlianta roimhe seo

**2.27.** I bhformhór na gcásanna, tá gníomh ceartaitheach déanta ag na Comhghnóthais mar fhreagairt ar na barúlacha inár dtuarascálacha bliantúla sonracha ó bhlianta roimhe seo, a bhfuil mionsonraí ina dtaobh sin le fáil sna hiarscríbhinní a ghabhann le Caibidil 3.

**2.28.** I ***mBosca 2.1***, mínítear na cineálacha éagsúla stádais den obair leantach dá dtagraítear sa tuarascáil seo agus tugtar samplaí ann de chásanna tipiciúla lena mbaineann siad.

### Bosca 2.1

### Mínithe ar stádas na hoibre leantaí a úsáidtear sa tuarascáil seo

**Dúnta:** Tá fianaise ann go ndearna an Comhghnóthas nó eintiteas eile gníomhaíocht cheartaitheach chun déileáil leis an mbarúil, nó níl an bharúil infheidhme a thuilleadh. Mar shampla, tá an conradh ba chúis leis an mbarúil imithe in éag nó, mar gheall go bhfuil athrú tagtha ar chúinsí, is mó an costas a bhainfeadh leis an gceist a réiteach ná mar a bheadh de thairbhe ag éirí as.

**Oscailte:** Ní dhearnadh aon ghníomhaíocht cheartaitheach chun déileáil leis an mbarúil nó tá fianaise éigin ann go ndearnadh gníomhaíocht cheartaitheach, ach níl an próiseas críochnaithe fós.

**2.29.** I ***bhFíor 2.2***, taispeántar i gcás na 28 mbarúil nach raibh réitithe go leordhóthanach ag deireadh 2021 go raibh 13 bharúil díobh sin (46 %) dúnta in 2022 mar go ndearna na Comhghnóthais gníomhaíochtaí ceartaitheacha. Bhí 15 bharúil (54 %) fós oscailte ag deireadh 2022.

## Fíor 2.2 – Iarrachtaí na gComhghnóthas obair leantach a dhéanamh ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo




*Nóta:* I gcás SESAR, IHI agus Clean H2, bhí na barúlacha go léir ó bhlianta roimhe sin dúnta mar gheall ar ghníomhaíochtaí ceartaitheacha na gComhghnóthas a rinneadh le linn 2022.

*Foinse:* CIE.

# Níl an creat rialaithe rioscabhunaithe atá ag na Comhghnóthais a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme deontas forbartha go leordhóthanach fós

## Modheolaíocht dár n-athbhreithniú cothrománach

**2.30.** In 2022, rinneamar anailís ar an gcreat rialaithe rioscabhunaithe atá sa phróiseas bainistithe deontas do na Comhghnóthais atá ag oibriú faoi chláir Fís 2020 agus Fís Eorpach. Inár n-anailís, clúdaíodh an cur chun feidhme a rinneadh ar straitéisí rialaithe *ex ante* agus *ex post* an Choimisiúin le haghaidh Fís 2020 agus Fís Eorpach. Bhaineamar úsáid as na torthaí chun teacht ar chonclúidí faoi laigí reatha agus rioscaí gaolmhara ba cheart do na Comhghnóthais a bhreithniú nuair a bhíonn an próiseas rialaithe inmheánaigh á oiriúnú acu do thionscadail deontais faoi chlár Fís Eorpach.

**2.31.** Bhunaíomar ár n-anailís ar thuarascálacha sonraí ó chóras ríomhdheontais an Choimisiúin (ar a dtugtar COMPASS), ar thuarascálacha na Seirbhíse um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) sa Choimisiún maidir le próiseas cur chun feidhme na ndeontas faoi Fís 2020 do gach Comhghnóthas ar leith (lena n-áirítear an obair leantach ar na moltaí ábhartha a rinne IAS), agus ar dhoiciméid treoraíochta inmheánacha na gComhghnóthas do na hoifigigh tionscadal agus do na hoifigigh airgeadais. Mar chomhlánú air sin, chuireamar agallaimh ar dhaoine den fhoireann a bhfuil lámh acu i bhfaireachán oibríochtúil agus airgeadais na dtionscadal agus i rialú inmheánach sna Comhghnóthais, chomh maith le hanailís a dhéanamh ar dhoiciméid bhreise a chuir na Comhghnóthais ar fáil dúinn.

## Ní raibh cur chuige struchtúrach rioscabhunaithe ag leath na gComhghnóthas i leith rialuithe *ex ante* le haghaidh deontais 2020

**2.32.** De réir Airteagal 21 de rialacha airgeadais na gComhghnóthas, tá rialuithe *ex ante* ann d'fhonn earráidí agus neamhrialtachtaí a chosc sula ndéanfar na hoibríochtaí a údarú, agus d'fhonn an riosca nach mbainfear cuspóirí amach a laghdú. Déanfar rialú *ex ante* ar a laghad ar gach oibríocht, ar rialú é sin a bhaineann le gnéithe oibríochtúla agus airgeadais na hoibríochta, agus déanfar é ar bhonn straitéis rialaithe ilbhliantúil a chuireann an riosca san áireamh. Is ar an oifigeach údarúcháin a bheidh an fhreagracht as méid na rialuithe *ex ante*, ó

thaobh minicíochta agus déine de, a chinneadh agus aird á tabhairt ar thorthaí rialuithe a rinneadh roimhe sin mar aon le breithnithe rioscabhunaithe agus cost-éifeachtachta, ar bhonn anailís an oifigigh údarúcháin féin ar an riosca. I gcás ina dtiocfaidh údar amhrais chun solais, déanfaidh an t-oifigeach údarúcháin atá freagrach as na hoibríochtaí ábhartha a bhailíochtú, mar chuid de na rialuithe *ex ante*, faisnéis chomhlántach a lorg nó déanfaidh an t-oifigeach sin seiceálacha ar an bhfód d'fhonn dearbhú réasúnta a fháil.

**2.33.** In 2018, rinne an Comhionad Cur Chun Feidhme (CIC) in Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta (AS RTD) treoraíocht maidir le rialuithe ex ante ar Fís 2020 a leagan síos. Is iad seo a leanas na príomhphrionsabail: (i) caithfidh na rialuithe dearbhú réasúnach ar dhlíthiúlacht agus rialtacht a sholáthar, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil ag an am; (ii) caithfidh na rialuithe an chóimheá cheart a aimsiú idir an t-ualach riaracháin agus rialú airgeadais éifeachtach a dhéanamh; (iii) caithfidh na rialuithe a bheith rioscabhunaithe agus cost-éifeachtúil; agus (iv) ba cheart déileáil go comhionann leis na tairbhithe.

**2.34.** De réir na treoraíochta sin, ba cheart go n-úsáidfeadh na Comhghnóthais 'teaglaim de thacar rialuithe caighdeánacha réamhshainithe, atá simplí agus neamhchasta, le seiceálacha breise nach ndéanfar ach amháin ar bhonn eisceachtúil agus bunaithe ar anailís riosca'. Mar chomhlánú ar na rialuithe caighdeánacha, ba cheart go mbeadh rialuithe rioscabhunaithe ann a bhféadfaidís sin a bheith ina n-údar maith le tuilleadh faisnéise agus fianaise i dtaobh saincheisteanna sonracha a lorg ó na tairbhithe. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh na tosca riosca leis na nithe seo a leanas, i measc nithe eile: an riosca fréimhíochta a ghabhann le cineál nó scóip an tionscadail taighde; an taithí atá ag comhordaitheoir an tionscadail; an méid ranníocaíochta ón Aontas atá i gceist; ré an tionscadail; an líon comhpháirtithe tionscadail atá i gcuibhreannas; tríú páirtithe a bheith in úsáid; comhar an chomhordaitheora le linn na céime ullmhúcháin den chomhaontú deontais; inmharthanacht airgeadais na dtairbhithe; cásanna ina n-úsáidtear an Córas Luathbhraite agus Eisiaimh; torthaí ó rialuithe *ex post*; cásanna de chalaois amhrasta agus cásanna atá curtha faoi bhráid OLAF; stádas nuatheachtaí nó FBM; agus íoc an iarmhéid.

**2.35.** Tá modúl bainistithe riosca in COMPASS a chuireann tacaíocht ar fáil do rialuithe rioscabhunaithe, agus tugann an modúl sin forléargas ar chuid de na tosca riosca a bhaineann leis an tionscadal agus a chuid tairbhithe – amhail an Córas Luathbhraite agus Eisiaimh, torthaí iniúchóireachta *ex post*, an líon rannpháirtithe i Fís 2020 agus stádas FBM. Is féidir tosca riosca breise a bhaineann leis an tionscadal a fháil díreach as COMPASS (mar shampla, ré an tionscadail, an ranníocaíocht ón Aontas agus an líon comhpháirtithe tionscadail atá sa chuibhreannas).

**2.36.** Tá nóta treoraíochta forbartha freisin ag CIC dar teideal 'Ceanglais agus prionsabail bhonnlíne don straitéis chomónta um fhaireachán ar thionscadail'. Sa nóta sin, leagtar síos príomhphrionsabail chun a áirithiú go ndéanann comhlachtaí cur chun feidhme (amhail Comhghnóthais) leibhéal a bhfaireacháin ar thionscadail a oiriúnú bunaithe ar mhodheolaíocht fónta le haghaidh measúnú riosca ar thionscadail. Go sonrach, cuireann an nóta béim ar an

bhfíoras go bhfuil roinnt tosca coiteanna ann, ar nós mhéid na ranníocaíochta ón Aontas agus an líon rannpháirtithe nó ré an tionscadail, is féidir a úsáid chun castacht tionscadail a chinneadh agus freisin cé chomh dóchúil atá sé go mbeidh fadhbanna ann. Sa bhreis air sin, ba cheart go mbeadh an measúnú ar an leibhéal faireacháin ag brath freisin ar fhorthoradh an mheasúnaithe riosca atá sonrach don tionscadal, ar rud é sin atá le déanamh ag an gcéim ullmhúcháin don chomhaontú deontais nó ag tráth ar bith i gcaitheamh chur chun feidhme an tionscadail.

**2.37.** Amhail ag deireadh 2022, ní raibh ach ceithre Chomhghnóthas (CA, Clean H2, IHI agus CBE) as na hocht gcinn a raibh cur chuige iomlán rioscabhunaithe i leith rialuithe *ex ante* forbartha agus curtha chun feidhme acu i gcomhréir le treoraíocht CIC, agus inar cuireadh san áireamh na himthosca riosca a bhaineann go sonrach leis na Comhghnóthais. Chuige sin, rinne gach aon cheann de na Comhghnóthais sin na critéir riosca ab ábhartha a shainaithint agus, bunaithe orthu sin, dhear siad cur chuige faireacháin rioscabhunaithe. Le cur chuige den sórt sin, bhí siad in ann measúnú a dhéanamh ar an leibhéal riosca do gach aon tionscadal agus tairbhí le linn na bpríomhchéimeanna de chur chun feidhme tionscadail, amhail ullmhú do chomhaontú deontais, leasú ar chomhaontú deontais, tuairisciú agus íocaíocht. Ina leith sin, rinne na Comhghnóthais sin treoirlínte inmheánacha maidir lena gcur chuige rioscabhunaithe a tharraingt suas freisin agus chuir siad oiliúint ar a bhfoireann, chomh maith le treoir a thabhairt dóibh, faoin gcaoi cheart lena úsáid agus faoi chur chun feidhme ar bhonn comhsheasmhach.

**2.38.** I gcás SESAR, bunaithe ar an athbhreithniú ar dhoiciméadacht inmheánach agus ar agallaimh le foireann an Chomhghnóthais, fuaireamar – amhail ag deireadh 2022 – gurb iad na tairbhithe a raibh iniúchóireacht *ex post* déanta orthu, agus iadsan amháin, a breithníodh i gcur chuige faireacháin an Chomhghnóthais, agus gurb iad na barrthairbhithe a bhí iontu sin den chuid is mó. Dá réir sin, bhí tairbhithe a d’fhéadfadh a bheith ina dtairbhithe rioscúla agus nach ndearnadh iniúchóireacht *ex post* riamh orthu, chomh maith le nuatheachtaithe, eisiata as an measúnú riosca. Thairis sin, ní dhearna an Comhghnóthas measúnú ar an riosca ar leibhéal an tionscadail.

### Gníomhaíocht 4

Ba cheart do SESAR feabhas a chur ar a chur chuige faireacháin riosca i leith rialuithe *ex ante* ionas go sainaithneoidh sé tairbhithe a d’fhéadfadh a bheith ina dtairbhithe rioscúla, agus nach bhfuil áirithe sa phobal faoi láthair (amhail tairbhithe nach ndearnadh iniúchóireacht *ex post* riamh orthu agus nuatheachtaithe), mar aon le tionscadail a d’fhéadfadh a bheith ina dtionscadail rioscúla.

**2.39.** Cé gur chuir KDT faireachán rioscabhunaithe chun feidhme ar thionscadail i gcomhréir le bonnlíne an Choimisiúin, chomh maith le measúnú riosca a dhéanamh ar FBManna agus nuatheachtaithe, níl aon treoirlínte inmheánacha forbartha fós aige chun na próisis a chomhdhlúthú. I gcás KDT, bhí an riosca go dtarlódh earráid in íocaíochtaí deontais maolaithe ag an bhfíoras go ndearna na Stáit Rannpháirteacha rialuithe miona *ex ante* ar

incháilitheacht na gcostas tionscadal a bhí tuairiscithe le haghaidh cómhaoiniú náisiúnta i gcás na dtairbhithe a bhí ag oibriú ina gcríoch náisiúnta féin. Bhí na Stáit Rannpháirteacha ag comhoibriú go dlúth le KDT agus chuir siad in iúl go pras dó má bhraith siad mórearráidí, neamhrialtachtaí agus féimheachtaí cláraithe. I gcodarsnacht le Comhghnóthais eile, rinneadh an tairseach 90 % le haghaidh réamh-mhaoiniú a chur i bhfeidhm ar leibhéal an tairbhí, agus b'éigean leasú a dhéanamh ar an gcomhaontú deontais má bhí aon athrú le déanamh ar an mbuiséad costais i measc chomhaltaí an chuibhreannais. Rinne KDT rialú ar chomhlíonadh na gcritéar sonrach sin lasmuigh de COMPASS, agus is seiceálacha caighdeánaithe de láimh i scarbhileoga Excel a rinne na hoifigigh tionscadal.

**2.40.** Cé go ndearna EU-Rail agus EuroHPC rialaithe rioscabhunaithe *ex ante*, ar bhonn *ad hoc*, i gcás tionscadail rioscúla, ní raibh aon chur chuige struchtúrtha rioscabhunaithe i leith rialuithe *ex ante* curtha chun feidhme fós acu faoi dheireadh 2022. Go sonrach, ní raibh a gcuid rialuithe *ex ante* ailínithe ag na Comhghnóthais sin le tosca ardriosca a bhí sainaitheanta i measúnuithe riosca spriocdhírithe. Ar deireadh, ní raibh treoraíocht phraiticiúil inmheánach forbartha acu maidir leis an gcaoi le faireachán rioscabhunaithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear treoracha faoin gcaoi ar cheart don fhoireann an modúl bainistithe riosca in COMPASS a úsáid.

**2.41.** Dá thoradh sin, níor áirithigh an dá Chomhghnóthas sin go ndearnadh measúnú iomlán agus comhchuibhithe ar a gcuid rioscaí ábhartha a bhí bainteach le tionscadal agus le tairbhí, arb éard a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sin ná go mbeadh rialuithe *ex ante* neamhéifeachtúla agus/nó neamhéifeachtacha ann a mhéadaíonn an riosca go ndéantar cómhaoiniú ar chostais neamh-incháilithe, nach mbaintear amach cuspóirí an tionscadail, go gcuirtear moill ar thionscadail nó fiú go dteipeann ar thionscadail.

### Gníomhaíocht 5

Ba cheart do EU-Rail agus EuroHPC cur chuige struchtúrtha rioscabhunaithe a chur chun feidhme i leith rialuithe *ex ante*, ina gclúdaítear na rioscaí ábhartha atá bainteach le tionscadal agus tairbhí.

Thairis sin, ba cheart do EU-Rail, EuroHPC agus KDT treoraíocht phraiticiúil inmheánach a fhorbairt maidir leis an gcaoi le faireachán rioscabhunaithe ar leibhéal na dtionscadal agus na dtairbhithe a chur chun feidhme, agus faoin gcaoi ar cheart don fhoireann an modúl bainistithe riosca in COMPASS a úsáid.

## Léirigh formhór na gComhghnóthas laigí sa chaoi ar úsáid siad an uirlis don fhaireachán treisithe

**2.42.** De réir roinn 3.2.2 maidir le faireachán treisithe atá sa treoraíocht maidir le rialuithe *ex ante* ar Fís 2020 atá eisithe ag CIC, is ann don uirlis don fhaireachán treisithe chun tacú le hoifigigh a bhíonn ag déileáil le deontais (oifigigh tionscadal, oifigigh airgeadais agus oifigigh dhlíthiúla) chun measúnú riosca a dhéanamh ar thionscadail nó tairbhithe. Ligeann sé dóibh, tráth ar bith le linn chur chun feidhme an tionscadail, rioscaí tábhachtacha atá sainaitheanta a thaifeadadh agus an faireachán a bhaineann leis sin a rianú chomh maith leis an ngníomhaíocht maolaithe riosca. Dá thoradh sin, tá sé deartha chun cabhrú le spriocdhíriú ar rialuithe *ex ante* ar na rioscaí is tábhachtaí atá measúnaithe le haghaidh tionscadail nó tairbhithe.

**2.43.** Tá an uirlis leabaithe i modúl bainistithe riosca an chórais ríomhdheontais (COMPASS). Ionas go bhféadfar an uirlis sin a úsáid ar bhealach struchtúrtha agus comhsheasmhach, tá tíopeolaíocht réamhshainithe de chatagóirí faireacháin inti, amhail riosca substainteach cur chun feidhme; saincheisteanna a bhaineann le hacmhainneacht oibríochtúil; riosca tromchúiseach eitice; cásanna de neamhrialtacht/calaois amhrasta; fionnachtana tromchúiseacha iniúchóireachta a bheith suite; agus rioscaí a shainaithníodh le linn an rialaithe *ex ante*. Bíonn ar na hoifigigh tagairt shoiléir a dhéanamh do na gníomhaíochtaí rialaithe atá beartaithe acu a dhéanamh mar gheall ar an riosca sainaitheanta, amhail doiciméid tacaíochta spriocdhírithe a lorg; athbhreithniú teicniúil spriocdhírithe a sheoladh do chuid den obair thionscadail agus saineolaithe a bheith páirteach ann; agus i gcás fadhbanna criticiúla, athbhreithniú teicniúil agus iniúchóireacht airgeadais a sheoladh don tionscadal ina iomláine.

**2.44.** Ionas go bhféadfaidh oifigigh úsáid éifeachtach agus éifeachtúil a bhaint as an uirlis, ba cheart dóibh sprioc-am (dáta dlite) ábhartha agus inghnóthaithe a shainiú do chríochnú na gníomhaíochta faireacháin treisithe a bhfuil siad ag díriú isteach uirthi. Ar an dáta dlite sainithe sin a dhul in éag, agus sa chás go bhfuil riosca fós ann a éilíonn tuilleadh faireacháin a dhéanamh, bíonn ar an oifigeach an bhratach don fhaireachán treisithe a athnuachan agus sprioc-am nua a leagan síos chomh maith le nuashonrú a dhéanamh ar an gcúrsa atá beartaithe don ghníomhaíocht faireacháin de réir mar is iomchuí.

**2.45.** Trínár n-anailís mhionsonraithe ar shampla de chásanna faireacháin treisithe na gComhghnóthas, tháinig roinnt laigí chun solais a bhí ina mbac ar fhaireachán éifeachtach agus éifeachtúil a bheith ar siúl acu:

- Níor sainíodh gníomhaíochtaí rialaithe sonracha a bhain leis na rioscaí a sainaithníodh, nó níor socraíodh dáta dlite dá gcur chun feidhme (EuroHPC, KDT, EU-Rail).

- Ar an dáta dlite sainithe a dhul in éag, ní dhearnadh an bhratach faireacháin treisithe a athnuachan ná a dhúnadh. Sa bhreis air sin, ní dhearna an t-oifigeach an leibhéal riosca a

athmheasúnú tar éis do na gníomhaíochtaí rialaithe a bheith curtha chun feidhme (SESAR, CA agus KDT).

**Gníomhaíocht 6**

Ba cheart do SESAR, CA, KDT, EU-Rail agus EuroHPC a áirithiú go mbíonn gníomhaíochtaí rialaithe sonracha, ina spriocdhírítear ar na rioscaí sainaitheanta, ag gabháil le gach gníomhaíocht faireacháin treisithe agus go ndéantar obair leantach ina dtaobh ag sprioc-am atá sainithe roimh ré.

## Níl cur chuige iniúchóireachta *ex post* le haghaidh íocaíochtaí deontais faoi Fís 2020 forbartha go fóill ag formhór na gComhghnóthas

**2.46.** I Roinn 4.2.1 maidir le roghnú rioscabhunaithe de Straitéis Iniúchóireachta *ex post* Fís 2020 an Choimisiúin, tugtar ar aire gurb é an cuspóir atá le roghnú rioscabhunaithe le haghaidh iniúchóireacht *ex post* ná chun spriocdhíriú ar na codanna den bhuiséad in eintitis cur chun feidhme inar féidir leis na ceartúcháin ar earráidí a braitheadh a bheith níos éifeachtaí (na tairbhithe leis na ranníocaíochtaí is airde, na rannpháirtithe leis na ranníocaíochtaí is airde, tairbhithe ardriosca). Ba cheart, áfach, go mbeadh an éifeacht ghlantacháin (féach ***Bosca 2.2***) is airde ag an roghnú rioscabhunaithe trí earráidí córasacha na mbarrthairbhithe a cheartú. Trí spriocdhíriú ar réimsí a bhfuil rioscaí sonracha ag gabháil leo, tuigtear leis sin go bhfuiltear ag spriocdhíriú ar réimsí a bhféadfadh na rátaí earráide atá iontu a bheith níos airde ná an ráta earráide ionadaíoch[13].

**2.47.** Trínár n-agallaimh le daoine d’fhoireann na gComhghnóthas, trí thorthaí ó iniúchtaí *ex post* a rinneadh roimhe seo agus trínár dtaithí le tástáil shubstainteach dhíreach ar íocaíochtaí deontais, deimhníodh go bhféadfaí na critéir riosca sonracha seo a leanas a bheith ina gcomhartha do cé acu tairbhithe agus tionscadail a bhfuil riosca níos airde earráidí acu agus, dá thoradh sin, a bhféadfadh éifeacht ghlantacháin ard a bheith ag gabháil leo (féach ***Bosca 2.2***):

- Na barrthairbhithe de réir na méideanna deontais atá carntha;
- Tairbhithe le stádas nuatheachtaí nó FBM;
- Tairbhithe le rátaí earráide arda in iniúchtaí roimhe seo agus nach bhfuil obair leantach déanta ina dtaobh;
- Tairbhithe atá ag brath go mór ar chistí ón Aontas;

[13] Roinn 4.2.1 – Roghnú rioscabhunaithe.

- Tairbhithe ó thíortha lasmuigh den Aontas ar beag taithí atá acu ar nósanna imeachta an Aontais chun dearbhuithe costas a bhaineann le deontais AE a dhéanamh, nó nach bhfuil taithí ar bith acu air sin;
- Leibhéal íseal faireacháin sainithe ag an gComhghnóthas do thionscadal atá sách casta;
- Tionscadail agus tairbhithe a dhéanann fochonraitheoireacht agus/nó eisfhoinsiú chuig tríú páirtithe ar leibhéal ard; agus
- Tairbhithe le méideanna móra de ranníocaíochtaí ón Aontas agus nach bhfuil deimhniú acu ó iniúchóirí neamhspleácha.

### Bosca 2.2

### Éifeacht ghlantacháin

Faoi 'Straitéis Iniúchóireachta *ex post* Fís 2020' an Choimisiúin, ní mór 'ráta earráidí iarmharacha' a ríomh ar bhealach a léiríonn an chaoi a bhféadfadh ceartúchán na dtairbhithe faoi iniúchóireacht ar

— gach uile earráid atá braite sna híocaíochtaí deontais a bhfuil iniúchóireacht *ex post* déanta orthu, móide

— earráidí córasacha a dhéanann difear d'íocaíochtaí nach bhfuil iniúchóireacht déanta orthu ('fadú')

éifeacht a bheith acu ar an ráta earráide atá braite i sampla ionadaíoch d'iniúchtaí *ex post* na Comhsheirbhíse Iniúchóireachta (CAS) in AS RTD atá sonrach don Chomhghnóthas. Taispeánann an ráta earráidí iarmharacha, dá bhrí sin, cá mhéad den earráid atá fágtha sa phobal ar féidir iniúchóireacht a dhéanamh air i ndiaidh cheartúcháin na dtairbhithe a bhaineann le forthoradh na n-iniúchtaí *ex post*.

Is ag na barrthairbhithe a bhíonn an éifeacht ghlantacháin is airde. Cé nach bhfuil an ráta earráide don chuid den phobal tairbhithe an-ard i gcás an chaiteachais faoi Fís 2020, tá barrthairbhithe ag seasamh do níos mó ná 50 % den chaiteachas faoi Fís 2020. Is foinse thábhachtach de líon suntasach earráidí iad FBManna agus nuatheachtaithe i gcónaí. De bhrí go bhfuil na méideanna aonair a éilíonn na tairbhithe sin íseal ar bhonn coibhneasta, áfach, tá éifeacht ghlantacháin na gceartúchán sa ghrúpa tairbhithe sin teoranta.

**2.48.** Chun dearbhú leordhóthanach a thabhairt don nós imeachta um urscaoileadh i gcás na gComhghnóthas, cuireann 'Straitéis Iniúchóireachta *ex post* Fís 2020' an Choimisiúin de cheangal ar CAS sampla randamach ionadaíoch ar leithligh a chruthú do gach aon Chomhghnóthas (sampla den dara ciseal). Tá na samplaí sin ann sa bhreis ar an sampla (randamach) coiteann (nó an sampla den chéad chiseal) le haghaidh chaiteachas Fís 2020 ina iomláine. Thairis sin, murar leor na hiniúchtaí faoin gcéad dá chiseal le haghaidh na gComhghnóthas, forálann Airteagal 10 dá gcuid comhaontuithe tarmligin go ndéanfaidh CAS

iniúchtaí breise rioscabhunaithe *ex post* nuair a iarrann an Comhghnóthas é agus ar chostas an Chomhghnóthais (sampla den tríú ciseal).

**2.49.** Cé is moite de CBE, Clean H2 agus IHI, bhí na Comhghnóthais go léir ag brath go huile agus go hiomlán ar na samplaí ionadaíocha (randamacha). Dá thoradh sin, níor leag siad síos cur chuige rioscabhunaithe i leith na hiniúchóireachta *ex post*, agus is amhlaidh go ndearna siad a gcuid iniúchtaí ionadaíocha *ex post* a chomhlánú le hiniúchtaí *ex post* rioscabhunaithe nó go ndearna siad a gcuid iniúchtaí *ex post* féin i réimse riosca ar leith a bhí roghnaithe acu (in 2022, mar shampla, roghnaigh CA dearbhuithe costais tábhachtacha a bhféadfadh éifeacht a bheith ag géarchéim COVID-19 orthu).

**2.50.** D'fhorbair CBE, Clean H2 agus IHI cur chuige rioscabhunaithe i leith na hiniúchóireachta *ex post* chun a ráta earráide a laghdú tríd an éifeacht ghlantacháin a bhí ag a gcuid iniúchtaí *ex post* a neartú.


**2.51.** Chun an éifeacht ghlantacháin a mhéadú, bhreithnigh siad – i measc nithe eile – na tosca seo a leanas chun tairbhithe agus tionscadail rioscúla a shainaithint:

- Próifílí riosca na dtairbhithe de réir mar a deimhníodh am éigin roimhe sin iad (amhail barrthairbhithe nach ndearnadh iniúchóireacht riamh roimhe sin orthu, nuatheachtaithe, FBManna, tairbhithe ar luadh fionnachtana iniúchóireachta roimhe sin leo, tairbhithe i dtíortha lasmuigh den Aontas Eorpach); agus
- Aiseolas ó aonaid oibríochtúla (amhail faisnéis i dtaobh tionscadail a bhfuil buiséad rioscúil deontais acu ach leibhéil ísle faireacháin, tairbhithe le spleáchas ard ar chistí ón Aontas, tairbhithe nó tionscadail a bhfuil bratach i dtaobh faireachán treisithe marcáilte ina leith, tairbhithe le méid mór de ranníocaíocht ón Aontas nach bhfuil deimhnithe, etc.).

**2.52.** Tugadh le tuiscint i dtuarascáil forléargais CAS ar earráidí a tháinig chun solais ó iniúchtaí *ex post* rioscabhunaithe a rinneadh i gcás íocaíochtaí deontais faoi Fís 2020 gur i gcás Clean H2 agus IHI amháin a bhí an sampla ar an meán spriocdhírithe níos fearr ná mar a bhí i gcás Comhghnóthais a d'iarr iniúchtaí *ex post* rioscabhunaithe ar bhonn *ad hoc*. Is é an míniú atá air sin ná gur úsáid an dá Chomhghnóthas sin suirbhéanna dea-fhorbartha chun na tairbhithe is mó a raibh claonadh chun earráidí iontu a bhrath.

**2.53.** I ***bhFíor 2.3***, taispeántar éabhlú rátaí earráidí iarmharacha *ex post* na gComhghnóthas ó 2019 go 2022. Léiríonn sé i gcás Comhghnóthais a bhfuil cur chuige iniúchóireachta *ex post* rioscabhunaithe dea-fhorbartha acu (Clean H2 agus IHI) gur thuairiscigh siad ráta earráidí iarmharacha a bhí faoin meán a bhí ann do na Comhghnóthais nach raibh cur chuige den sórt sin acu mar gheall go raibh na tairbhithe ba rioscúla á sainaithint go córasach agus go raibh iniúchóireacht á déanamh orthu.

**Fíor 2.3 – Éabhlú meánrátaí earráidí iarmharacha *ex post* ó 2019 go 2022**




*Foinse:* CIE, bunaithe ar Thuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíochtaí 2019-2022 ó na Comhghnóthais.

## Faoi Fís Eorpach, tá méadú tagtha ar cé chomh tábhachtach atá sé do Chomhghnóthais a gcur chuige rioscabhunaithe féin i leith bainistiú deontais a chur chun feidhme

**2.54.** Faoi chlár Fís Eorpach, tá roinnt athruithe tábhachtacha déanta ar an gcreat rialaithe inmheánaigh. Mar shampla, tugann an Coimisiún le fios ina nóta treoshuímh maidir le Straitéis Rialaithe Fís Eorpach gur ar shampla ionadaíoch den chaiteachas ar fud an chláir, agus air sin amháin, a dhéanfaidh CAS iniúchóireacht *ex post* agus go stopfaidh sé ó iniúchadh ionadaíoch *ex post* sonrach a dhéanamh i gcás geallsealbhóirí aonair Fís Eorpach, amhail Comhghnóthais. Is é an t-aon uair a fhéadfaidh Comhghnóthais iniúchtaí *ex post* rioscabhunaithe dá dtairbhithe agus dá dtionscadal a iarradh ná nuair atá na tairbhithe agus tionscadail sin sainaitheanta go soiléir mar thairbhithe agus tionscadail a bhfuil riosca ard ag gabháil leo.

**2.55.** Thairis sin, tá struchtúr tairbhithe agus/nó tionscadal ag cuid de na Comhghnóthais (SESAR, CA, IHI, EuroHPC) atá ag athrú go mór faoi chlár Fís Eorpach, amhail an líon méadaithe FBManna, nuatheachtaithe agus cuibhreannas mór, chomh maith leis an gceanglas nach féidir ach nósanna imeachta trí ghlao oscailte a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí faoi Fís Eorpach. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh sé nach bhfuil na tosca riosca a bhí sainaitheanta i gcláir roimhe seo ábhartha a thuilleadh agus d'fhéadfadh tosca riosca nua teacht chun cinn.

**2.56.** Tarraingíonn na hathruithe sin aird ar a thábhachtaí atá sé do Chomhghnóthais a gcur chuige rioscabhunaithe féin i leith bainistiú deontas a chur chun feidhme nó a oiriúnú. In 2022, is é Clean H2 amháin a raibh cur chuige den sórt sin forbartha aige (féach ***Bosca 2.3***).

### Bosca 2.3

### An cur chuige rioscabhunaithe i leith bainistiú deontas atá ag Clean H2

D'fhorbair Clean H2 cur chuige rioscabhunaithe sainoiriúnaithe chun an dearbhú a fhaigheann sé ó rialuithe *ex ante* agus ó iniúchtaí *ex post* a neartú:

Ag tús 2022, rinne an Comhghnóthas anailís ar phobal iomlán a chuid tairbhithe faoi Fís 2020 agus mharcáil sé bratach i dtaobh na dtairbhithe sin ab airde riosca le haghaidh iniúchtaí *ex post* rioscabhunaithe. Is barrthairbhithe a bhí i ngach ceann de na tairbhithe ba rioscúla, le ranníocaíocht Chomhghnóthais d'os cionn €1 milliún ar fud thionscadail uile Fís 2020 a bhí á n-oibriú ag an gComhghnóthas agus ní raibh iniúchóireacht *ex post* déanta riamh orthu agus bhí próifíl riosca de stádas FBM nó nuatheachtaí acu.

Iarradh ar an gcuid eile de na barrthairbhithe ceistneoir gearr féinmheasúnuithe a chomhlánú, ar cheistneoir é a bhí ag díriú isteach ar na hearráidí ba choitianta a braitheadh in iniúchtaí *ex post* roimhe sin, amhail castacht na rogha don chostas pearsanra a bhí roghnaithe acu, fochonraitheoireacht shuntasach, ceannach sócmhainní, soláthairtí inmheánacha, an modh chun tuairisciú ar chostais, agus an chaoi a ndearnadh torthaí ó iniúchtaí *ex post* roimhe sin a chur chun feidhme.

Bunaithe ar a gcuid freagraí, shainaithin na Comhghnóthais na barrthairbhithe sin a raibh rioscaí arda de rialú *ex ante* acu. Thionóil siad seimineáir ghréasáin airgeadais leo, ag díriú isteach ar na príomh-shaintréithe a ghabhann le costais a dhearbhú i gceart leis na míreanna costais suntasacha.

Bhain oifigigh tionscadal agus airgeadais na gComhghnóthas úsáid as torthaí na seimineár gréasáin sin chun feabhas a chur ar éifeachtacht a rialuithe *ex ante* ar na chéad dearbhuithe costas eile a bhí le cur isteach ag na barrthairbhithe sin (céim na híocaíochta).

**2.57.** D'fhéadfadh srianta teicniúla atá ann cheana difear a dhéanamh do cé chomh héifeachtach is atá cur chuige rioscabhunaithe i leith bainistiú deontas. Maidir leis an gcóras ríomhdheontais (COMPASS), níl sé sin ag tacú fós le seachadadh aiseolais uathoibríoch luachmhair a thagann as fionnachtana iniúchóireachta *ex post* (mar aon le moltaí le haghaidh rialuithe spriocdhírithe *ex ante*) ar ais chuig rialaitheoirí *ex ante* dá measúnú riosca.

## Gníomhaíocht 7

Faoi Fís Eorpach, ba cheart do na Comhghnóthais go léir cur chuige rioscabhunaithe i leith bainistiú deontas a chur chun feidhme, ar cur chuige é a chlúdaíonn na príomhchéimeanna de bhainistiú deontas ón ullmhú do chomhaontú deontais go dtí an íocaíocht. Sa chomhthéacs seo, ba cheart do na Comhghnóthais an méid seo a leanas, go háirithe, a áirithiú:

(a) go ndéantar rialuithe *ex ante* níos déine nó iniúchtaí *ex post* ar thairbhithe agus tionscadail a d'fhéadfadh a bheith rioscúil; agus

(b) go ndéantar torthaí iniúchtaí *ex post* a bhreithniú go cuí sa mheasúnú riosca le haghaidh rialuithe *ex ante* amach anseo.

# Táirgí eile a bhaineann leis na Comhghnóthais atá eisithe ag an gCúirt Iniúchóirí

**2.58.** Taobh amuigh den tuarascáil iniúchóireachta bhliantúil a bhaineann le cuntais bhliantúla na gComhghnóthas, d'eisíomar freisin – i gcaitheamh 2022 agus 2023 – tuarascálacha iniúchóireachta speisialta agus athbhreithnithe éagsúla a thagraíonn do Chomhghnóthais (féach ***Fíor 2.4***).

## Fíor 2.4 – Táirgí eile a bhaineann le Comhghnóthais nó le taighde a d'eisigh an Chúirt Iniúchóirí le déanaí

**Tuarascáil speisialta 05/2022:**
**Cibearshlándáil institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh – Níl an leibhéal ullmhachta go ginearálta i gcomhréir leis na bagairtí**

Tháinig os cionn a dheich n-oiread de mhéadú ar theagmhais shuntasacha chibearshlándála i gcomhlachtaí an Aontais idir 2018 agus 2021 de réir mar a bhí an líon pointí rochtana a d'fhéadfadh a bheith ann d'ionsaitheoirí méadaithe go mór mar gheall ar obair chianda.

Is é is cúis go ginearálta le teagmhais shuntasacha ná úsáid a bheith á baint as modhanna agus teicneolaíochtaí nua, agus a bhféadfadh sé seachtainí nó fiú míonna a thógáil chun iad a fhiosrú agus teacht aniar uathu. Sampla amháin de sin is ea an cibirionsaí ar an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, nuair a rinneadh sonraí íogaire a sceitheadh agus a ionramháil chun an bonn a bhaint ón muinín i vacsaíní.

Ba é príomhchonclúid na n-iniúchóirí ná go raibh éagsúlacht le sonrú sa leibhéal ullmhachta cibearshlándála i gcomhlachtaí an Aontais agus, ar an iomlán, nach raibh an leibhéal sin i gcomhréir leis na bagairtí atá ag síormhéadú. Go deimhin, níl cur chuige leanúnach acu i leith na cibearshlándála agus níl rialuithe bunriachtanacha agus dea-chleachtais lárnacha sa chibearshlándáil i bhfeidhm i gcónaí.

Cé, go teoiriciúil, go bhféadfaí a rá go bhfuil na próifílí riosca éagsúla agus na leibhéil éagsúla íogaireachta a bhaineann lena gcuid sonraí ina n-údar maith do na difríochtaí sna leibhéil chibearshlándála, cuireann na hiniúchóirí i bhfáth – sa mhéid go bhfuil comhlachtaí uile an Aontais nasctha le chéile – go bhfuil laigí cibearshlándála i gcomhlacht amháin de chuid an Aontais in ann bagairtí cibearshlándála a nochtadh do roinnt eagraíochtaí eile.

Ar deireadh, níl aon chreat dlíthiúil ann faoi láthair maidir le slándáil faisnéise agus cibearshlándáil in institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais.

**Tuarascáil speisialta 23/2022:**
**Sineirgí idir Fís 2020 agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa**

Sa straitéis 'Eoraip 2020', bhí béim ar ról an taighde agus na nuálaíochta mar phríomhspreagthóir don rathúnas sóisialta agus eacnamaíoch agus don inbhuanaitheacht chomhshaoil.

Ba iad Fís 2020 (buiséad de €76.4 billiún) agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochtaí na hEorpa (beagnach €41 bhilliún do ghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta) an dá phríomhchiste a bhí ag tacú le taighde agus nuálaíocht.

Fiosraíodh an raibh bearta cuí déanta ag an gCoimisiún agus ag na húdaráis cur chun feidhme náisiúnta/réigiúnacha chun sineirgí a bhunú idir Fís 2020 agus na CSIEnna.

Bhí roinnt tosca atá bunriachtanach chun sineirgí a chruthú ann nach raibh curtha i bhfeidhm go hiomlán agus d'athraigh an cur chun feidhme ag brath ar an gcineál sineirge. Is beag comhair a bhí ag tarlú idir na geallseabhóirí taighde agus nuálaíochta sa dá chlár. Bhí sé deacair sineirgí féideartha a shainaithint agus a fhiosrú mar nach raibh bunachar sonraí comhtháite ann do thionscadail CSIEnna atá idir-inoibritheach le bunachar sonraí Fís 2020. Ní dhearna údaráis bhainistíochta CSIE na bearta go léir do chur chun cinn sineirgí a chur chun feidhme. Bhí lipéad cáilíochta (Séala Barr Feabhais) faighte ag tograí tionscadail ar leith, a bhí measta a bheith dearfach faoi Fís 2020 ach nach bhfuair cistiú mar gheall ar easpa acmhainní, chun gurbh fhusa dóibh cistiú CSIE a fháil. Ní bhfuair ach líon beag de na gníomhaíochtaí lipéadaithe cistiú faoi dheoidh ó na CSIEnna.

Molann na hiniúchóirí don Choimisiún:
- feabhas a chur ar chomhar idir geallsealbhóirí atá i mbun taighde agus nuálaíochta;
- leas a bhaint as an bhféidearthacht atá ag bunachair sonraí chun sineirgí a chothú;
- úsáid sineirgí iartheachtacha a mhéadú; agus
- sreabha faisnéise faoi thionscadail Fís 2020 leis an Séala Barr Feabhais a fheabhsú.

**Tuarascáil speisialta 05/2023:**
**Struchtúr manglaim a bhfuil tuilleadh simplithe agus cuntasachta ag teastáil ina leith**

Bhí sé mar aidhm leis an iniúchadh seo léargas a fháil ar mhór-réimse airgeadais an Aontais a bhfuil cur síos déanta air mar 'mhórchnuasach cistí agus ionstraimí mórthimpeall ar bhuiséad an Aontais'. Tá na Comhghnóthais liostaithe mar ionstraim atá comhtháite go hiomlán i mbuiséad an Aontais.

Ba í an aidhm a bhí leis an tuarascáil ná a fhiosrú cén chaoi a bhféadfaí mór-réimse airgeadais an Aontais a shimpliú agus a shruthlíniú. Rinneadh measúnú freisin ar na cúiseanna a bhí le hionstraimí a chruthú lasmuigh de bhuiséad an Aontais agus an bhfuil grinnscrúdú poiblí ar an gcistiú á áirithiú ag na socruithe atá ann.

Fuarthas go bhfuil mór-réimse airgeadais an Aontais comhdhéanta den iomarca ionstraimí a bhfuil réimse de shocruithe rialtachta éagsúla agus foinsí cistithe éagsúla acu, agus cumhdach éagsúil ar dhliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann.

I gcás cuid de na hionstraimí sin ní dhéantar iniúchóireacht ar a bhfeidhmíocht ná níl formhaoirseacht ag Parlaimint na hEorpa orthu.

Tugtar ar aire san iniúchadh go bhfuil dul chun cinn déanta le déanaí maidir le roinnt ionstraimí a chomhdhlúthú. Níl leas iomlán bainte as an bhféidearthacht chun simpliú a dhéanamh, áfach, go háirithe do na hionstraimí a thugann cúnamh airgeadais.

Molann na hiniúchóirí don Choimisiún:
- measúnú a dhéanamh ar aon togra le haghaidh ionstraimí nua agus torthaí an mheasúnaithe sin a chur chuig an gComhairle;
- an fhaisnéis ar mhór-réimse foriomlán an Aontais a fhoilsiú;
- an Ciste don Nuachóiriú a chomhtháthú i mbuiséad an Aontais; agus
- ionstraimí um chúnamh airgeadais atá ann cheana féin a chomhdhlúthú.

*Foinse:* Tá mionsonraí ar na tuarascálacha, moltaí gaolmhara agus freagra an iniúchaí le fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúchóirí ag eca.europa.eu.

# Freagraí na gComhghnóthas ar Chaibidil 2

***2.38.*** Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurbh iad na barrthairbhithe – is iad sin comhaltaí príobháideacha an Chomhghnóthais – a d'ídigh an chuid ba mhó de bhuiséad Chomhghnóthas SESAR 3. Go príomha, chuir na barrthairbhithe sin tionscadail mhóra de chuid na nGlaonna ar Thaighde Tionsclaíoch chun feidhme. Rinneadh iniúchadh ex post orthu sin go léir – ní ba mhó ná uair amháin i gcás cuid acu – le linn na gclár roimhe sin. Mheas Comhghnóthas SESAR, dá bhrí sin, go raibh an riosca a bhí fágtha maidir le tairbhithe beaga agus nuatheachtaithe nach ndearnadh iniúchadh ex post orthu sách íseal.

Ar deireadh, ós rud é go raibh líon na dtionscadal de chuid chlár Fís 2020 sách teoranta agus go ndearna tairbhithe aitheanta a ndearnadh iniúchadh orthu ex post iad a chur chun feidhme den chuid is mó, rinne an Comhghnóthas measúnú ar na rioscaí foriomlána a bhaineann leis an gclár Fís 2020 seachas ar leibhéal na mbarrthairbhithe ná ar leibhéal an tionscadail.

***2.40.*** Ba mhaith leis an gComhghnóthas um Iarnród na hEorpa (EU-Rail JU) a chur i bhfios go láidir go ndearnadh an riosca earráidí in íocaíochtaí deontais an chláir Fís 2020 a mhaolú go mór mór trí úsáid a bhaint as cnapshuimeanna. Go háirithe, d'áirithigh an Comhghnóthas EU-Rail cnapshuimeanna réasúnta trí dhul i muinín saineolaithe airgeadais le linn na nósanna imeachta um meastóireacht ar ghlaonna agus rinne sé imscrúdú agus caibidliú cúramach ar na míreanna costais ar fad a cheistigh na saineolaithe airgeadais le linn chéim ullmhúcháin an chomhaontaithe deontais, i gcomhréir le Cinneadh C(2017) 7151 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2017 maidir le húsáid aisíocaíochta a údarú ar bhonn cnapshuime do chostais incháilithe na ngníomhaíochtaí faoi Chlár Réime Fís 2020.

Cé go bhfuil nósanna imeachta leabaithe ag Comhghnóthas AE-Iarnród chun fachtóirí ardriosca do chomhaontuithe deontais an chláir Fís 2020 a shainaithint ar bhonn ex ante, aithnítear ann go bhféadfaí na nósanna imeachta sin a ailíniú ar bhealach ní b'fhearr leis an treoir ón gCoimisiún maidir le rialuithe ex ante bunaithe ar riosca.

***2.55*** Faoin gclár Fís Eorpach, eagraíonn Comhghnóthas SESAR 3 glaonna oscailte ar thograí le líon méadaithe comhaltaí príobháideacha. In 2023, nuair a tugadh na chéad ghlaonna den chlár Fís Eorpach chun críche, ghlac Comhghnóthas SESAR 3 cur chuige rioscabhunaithe nua i leith rialuithe ex ante agus chuir sé uirlisí rioscabhunaithe nua i bhfeidhm lena ndéantar measúnú ar rioscaí ar leibhéal an tionscadail agus do nuatheachtaithe. Cuirfidh Comhghnóthas SESAR 3 faisnéis ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí sin ina thuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí 2023.

**GNÍOMH 7** Is eol do na comhghnóthais an t athrú suntasach a rinneadh ar chreat rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin maidir le deontais ón gclár Fís Eorpach, rud a fhágann nach féidir leis na comhghnóthais a samplaí ionadaíocha sonracha féin a bhunú a thuilleadh ná a rátaí

sonracha ionadaíocha iarmharaigh a ríomh. Dá bhrí sin, tá na comhghnóthais uile ag ullmhú don athrú sin cheana féin trína gcur chuige coiteann cur chun feidhme a shainiú maidir le Straitéis Rialaithe de chuid an Choimisiúin don chlár Fís Eorpach, lena n áireofar na gnéithe seo a leanas:

- Rialuithe rioscabhunaithe ex ante;
- Iniúchtaí rioscabhunaithe ex post; agus
- Tuairisciú bliantúil ar ghníomhaícohtaí ar na torthaí iniúchóireachta ex post is suntasaí (gan rátaí earráide sonracha an Chomhghnóthais a lua), laigí rialaithe inmheánaigh a braitheadh agus an éifeacht ghlantacháin.

Beidh cur chuige comhchoiteann cur chun feidhme na gcomhghnóthas (atá á n ullmhú faoi láthair), lena dtabharfar aghaidh ar bhreathnóireacht agus ar Ghníomh 7 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, bunaithe ar bhloic thógála dhearbhaithe nua a bhaineann le sainchúraim an chláir Fís Eorpach.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Caibidil 3

## Ráitis Dearbhaithe

## Chomhghnóthais an Aontais Eorpaigh

# 3.1. Faisnéis a thacaíonn leis na ráitis dearbhaithe

## Bunús do na tuairimí

**3.1.1.** Rinneamar ár n-iniúchadh i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) agus Cóid Eitice Chónaidhm Idirnáisiúnta na gCuntasóirí (IFAC) agus Caighdeáin Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta (ISSAInna) de chuid INTOSAI. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa roinn den tuarascáil seo dar teideal ‘Freagrachtaí an Iniúchóra’. Tá ceanglais neamhspleáchais comhlíonta againn, faoi mar atá ár n-oibleagáidí eiticiúla faoin gCód Eitice le haghaidh Cuntasóirí Gairmiúla atá eisithe ag Bord na gCaighdeán Idirnáisiúnta Eitice do Chuntasóirí. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn leordhóthanach agus iomchuí le bheith mar bhunús dár dtuairim.

## Freagrachtaí na bainistíochta agus iadsan a bhfuil rialachas de chúram orthu

**3.1.2.** I gcomhréir le hAirteagail 310 go 325 CFAE agus le Rialacháin Airgeadais na gComhghnóthas, is í an bhainistíocht i ngach aon Chomhghnóthas atá freagrach as a gcuntais a ullmhú agus a chur i láthair bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo, agus is iad atá freagrach as dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo. Áirítear ar an bhfreagracht sin rialuithe inmheánacha a bhaineann le hullmhú agus le cur i láthair ráiteas airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábharthach, bídís sin ann mar gheall ar chalaois nó earráid, a cheapadh, a chur chun feidhme agus a chothabháil. Tá an bhainistíocht freagrach freisin as a áirithiú go bhfuil na gníomhaíochtaí, na hidirbhearta airgeadais agus an fhaisnéis a léirítear sna ráitis airgeadais ag comhlíonadh chreat rialála na n-údarás a rialaíonn iad. Is ar bhainistíocht gach Comhghnóthais atá an fhreagracht deiridh as dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun le cuntais gach Comhghnóthais.

**3.1.3.** Agus na cuntais á n-ullmhú, tá an bhainistíocht freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Chomhghnóthais leanúint ar aghaidh mar ghnóthas reatha, agus ábhair a bhaineann le gnóthas reatha a fhoilsiú agus úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais reatha de réir mar is infheidhme, ach amháin i gcás ina bhfuil sé i gceist ag an mbainistíocht an t-eintiteas a leachtú nó scor d’oibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réalaíoch eile aici ach é sin a dhéanamh.

**3.1.4.** Is iad siúd a bhfuil cúram rialachais orthu atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar phróiseas tuairiscithe airgeadais na gComhghnóthas.

## Freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leo

**3.1.5.** Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnach a fháil go bhfuil cuntais na gComhghnóthas saor ó mhíráiteas ábharthach agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta, agus ráitis dearbhaithe a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ar bhonn ár n-iniúchta, maidir le beachtas na gcuntas agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaítear leis go ndéantar míráiteas nó neamhchomhlíonadh ábharthach a bhrath in iniúchadh i gcónaí. D'fhéadfadh sé go n-eascróidís as calaois nó earráid agus meastar gur ábhar ábharthach iad más rud é, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí bunaithe ar na cuntais sin.

**3.1.6.** Maidir le hioncam, déanaimid fíorú ar na ranníocaíochtaí a fuarthas ón gCoimisiún, ó chomhpháirtithe eile nó ó thíortha rannpháirteacha agus déanaimid measúnú ar nósanna imeachta na gComhghnóthas le haghaidh ioncam eile a bhailiú, más ann dóibh.

**3.1.7.** I gcás an chaiteachais, scrúdaímid idirbhearta íocaíochta a luaithe a bhíonn an caiteachas tabhaithe, taifeadta agus glactha. Clúdaíonn an scrúdú seo gach catagóir íocaíochtaí ag an bpointe a ndéantar iad, seachas airleacain. Scrúdaímid réamhíocaíochtaí nuair a thugann faighteoir na gcistí bonn cirt dá n-úsáid chuí, agus nuair a ghlacann Comhghnóthas leis an mbonn cirt tríd an réamhíocaíocht a imréiteach, sa bhliain chéanna nó níos déanaí.

**3.1.8.** I gcomhréir le ISAnna agus ISSAInna, feidhmímid ár mbreithiúnas gairmiúil agus bíonn aird chuí againn ar an sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Déanaimid na céimeanna seo a leanas freisin:

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábharthach ar na cuntais agus a bhaineann le neamh-chomhlíonadh ábharthach ó thaobh cheanglais chreat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh i gcás idirbhearta is bun do na cuntais, déanaimid iad sin a shainaithint agus a mheasúnú, is cuma más calaois nó earráid is cúis leo. Déanaimid nósanna imeachta iniúchóireachta a bhíonn ag freagairt do na rioscaí sin a dhearadh agus a fheidhmiú. Faighimid fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bheith mar bhunús dár dtuairimí. Tá an riosca nach mbraithfear míráiteas nó neamhchomhlíonadh ábharthach a eascraíonn as calaois níos airde ná mar a bhaineann le brath earráide, mar d'fhéadfadh camastaíl, brionnú, neamhghníomh intinneach, mífhaisnéis, nó cealú rialuithe inmheánacha a bheith i gceist leis an gcalaois.

- Faighimid tuiscint ar rialuithe inmheánacha a bhaineann leis an iniúchadh, chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha sin.

- Déanaimid meastóireacht ar a iomchuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nithe gaolmhara a thugann an bhainistíocht le fios.

- Tagaimid ar choncluídí maidir lena oiriúnaí atá an úsáid a bhaineann an bhainistíocht as bonn cuntasaíochta an ghnóthais reatha agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear, an bhfuil éiginnteacht ábharthach ann maidir le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Chomhghnóthais leanúint ar aghaidh mar ghnóthas reatha. Má thagaimid ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábharthach ann, ní mór dúinn aird a tharraingt inár dtuarascáil iniúchóireachta ar an bhfaisnéis ghaolmhar atá nochta sna cuntais nó, mura leor an fhaisnéis sin atá nochta, bíonn orainn ár dtuairim a cháiliú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta na tuarascála iniúchóireachta uainn. D'fhéadfadh teagmhais nó dálaí amach anseo a bheith ina gcúis le heintiteas scor de bheith ina ghnóthas reatha, áfach.

- Déanaimid meastóireacht ar léiriú, struchtúr agus inneachar foriomlán na gcuntas, lena n-áirítear na fíorais a dhéantar a nochtadh, agus measaimid an dtugann na cuntais léiriú fíorcheart ar na hidirbhearta agus teagmhais is bun leo.

- Faighimid leordhóthain fianaise iniúchóireachta iomchuí maidir le faisnéis airgeadais na gComhghnóthas chun tuairim a thabhairt maidir leis na cuntais agus na hidirbhearta is bun leo. Táimid freagrach as stiúradh, maoirseacht agus feidhmiú an iniúchta. Is sinne amháin atá freagrach as ár dtuairimí iniúchóireachta.

- Déanaimid measúnú ar an obair iniúchóireachta a dhéanann an t-iniúchóir seachtrach neamhspleách ar chuntais na gComhghnóthas faoi mar atá leagtha síos in Airteagal 70(6) de Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh[14].

**3.1.9.** I gcás chaiteachas na gComhghnóthas ar thaighde faoi chlár Fís 2020, is í Comhsheirbhís Iniúchóireachta (CAS) AS RTD sa Choimisiún a dhéanann na hiniúchtaí *ex post*. Maidir leis na torthaí iniúchóireachta *ex post* ó CAS, mheas an Coimisiún ina thogra le haghaidh rialachán Fís 2020[15] gur cuspóir réalaíoch é riosca earráide, ar bhonn bliantúil, laistigh de raon idir 2 % agus 5 %, i bhfianaise na gcostas rialuithe agus chastacht na rialacha maidir le hathchistiú na gcostas do thionscadal taighde. Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún leibhéal earráidí iarmharacha atá chomh gar agus is féidir do 2 % a bhaint amach ag am dúnta chlár Fís 2020. I gcás chaiteachas taighde na gComhghnóthas faoi chlár Fís Eorpach, is ar CAS fós atá an fhreagracht as iniúchtaí *ex post* a dhéanamh.

---

[14] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

[15] COM(2011) 809.

**3.1.10.** Déanaimid cumarsáid leis an mbainistíocht ar ábhair amhail an scóip phleanáilte agus uainiú an iniúchta agus fionnachtana suntasacha iniúchóireachta, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sna rialuithe inmheánacha a shainaithnímid le linn ár n-iniúchta.

**3.1.11.** Maidir leis na hábhair a ndearnamar cumarsáid leis na Comhghnóthais ina leith, déanaimid cinneadh maidir leis na hábhair is tábhachtaí san iniúchadh ar na cuntais don tréimhse reatha agus, dá bhrí sin, is iad na príomhcheisteanna iniúchóireachta iad. Déanaimid cur síos ar na hábhair sin sa tuarascáil iniúchóireachta mura rud é go gcuireann dlí nó rialachán cosc ar fhoilsiú poiblí maidir leis an ábhar nó nuair a dhéanaimid cinneadh, faoi chúinsí an-annamh, nár cheart ábhar a chur in iúl inár dtuarascáil toisc go bhféadfaí a bheith ag dréim go réasúnta leis gur mhó na hiarmhairtí díobhálacha a bheadh ann dá ndéanfaí amhlaidh ná na tairbhí do leas an phobail a bhainfeadh lena leithéid de chumarsáid.

# Comhghnóthais lena gcuirtear Cláir Réime an Aontais chun feidhme

# 3.2. An Comhghnóthas Taighde um Bainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair 3 (SESAR 3)

## Réamhrá

**3.2.1.** Rinneadh an Comhghnóthas Taighde um Bainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair 3 (SESAR 3), atá lonnaithe sa Bhruiséil, a chur ar bun i Samhain 2021 faoi chlár Fís Eorpach go ceann tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2031[16]. Tháinig Comhghnóthas SESAR 3 in ionad agus i gcomharbas ar Chomhghnóthas SESAR a cuireadh ar bun i bhFeabhra 2007 faoin Seachtú Clár Réime um Thaighde (FP7) go ceann tréimhse ocht mbliana[17] (SESAR 1), agus ar leathnaíodh a thréimhse feidhmíochta i Meitheamh 2014, faoi chlár Fís 2020, go ceann tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024[18].

**3.2.2.** Is comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach é Comhghnóthas SESAR 3 chun bainistíocht nuachóirithe aerthráchta a fhorbairt san Eoraip agus chun luas a chur le tabhairt i gcrích an Aerspáis Dhigitigh Eorpaigh trí thaighde agus nuálaíocht. Is iad na comhaltaí bunaidh ná an tAontas Eorpach, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann; an Eagraíocht Eorpach um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta (Eurocontrol); agus breis is 50 eagraíocht a chuimsíonn slabhra luacha na heitlíochta ar fad, ó aerfoirt, úsáideoirí aerspáis de gach catagóir, soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, oibreoirí dróin agus soláthraithe seirbhíse, an tionscal monaraíochta agus an pobal eolaíochta.

---

[16] Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach.

[17] Rialachán (CE) Uimh. 219/2007 ón gComhairle maidir le Comhghnóthas a bhunú chun glúin nua an chórais Eorpaigh um bainistiú aerthráchta (SESAR) a fhorbairt.

[18] Rialachán (AE) Uimh. 721/2014 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 219/2007.

**3.2.3.** Léirítear i ***dTábla 3.2.1*** príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas.

### Tábla 3.2.1 – Príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas

| | 2022 | 2021 | Diallas |
|---|---|---|---|
| Buiséad atá ar fáil d'íocaíochtaí (milliúin euro) (1) | 146.9 | 69.9 | 110 % |
| Buiséad atá ar fáil do ghealltanais (milliúin euro) (1) | 158.8 | 34.8 | 356 % |
| Foireann iomlán amhail an 31 Nollaig (2) | 36 | 37 | -3 % |

(1) Áirítear sa bhuiséad atá ar fáil: leithreasuithe ó bhlianta roimhe seo nár úsáideadh, ar chuir an Comhghnóthas isteach i mbuiséad na bliana seo iad, ioncaim shannta agus ath-leithdháiltí chuig an gcéad bliain eile.

(2) Áirítear ar an bhfoireann: oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí conarthacha agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht.

*Foinse:* Sonraí arna soláthar ag an gComhghnóthas.

**3.2.4.** Tá na hathruithe i méid bhuiséad an Chomhghnóthais, mar a thaispeántar i ***dTábla 3.2.1***, ag brath go mór ar chéim chur chun feidhme na gclár ilbhliantúil taighde agus nuálaíochta. In 2022, chuir an Comhghnóthas tús le cur chun feidhme an chláir Fís Eorpach. Dá bhrí sin, tá an gealltanas buiséid do na chéad ghlaonna faoi Fís Eorpach a bhí beartaithe do 2022, mar aon leis an mbuiséad íocaíochtaí do na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe gaolmhara, san áireamh i mbuiséad 2022.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.2.5.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht Chomhghnóthas SESAR 3 agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach ***161***.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.2.6.** Rinneamar iniúchóireacht ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Chomhghnóthas SESAR 3, atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[19] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid[20] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.2.7.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais Chomhghnóthas SESAR 3 don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022, léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais Chomhghnóthas SESAR 3 amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta atá glactha ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[19] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[20] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.2.8.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais Chomhghnóthas SESAR 3 don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.2.9.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais Chomhghnóthas SEASAR 3 don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.2.10.** Ní chaitheann na barúlacha seo a leanas amhras ar ár dtuairim.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

### Níl leordhóthain faisnéise ann faoi ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir

**3.2.11.** I gcuntais bhliantúla 2022 ón gComhghnóthas, tá difear suntasach ó bhallchatagóir go chéile (AE, comhaltaí príobháideacha agus Eurocontrol) i méideanna na ranníocaíochtaí atá aitheanta in aghaidh na ballchatagóire. Sin mar gheall go ndéantar ranníocaíochtaí airgid an Aontais a bhailíochtú agus a aithint nuair a íoctar leis an gComhghnóthas iad ag tús chur chun feidhme an tionscadail, ach nach ndéantar ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí a aithint go dtí tar éis do na costais atá tabhaithe agus dearbhaithe do chur chun feidhme an tionscadail a bheith bailíochtaithe. Ní thugtar aghaidh ar bhealach sách maith i gcuntais bhliantúla na gComhghnóthas do 2022 ar an mbearna idir méid na ranníocaíochtaí airgid a bhí aitheanta, ar lámh amháin, agus méid na ranníocaíochtaí comhchineáil, ar an lámh eile, sa mhéid nár tugadh faisnéis faoi ghealltanais dhlíthiúla chomhaltaí na gComhghnóthas ag deireadh na bliana ó thaobh comhaontuithe deontais agus conarthaí sínithe de.

**3.2.12.** Sna míreanna seo a leanas, tugaimid tábla forléargais ar na gnóthachain a baineadh amach de réir ranníocaíochtaí na gcomhaltaí in aghaidh gach cláir in 2022.

## Clár Fís 2020 a chur chun feidhme

**3.2.13.** I *dTábla 3.2.2*, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chlár Fís 2020 i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta mar bailíochtaithe agus tuairiscithe ag deireadh 2022.

## Tábla 3.2.2 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís 2020 (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh agus comhaontuithe déthaobhacha) | | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (31.12.2022) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costais riaracháin | Gníomhaíochtaí breise (1) | Iomlán | Airgead | Comhchineál bailíochtaithe | Comhchineál tuairiscithe gan bhailíochtú | Comhchineál le haghaidh gníomhaíochtaí breise | Iomlán |
| AE (AS MOVE) | 555.8 | 29.3 | N/B | 585.0 | 537.3 | N/B | N/B | N/B | 537.3 |
| Eurocontrol | 467.0 | 25.0 | N/B | 492.0 | 16.8 | 274.1 | 39.5 | N/B | 330.4 |
| Comhaltaí príobháideacha | 280.0 | 18.5 | N/B | 298.5 | 10.8 | 234.1 | 44.5 | N/B | 289.4 |
| Iomlán | 1 302.8 | 72.8 | N/B | 1 375.5 | 564.9 | 508.2 | 84.0 | N/B | 1 157.1 |

(1) Tá gníomhaíochtaí breise lasmuigh de scóip iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**Tá gealltanais dhlíthiúla na gcomhaltaí ag leibhéal a gcuid spriocanna ranníocaíochta**

**3.2.14.** Chun léargas iomlán a thabhairt ar an méid atá bainte amach ag an gComhghnóthas, ní foláir breathnú freisin ar leibhéal reatha oibleagáidí oibríochtúla chomhaltaí an Chomhghnóthais ó thaobh comhaontuithe deontais agus conarthaí atá sínithe. Ag deireadh 2022, bhí an ranníocaíocht uasta oibríochtúil AE de €555.8 milliún le haghaidh comhaontuithe deontais agus conarthaí a bhí sínithe faoi chlár Fís 2020 geallta go hiomlán ag an gComhghnóthas. Den mhéid sin a bhí geallta, tá tuairim is €65.7 milliún (nó 11.8 %) fós le híoc sna blianta amach romhainn do thionscadail agus do chonarthaí atá fós le tabhairt chun críche. Ag an am céanna, thug na comhaltaí príobháideacha gealltanas dlíthiúil go ndéanfaidís na ranníocaíochtaí comhchineáil iomlán de €280 milliún a chur ar fáil, mar atá sainithe sa chomhaontú um chomhaltas tionscail. Den mhéid sin, bhí €278.5 milliún (nó 99.5 %) tuairiscithe ag comhaltaí an tionscail ag deireadh 2022. Bhí an sprioc de €467 milliún de ranníocaíochtaí oibríochtúla atá sainithe sa chomhaontú déthaobhach geallta go hiomlán ag Eurocontrol. Den mhéid sin, bhí €313.6 milliún (nó 67 % den sprioc) tuairiscithe aige ag deireadh 2022.

**Chuaigh cur chun feidhme íocaíochtaí buiséid 2022 le haghaidh gníomhaíochtaí Fís 2020 in olcas de réir mar a mhéadaigh costais ar na tairbhithe agus de réir mar a bhí fadhbanna seachadta acu**

**3.2.15.** I gcás gníomhaíochtaí faoi Fís 2020, ní bhfuair an Comhghnóthas leithreasuithe nua faoi chomhair gealltanas ar bith le haghaidh cúrsaí oibríochtúla toisc go raibh an glao deiridh ar thograí curtha i gcrích ag an gComhghnóthas faoi dheireadh 2020. Thit an ráta cur chun feidhme do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh cúrsaí oibríochtúla go dtí 54 % (2021: 93 %). De réir Thuarascáil ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais 2022 ón gComhghnóthas, ba mar gheall ar chostais a bheith ag ardú agus fadhbanna seachadta a bhí ag na tairbhithe de dhroim ghéarchéim COVID-19 a tharla sé sin. Dá bhrí sin, b'éigean ré fhormhór thionscadail Fís 2020 a fhadú agus na híocaíochtaí deiridh a chur siar go dtí 2023.

## Clár Fís Eorpach a chur chun feidhme

**3.2.16.** I ***dTábla 3.2.3***, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chlár Fís Eorpach i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta mar bailíochtaithe agus tuairiscithe ag deireadh 2022.

### Tábla 3.2.3 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís Eorpach (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh) | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (31.12.2022) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costas riaracháin | Iomlán | Airgead | Comhchineál (1) bailíochtaithe | Comhchineál tuairiscithe gan bhailíochtú | Iomlán |
| AE (AS MOVE) | 570.0 | 30.0 | 600.0 | 83.5 | N/B | N/B | 83.5 |
| Comhaltaí príobháideacha | 475.0 | 25.0 | 500.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| Eurocontrol | 475.0 | 25.0 | 500.0 | 1.5 | 0.0 | 0.0 | 1.5 |
| Iomlán | 1 520.0 | 80.0 | 1 600.0 | 85.0 | 0.0 | 0.0 | 85.0 |

(1) Comhdhéanta de ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla (IKOP) agus ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí breise (IKAA).

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**3.2.17.** Na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas faoi Fís Eorpach le haghaidh 2022, bhí siad curtha chun feidhme go hiomlán don chéad dá ghlao ar dheontais a seoladh in Aibreán 2022. Rinne an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais de €83.5 milliún le haghaidh cur chun feidhme na dtionscadal sin in 2022. Ós rud é nach raibh an chéim mheastóireachta tugtha chun críche ag deireadh na bliana, áfach, ní féidir na ranníocaíochtaí airgid sin a úsáid go dtí an chéad leath de 2023, nuair a bheidh na comhaontuithe deontais sínithe agus nuair a bheifear in ann na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe gaolmhara a dhéanamh.

## Barúlacha maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.2.18.** I dtaca leis an gcaiteachas faoi Fís 2020 agus Fís Eorpach, rinne an Chomhsheirbhís Iniúchóireachta de chuid AS RTD sa Choimisiún iniúchtaí *ex post*. I gcás an chaiteachais faoi Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh), thuairiscigh an Comhghnóthas ráta earráide ionadaíoch de 2.4 % agus ráta earráidí iarmharacha de 1.8 %[21]. I gcás chlár Fís Eorpach, tá iniúchtaí *ex post* fós le déanamh mar nach bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh na chéad íocaíochtaí eatramhacha déanta go dtí 2024.

**3.2.19.** Chun na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais a mheasúnú, rinneamar iniúchóireacht ar shampla randamach d'íocaíochtaí Fís 2020 a rinneadh in 2022, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh[22]. Ní bhfuaireamar aon earráid inchainníochtaithe thromchúiseach i measc thairbhithe an Chomhghnóthais sa sampla. I gcás amháin, thuairiscíomar saincheist shistéimeach a bhí ann mar gheall go ndearna an tairbhí costais neamh-incháilithe a dhearbhú le haghaidh deimhnithe neamhéigeantacha den ráiteas airgeadais, ar rud é sin a bhain leis na ráitis airgeadais eatramhacha.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.2.20.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh mar fhreagairt ar ár mbarúlacha ó bhlianta roimhe seo.

[21] Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí 2022 (Comhdhlúite) ó Chomhghnóthas SESAR, caibidil 4.1.1.2.3.

[22] I gcás na n-idirbheart íocaíochta deontais a tástáladh ar leibhéal na dtairbhithe, is é 1 % de na costais faoi iniúchóireacht an tairseach thuairiscithe d'earráidí inchainníochtaithe.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Ó Eanáir 2016, tá ar na Comhghnóthais cuid de na ranníocaíochtaí fostóra a íoc isteach i scéim pinsin an Aontais. Ós rud é nach ndearna an Coimisiún foráil don chaiteachas sin i mbuiséid na gComhghnóthas, ná nach ndearna sé na híocaíochtaí a iarraidh go foirmiúil, níl na ranníocaíochtaí sin íoctha go fóill ag SESAR 3 (ná a réamhtheachtaí).<br><br>I gcomhréir leis na Rialacháin Foirne[23] agus leis an treoraíocht ón gCoimisiún, ba cheart an ranníocaíocht fostóra bhliantúil le haghaidh gach Comhghnóthais a ríomh mar chéatadán den ioncam neamh-Aontais a bhaineann le hioncam iomlán an Chomhghnóthais. I gcás SESAR 3, is é 7.7 % (bunaithe ar fhigiúirí 2021) atá sa sciar céatadáin sin. Sonraítear sa Bhunghníomh Aonair, áfach, gur cheart costais riaracháin a chlúdach go comhionann ar bhonn bliantúil idir an tAontas Eorpach agus na comhaltaí eile. Ós rud é gurb ann do na forálacha dlíthiúla sin atá i gcoinbhleacht le chéile, tá an riosca ann go | D'íoc SESAR 3 ranníocaíocht fostóra ábhartha isteach i scéim pinsin an Aontais don bhliain 2022, de réir mar atá sonrasctha ag an gCoimisiún. Bhí ríomh na ranníocaíochta bliantúla bunaithe ar an treoraíocht ón gCoimisiún.<br><br>Meastar dá bhrí sin go bhfuil an bharúil seo dúnta. Tá aon ghníomhaíochtaí eile i dtaca leis na forálacha dlíthiúla atá i gcoinbhleacht le chéile lasmuigh de réimse | Dúnta |

[23] Airteagal 83a.

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| | | dtiocfadh léirmhínithe éagsúla chun cinn agus go mbeadh tionchair airgeadais éagsúla ag baint leo sin. | freagrachtaí an Chomhghnóthais. | |

# Freagra ón gComhghnóthas

***3.2.11.*** Aithníonn an Comhghnóthas barúil CIE agus tabharfaidh sé aghaidh go hiomlán ar an tsaincheist i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn.

***3.2.13.*** Cé go raibh leibhéal ranníocaíochta Eurocontrol i gcomhréir leis na hionchais go dtí 2020, tháinig laghdú air ina dhiaidh sin mar gheall ar phaindéim COVID-19, ar na cúiseanna seo a leanas:

• laghdú ar ghníomhaíochtaí na gcomhpháirtithe príobháideacha go dtí 2022, a raibh tionchar díreach aige sin ar ranníocaíochtaí a bhaineann le Eurocontrol, lena n-áirítear cleachtaí agus bailíochtú; agus

• iarratas chuig Eurocontrol óna Bhallstáit a bhuiséad foriomlán a laghdú, i gcomhthéacs plean dlúthpháirtíochta paindéime. Dá réir sin, b'éigean dó a bhuiséad seachfhoinsithe a laghdú agus earcaíocht a chur siar ar feadh dhá bhliain (agus líon suntasach dá shaineolaithe ag dul ar scor).

Mar sin féin, seachadadh an chuid is mó de thionscadail Fís 2020 an Chomhghnóthais agus baineadh amach an aibíocht ionchasach a bhí beartaithe sa chuid is mó díobh. I gcomhthéacs Chomhghnóthas SESAR 3, tá a thiomantas athnuaite ag Eurocontrol le ranníocaíocht suas le EUR 500 milliún.

***3.2.17.*** Mar gheall ar theacht i bhfeidhm mall an Rialachán ón gComhairle ar an 30 Samhain 2021 lena mbunaítear an Comhghnóthas faoi MFF 2021-2027, cuireadh moill ar bhunú iomlán rialachas an Chomhghnóthais agus, dá bhrí sin, ar ghlacadh an chéad chláir oibre agus ar sheoladh na gcéad ghlaonna ar thograí, nach bhféadfaí a fhoilsiú go dtí an 7 Aibreán 2022.

***3.2.19.*** Aisghabhfaidh Comhghnóthas SESAR 3 na méideanna ró-éilithe ón tairbhí.

# 3.3. An Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan (CA)

## Réamhrá

**3.3.1.** Rinneadh an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan (CA), atá lonnaithe sa Bhruiséil, a chur ar bhun i mí na Samhna 2021 faoin gclár Fís Eorpach go ceann tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2031[24]. Tháinig Comhghnóthas CA in ionad agus i gcomharbas ar an gComhghnóthas um chur chun feidhme an Chomhthionscnaimh Teicneolaíochta san Aerloingseoireacht, a cuireadh ar bun i mí na Nollag 2007 faoin Seachtú Clár Réime um Thaighde (FP7) ar feadh tréimhse deich mbliana[25] (Spéir Ghlan 1) agus a fadaíodh i mí na Bealtaine 2014 faoi chlár Fís 2020 ar feadh tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024[26] (Spéir Ghlan 2).

**3.3.2.** Is éard atá i gComhghnóthas CA ná comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach a bhíonn ag díriú isteach ar thaighde agus nuálaíocht chun an eitlíocht a chlaochlú i dtreo todhchaí inbhuanaithe atá neodrach ó thaobh na haeráide de. Is iad na comhaltaí bunaidh ná an tAontas Eorpach, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, agus na heagraíochtaí ón earnáil eitlíochta atá liostaithe in Innéacs I den Bhunghníomh Aonair[27]. Sa bhreis air sin, tá comhaltaí comhlachaithe i gComhghnóthas CA a ndéantar iad sin a roghnú trí ghlaonna ar léirithe spéise.

---

[24] Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach.

[25] Rialachán (CE) Uimh. 71/2007 ón gComhairle lena gcuirtear ar bun an Comhghnóthas 'Spéir Ghlan 1'.

[26] Rialachán (AE) Uimh. 558/2014 ón gComhairle lena mbunaítear Comhghnóthas 'Spéir Ghlan 2'.

[27] Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach.

**3.3.3.** Léirítear i *dTábla 3.3.1* na príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas.

### Tábla 3.3.1 – Príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas

| | 2022 | 2021 | Diallas |
|---|---|---|---|
| Buiséad atá ar fáil d'íocaíochtaí (milliúin euro) (1) | 415.3 | 189.9 | 119 % |
| Buiséad atá ar fáil do ghealltanais (milliúin euro) (1) | 411.2 | 182.6 | 125 % |
| Foireann iomlán amhail an 31 Nollaig (2) | 41 | 42 | -2 % |

(1) Áirítear sa bhuiséad atá ar fáil: leithreasuithe ó bhlianta roimhe seo nár úsáideadh, ar chuir an Comhghnóthas isteach i mbuiséad na bliana seo iad, ioncaim shannta agus ath-leithdháiltí chuig an gcéad bliain eile.

(2) Áirítear ar an bhfoireann: oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí conarthacha agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht.

*Foinse:* Sonraí arna soláthar ag an gComhghnóthas.

**3.3.4.** Tá na hathruithe i méid bhuiséad an Chomhghnóthais, mar a thaispeántar i *dTábla 3.3.1*, ag brath go mór ar chéim chur chun feidhme na gclár ilbhliantúil taighde agus nuálaíochta. In 2022, chuir an Comhghnóthas tús le cur chun feidhme an chláir Fís Eorpach. Dá bhrí sin, tá an gealltanas buiséid do na chéad ghlaonna faoi Fís Eorpach a bhí beartaithe do 2022, mar aon leis an mbuiséad íocaíochtaí do na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe gaolmhara, san áireamh i mbuiséad 2022.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.3.5.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht Chomhghnóthas CA agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach *161*.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.3.6.** Rinneamar iniúchóireacht ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Chomhghnóthas CA, atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[28] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid[29] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.3.7.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais Chomhghnóthas CA don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais Chomhghnóthas CA amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna sin, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[28] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[29] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.3.8.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais Chomhghnóthas CA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.3.9.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais Chomhghnóthas CA don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.3.10.** Ní chaitheann na barúlacha seo a leanas amhras ar ár dtuairim.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

### Níl leordhóthain faisnéise ann faoi ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir

**3.3.11.** I gcuntais bhliantúla 2022 ón gComhghnóthas, tá difear suntasach ó bhallchatagóir go chéile (AE agus comhaltaí príobháideacha) i méideanna na ranníocaíochtaí atá aitheanta in aghaidh na ballchatagóire. Sin mar gheall go ndéantar ranníocaíochtaí airgid an Aontais a bhailíochtú agus a aithint nuair a íoctar leis an gComhghnóthas iad ag tús chur chun feidhme an tionscadail, ach nach ndéantar ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí a aithint go dtí tar éis do na costais atá tabhaithe agus dearbhaithe do chur chun feidhme an tionscadail a bheith bailíochtaithe. Níor tugadh aghaidh ar bhealach sách maith i gcuntais bhliantúla fhormhór na gComhghnóthas do 2022 ar an mbearna idir méid na ranníocaíochtaí airgid a bhí aitheanta, ar lámh amháin, agus méid na ranníocaíochtaí comhchineáil, ar an lámh eile, sa mhéid nár tugadh faisnéis faoi ghealltanais dhlíthiúla chomhaltaí na gComhghnóthas ag deireadh na bliana.

**3.3.12.** Sna míreanna seo a leanas, tugaimid tábla forléargais ar na gnóthachain a baineadh amach de réir ranníocaíochtaí na gcomhaltaí in aghaidh gach cláir in 2022.

## Clár Fís 2020 a chur chun feidhme

**3.3.13.** I ***dTábla 3.3.2***, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chlár Fís 2020 i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta ag deireadh 2022.

## Tábla 3.3.2 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís 2020 (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh agus cinntí dlíthiúla) | | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (amhail an 31.12.2022) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costais riaracháin | Gníomhaíochtaí breise (1) | Iomlán | Airgead | Comhchineál bailíochtaithe | Comhchineál tuairiscithe gan bhailíochtú | Comhchineál le haghaidh gníomhaíochtaí breise | Iomlán |
| AE (AS RTD) | 1 716.0 | 39.0 | N/B | 1 755.0 | 1 682.7 | N/B | N/B | N/B | 1 682.7 |
| Comhaltaí príobháideacha | 1 189.6 | 39.0 | 965.3 | 2 193.8 | 30.5 | 829.3 | 139.0 | 1 223.1 | 2 221.9 |
| Iomlán | 2 905.6 | 78.0 | 965.3 | 3 948.8 | 1 713.2 | 829.3 | 139.0 | 1 223.1 | 3 904.6 |

(1) Tá gníomhaíochtaí breise lasmuigh de scóip iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**Tá gealltanais dhlíthiúla na gcomhaltaí ag leibhéal a gcuid spriocanna ranníocaíochta**

**3.3.14.** Chun léargas iomlán a thabhairt ar an méid atá bainte amach ag an gComhghnóthas i gcás chlár Fís 2020, ní foláir breathnú freisin ar leibhéal reatha oibleagáidí oibríochtúla chomhaltaí an Chomhghnóthais ó thaobh comhaontuithe deontais atá sínithe. Ag deireadh 2022, bhí €1 716 mhilliún den ranníocaíocht uasta AE geallta go hiomlán ag an gComhghnóthas do chomhaontuithe deontais sínithe faoi chlár Fís 2020. Den mhéid sin a bhí geallta, tá tuairim is €70.1 milliún (nó 4.1 %) fós le híoc sna blianta amach romhainn do thionscadail atá fós le tabhairt chun críche. Ag an am céanna, bhí gealltanas dlíthiúil tugtha ag na comhaltaí príobháideacha go ndéanfaidís ranníocaíochtaí comhchineáil de €968.3 milliún a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais, mar aon le ranníocaíochtaí comhchineáil de €1 223.1 milliún le haghaidh gníomhaíochtaí breise, nó 101.6 % den sprioc íosta de €2 154.9 milliún. Na méideanna sin a bhí geallta, bhí siad tuairiscithe go hiomlán ag deireadh 2022.

**Laghdaigh cur chun feidhme íocaíochtaí buiséid 2022 le haghaidh gníomhaíochtaí Fís 2020 de réir mar a bhí fadhbanna ag na tairbhithe mar gheall ar COVID-19**

**3.3.15.** I gcás gníomhaíochtaí faoi Fís 2020, ní bhfuair an Comhghnóthas leithreasuithe nua faoi chomhair gealltanas ar bith le haghaidh cúrsaí oibríochtúla toisc go raibh an glao deiridh ar thograí curtha i gcrích ag an gComhghnóthas faoi dheireadh 2020. Bhí an ráta cur chun feidhme do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh cúrsaí oibríochtúla ag 78 % (2021: 83 %). I gcás líon as cuimse de na tionscadail faoi Fís 2020 atá fós ar siúl, cuireadh

moill ar na gníomhaíochtaí teicniúla mar gheall ar COVID-19 nó b'éigean na gníomhaíochtaí sin a laghdú. Dá bhrí sin, b'éigean na tionscadail sin a leasú nó a fhadú agus na híocaíochtaí deiridh a chur siar go dtí 2023.

## Clár Fís Eorpach a chur chun feidhme

**3.3.16.** I ***dTábla 3.3.3***, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chlár Fís Eorpach i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta mar bailíochtaithe agus tuairiscithe ag deireadh 2022.

### Tábla 3.3.3 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís Eorpach (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh) | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (31.12.2022) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costas riaracháin | Iomlán | Airgead | Comhchineál [1] bailíochtaithe | Comhchineál tuairiscithe gan bhailíochtú | Iomlán |
| AE (AS RTD) | 1 660.8 | 39.2 | 1 700.0 | 178.0 | N/B | N/B | 178.0 |
| Comhaltaí príobháideacha | 2 360.8 | 39.2 | 2 400.0 | 1.9 | 0.0 | 0.0 | 1.9 |
| Iomlán | 4 021.6 | 78.4 | 4 100.0 | 179.9 | 0.0 | 0.0 | 179.9 |

(1) Comhdhéanta de ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla (IKOP) agus ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí breise (IKAA).

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**3.3.17.** In 2022, rinne an Coimisiún ranníocaíochtaí airgid a raibh luach €178 milliún ag gabháil leo. Bhain an Comhghnóthas úsáid iomlán (nach mór) as an ranníocaíocht oibríochtúil de €176 mhilliún le haghaidh íocaíochtaí réamh-mhaoinithe a bhain leis na chéad chomhaontuithe deontais a tugadh i gcrích faoi chlár Fís Eorpach.

## Cur chun feidhme íseal i gcás Bhuiséad riaracháin 2022

**3.3.18.** Amhail ag deireadh 2022, bhí an ráta cur chun feidhme don bhuiséad le haghaidh íocaíochtaí riaracháin an Chomhghnóthais (Teideal 2) íseal agus é ag 54 %. De réir na tuarascála ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais an Chomhghnóthais, bhí sé sin amhlaidh go príomha mar gheall gur soláthraíodh seirbhísí TF agus cumarsáide sa ráithe dheiridh de 2022 agus go bhfuil siad sin le híoc in 2023 agus mar gheall ar laghdú sna costais a bhí ar sheirbhísí a bhí á soláthar ag an gCoimisiún.

## Barúlacha maidir leis na córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.3.19.** I dtaca leis an gcaiteachas faoi Fís 2020 agus Fís Eorpach, rinne an Chomhsheirbhís Iniúchóireachta de chuid AS RTD sa Choimisiún iniúchtaí *ex post*. I gcás an chaiteachais faoi Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh), thuairiscigh an Comhghnóthas ráta earráide ionadaíoch de 1.6 % agus ráta earráidí iarmharacha de 0.4 %[30]. I gcás chlár Fís Eorpach, tá iniúchtaí *ex post* fós le déanamh mar nach bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh na chéad íocaíochtaí eatramhacha déanta go dtí 2024.

**3.3.20.** Chun na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais a mheasúnú, rinneamar iniúchóireacht ar shampla randamach d'íocaíochtaí Fís 2020 a rinneadh in 2022, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh[31]. I gcás amháin, fuaireamar agus chainníochtaíomar earráid thromchúiseach a d'eascair as ró-éileamh i gcostas pearsanra mar gur chuir an tairbhí dearbhú costais isteach bunaithe ar na costais a bhí buiséadaithe don fhoireann.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.3.21.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh mar fhreagairt ar ár mbarúlacha ó bhlianta roimhe seo.

[30] Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí 2022 ó Chomhghnóthas CA, caibidil 4.1.1.

[31] I gcás na n-idirbheart íocaíochta deontais a tástáladh ar leibhéal na dtairbhithe, is é 1 % de na costais faoi iniúchóireacht an tairseach thuairiscithe d'earráidí inchainníochtaithe.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2020 | Mhéadaigh an Comhghnóthas go mór an úsáid a bhain sé as foireann eatramhach. Cruthaíonn an cleachtas sin poist bhuana *de facto*, os cionn na bpost dá bhforáiltear sna pleananna bunaíochta foirne. Léiríonn sé sin nach leor leibhéal foirne reachtúla an Chomhghnóthais chun clár oibre taighde agus nuálaíochta an Chomhghnóthais agus pleananna oibre gaolmhara a chur chun feidhme. Tá rioscaí suntasacha ag baint leis an staid seo don Chomhghnóthas freisin, a mhéid a bhaineann le príomhinniúlachtaí a choinneáil, bealaí cuntasachta doiléire, agus éifeachtúlacht foirne níos ísle, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht fhoriomlán an Chomhghnóthais. | In 2022, lean an Comhghnóthas de líon suntasach daoine den fhoireann eatramhach a úsáid. Is é an míniú a thug sé ar an gcás sin ná go raibh teorainneacha ag gabháil leis an bplean bunaíochta don fhoireann sheasta agus go raibh ualach oibre eisceachtúil ann mar gheall go raibh cláir faoi Fís 2020 agus faoi Fís Eorpach le cur chun feidhme ag an am céanna. | Oscailte |
| 2 | 2021 | Ó Eanáir 2016, tá ar na Comhghnóthais cuid de na ranníocaíochtaí fostóra a íoc isteach i scéim pinsin an Aontais. Ós rud é nach ndearna an Coimisiún foráil don chaiteachas sin i mbuiséid na gComhghnóthas, ná nach ndearna sé na | D'íoc CA na ranníocaíochtaí fostóra ábhartha isteach i scéim pinsin an Aontais don bhliain 2022, de réir mar atá sonrasctha ag an gCoimisiún. Bhí ríomh na ranníocaíochta | Dúnta |

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| | | híocaíochtaí a iarraidh go foirmiúil, níl na ranníocaíochtaí sin íoctha go fóill ag CA (ná a réamhtheachtaí).<br><br>I gcomhréir leis na Rialacháin Foirne[32] agus leis an treoraíocht ón gCoimisiún, ba cheart an ranníocaíocht fostóra bhliantúil le haghaidh gach Comhghnóthais a ríomh mar chéatadán den ioncam neamh-Aontais a bhaineann le hioncam iomlán an Chomhghnóthais. I gcás CA, is é 2.3 % (bunaithe ar fhigiúirí 2021) atá sa sciar céatadáin sin. Sonraítear sa Bhunghníomh Aonair, áfach, gur cheart costais riaracháin a chlúdach go comhionann ar bhonn bliantúil idir an tAontas Eorpach agus na comhaltaí eile. Ós rud é gurb ann do na forálacha dlíthiúla sin atá i gcoinbhleacht le chéile, tá an riosca ann go dtiocfadh léirmhínithe éagsúla chun cinn agus go mbeadh tionchair airgeadais éagsúla ag baint leo sin. | bliantúla bunaithe ar an treoraíocht ón gCoimisiún.<br><br>Meastar dá bhrí sin go bhfuil an bharúil seo dúnta. Tá aon ghníomhaíochtaí eile i dtaca leis na forálacha dlíthiúla atá i gcoinbhleacht le chéile lasmuigh de réimse freagrachtaí an Chomhghnóthais. | |
| 3 | 2021 | In 2021, rinneadh doiciméid thábhachtacha a údarú trí íomhá de shíniú an oifigigh údarúcháin a bhí freagrach a chóipeáil agus a ghreamú isteach sa doiciméad i bhformáid Word agus ansin an comhad a thiontú go formáid PDF. Is cleachtas é sin a d'fhéadfadh a bheith ina thrúig le rioscaí dlí, mar go bhféadfaí rialtacht na ndoiciméad sínithe a agóid. | Thug CA síniú leictreonach leormhaith isteach in 2022. | Dúnta |

[32] Airteagal 83a.

An Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan (CA)

# Freagra ón gComhghnóthas

***3.3.11.*** Aithníonn an Comhghnóthas barúil CIE agus tabharfaidh sé aghaidh go hiomlán ar an tsaincheist i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn.

***3.3.20.*** Aontaíonn an Comhghnóthas le torthaí an iniúchta. Sa chomhthéacs sin, tá roinnt gníomhaíochtaí ex-ante curtha chun feidhme ag an gComhghnóthas arb é is aidhm dóibh earráidí comhchosúla a laghdú trí fheasacht a ardú i measc tairbhithe agus oifigeach an Chomhghnóthais atá i gceannas ar chur chun feidhme na ndeontas. Áirítear leo sin:

- Imeachtaí faisnéiseacha a eagrú.

- Na naisc chuig seimineáir ghréasáin a chuirtear ar fáil ar thairseach an AE maidir le Maoiniú & Tairiscintí a chomhroinnt.

- Cumarsáid le tairbhithe (go háirithe le FBManna agus le tairbhithe nuathagtha) maidir le conas na hearráidí is coitianta a sheachaint agus costais ar dheontais AE á ndearbhú.

# 3.4. Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (IHI)

## Réamhrá

**3.4.1.** Rinneadh Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (IHI), atá lonnaithe sa Bhruiséil, a chur ar bun i mí na Samhna 2021 faoi chlár Fís Eorpach go ceann tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2031[33]. Tháinig Comhghnóthas IHI in ionad agus i gcomharbas ar an gComhghnóthas maidir leis an Tionscnamh um Míochaine Nuálaíoch a cuireadh ar bun i mí Feabhra 2007 faoin Seachtú Clár Réime um Thaighde (FP7) go ceann tréimhse deich mbliana[34] (IMI 1), agus ar leathnaíodh a thréimhse feidhmíochta i mí na Bealtaine 2014, faoi chlár Fís 2020, go ceann tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024[35] (IMI 2).

**3.4.2.** Is éard atá i gComhghnóthas IHI ná comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach a bhíonn ag díriú isteach ar thaighde agus nuálaíocht sláinte atá idirdhisciplíneach, inbhuanaithe agus a thugann tús áite don othar. Is iad na comhaltaí bunaidh ná an tAontas Eorpach, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, agus na comhlachais tionscail Eorpacha seo a leanas: COCIR, Cónaidhm Eorpach na dTionscal agus na gComhlachas Cógaisíochta lena n-áirítear Vaccines Europe, EuropaBio, agus MedTech Europe.

---

[33] Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach.

[34] Rialachán (CE) Uimh. 73/2008 ón gComhairle lena gcuirtear ar bun an Comhghnóthas maidir leis an Tionscnamh Comhpháirteach Teicneolaíochta um Chógais Leighis Nuálacha a chur chun feidhme.

[35] Rialachán (AE) Uimh. 557/2014 ón gComhairle lena mbunaítear an Comhghnóthas um an Tionscnamh Leigheasra Nuálaigh 2.

**3.4.3.** Léirítear i *dTábla 3.4.1* na príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas.

### Tábla 3.4.1 – Príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas

| | 2022 | 2021 | Diallas |
|---|---|---|---|
| Buiséad atá ar fáil d'íocaíochtaí (milliúin euro) (1) | 174.8 | 210.4 | -17 % |
| Buiséad atá ar fáil do ghealltanais (milliúin euro) (1) | 272.4 | 11.0 | 2 376 % |
| Foireann iomlán amhail an 31 Nollaig (2) | 49 | 50 | -2 % |

(1) Áirítear sa bhuiséad atá ar fáil: leithreasuithe ó bhlianta roimhe seo nár úsáideadh, ar chuir an Comhghnóthas isteach i mbuiséad na bliana seo iad, ioncaim shannta agus ath-leithdháiltí chuig an gcéad bliain eile.

(2) Áirítear ar an bhfoireann: oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí conarthacha agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht.

*Foinse:* Sonraí arna soláthar ag an gComhghnóthas.

**3.4.4.** Tá na hathruithe i méid bhuiséad an Chomhghnóthais, mar a thaispeántar i *dTábla 3.4.1*, ag brath go mór ar chéim chur chun feidhme na gclár ilbhliantúil taighde agus nuálaíochta. In 2022, chuir an Comhghnóthas tús le cur chun feidhme an chláir Fís Eorpach. Dá bhrí sin, tá an gealltanas buiséid do na chéad ghlaonna faoi Fís Eorpach a bhí beartaithe do 2022 san áireamh i mbuiséad 2022.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.4.5.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht IHI agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach *161*.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.4.6.** Rinneamar iniúchóireacht ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Chomhghnóthas IHI, atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[36] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid[37] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.4.7.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais Chomhghnóthas IHI don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais Chomhghnóthas IHI amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna sin, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[36] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d’achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[37] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.4.8.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais Chomhghnóthas IHI don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartharch.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.4.9.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais Chomhghnóthas IHI don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartharch.

**3.4.10.** Ní chaitheann na barúlacha seo a leanas amhras ar ár dtuairim.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

### Níl leordhóthain faisnéise ann faoi ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir

**3.4.11.** I gcuntais bhliantúla 2022 ón gComhghnóthas, tá difear suntasach ó bhallchatagóir go chéile (AE agus comhaltaí príobháideacha) i méideanna na ranníocaíochtaí atá aitheanta in aghaidh na ballchatagóire. Sin mar gheall go ndéantar ranníocaíochtaí airgid an Aontais a bhailíochtú agus a aithint nuair a íoctar leis an gComhghnóthas iad ag tús chur chun feidhme an tionscadail, ach nach ndéantar ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí a aithint go dtí tar éis do na costais atá tabhaithe agus dearbhaithe do chur chun feidhme an tionscadail a bheith bailíochtaithe. Níor tugadh aghaidh ar bhealach sách maith i gcuntais bhliantúla fhormhór na gComhghnóthas do 2022 ar an mbearna idir méid na ranníocaíochtaí airgid a bhí aitheanta, ar lámh amháin, agus méid na ranníocaíochtaí comhchineáil, ar an lámh eile, sa mhéid nár tugadh faisnéis faoi ghealltanais dhlíthiúla chomhaltaí na gComhghnóthas ag deireadh na bliana ó thaobh comhaontuithe deontais agus conarthaí sínithe de.

**3.4.12.** Sna míreanna seo a leanas, tugaimid tábla forléargais ar na gnóthachain a baineadh amach de réir ranníocaíochtaí na gcomhaltaí in aghaidh gach cláir in 2022.

## Cur chun feidhme chlár FP7

**Níl cur chun feidhme an chláir tugtha chun críche fós ag an gComhghnóthas**

**3.4.13.** I *dTábla 3.4.2*, tugtar forléargas ar ranníocaíochtaí na gcomhaltaí leis an gComhghnóthas do chlár FP7, amhail ag deireadh 2022.

### Tábla 3.4.2 – Ranníocaíochtaí na gComhaltaí do FP7 (i € milliúin)

| Comhaltaí | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh) | | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (31.12.2022) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costais riaracháin | Gníomhaíochtaí breise (1) | Iomlán | Airgead | Comhchineál bailíochtaithe | Comhchineál tuairiscithe gan bhailíochtú | Comhchineál le haghaidh gníomhaíochtaí breise | Iomlán |
| AE (AS RTD) | 966.0 | 34.0 | N/B | 1 000.0 | 938.4 | N/B | N/B | N/B | 938.4 |
| Comhaltaí príobháideacha | 966.0 | 34.0 | N/B | 1 000.0 | 21.9 | 808.9 | 23.0 | N/B | 853.8 |
| Iomlán | 1 932.0 | 68.0 | N/B | 2 000.0 | 960.3 | 808.9 | 23.0 | N/B | 1 792.2 |

(1) Tá gníomhaíochtaí breise lasmuigh de scóip iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**3.4.14.** Ag deireadh 2022, bhí na ranníocaíochtaí uasta oibríochtúla AE de €966 mhilliún le haghaidh comhaontuithe deontais a bhí sínithe faoi chlár FP7 geallta go hiomlán ag an gComhghnóthas. Deich mbliana i ndiaidh chlár FP7, tá thart ar €44.9 milliún (nó 5 %) fós le híoc i gcomhair tionscadail atá fós le críochnú. Bhí gealltanas dlíthiúil tugtha ag na comhaltaí príobháideacha go ndéanfaidís ranníocaíochtaí comhchineáil de €914.2 milliún a chur ar fáil nó 94.6 % den sprioc íosta oibríochtúil de €966 mhilliún. Den mhéid geallta sin, bhí €831.9 milliún (nó 86 % den sprioc) tuairiscithe acu ag deireadh 2022.

## Clár Fís 2020 a chur chun feidhme

**3.4.15.** I *dTábla 3.4.3*, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chlár Fís 2020 i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta mar bailíochtaithe agus tuairiscithe ag deireadh 2022.

### Tábla 3.4.3 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís 2020 (i € milliúin)

| Comhaltaí | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh) | | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (31.12.2022) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costais riaracháin | Gníomhaíochtaí breise (1) | Iomlán | Airgead | Comhchineál bailíochtaithe | Comhchineál tuairiscithe gan bhailíochtú | Comhchineál le haghaidh gníomhaíochtaí breise | Iomlán |
| AE (AS RTD) | 1 595.4 | 42.6 | N/B | 1 638.0 | 991.7 | N/B | N/B | N/B | 991.7 |
| EFPIA agus Comhpháirtithe Comhlachaithe | 1 595.4 | 42.6 | N/B | 1 638.0 | 36.3 | 854.0 | 224.0 | N/B | 1 114.3 |
| Iomlán | 3 190.8 | 85.2 | N/B | 3 276.0 | 1 028.0 | 854.0 | 224.0 | N/B | 2 106.0 |

(1) Tá gníomhaíochtaí breise lasmuigh de scóip iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**Tá gealltanais dhlíthiúla na gcomhaltaí ag leibhéal a gcuid spriocanna ranníocaíochta**

**3.4.16.** Chun léargas iomlán a thabhairt ar an méid atá bainte amach ag an gComhghnóthas i gcás chlár Fís 2020, ní foláir breathnú freisin ar leibhéal reatha oibleagáidí oibríochtúla chomhaltaí an Chomhghnóthais ó thaobh comhaontuithe deontais atá sínithe. Ag deireadh 2022, bhí €1 452.1 milliún nó 91 % den ranníocaíocht uasta AE de €1 595.4 milliún geallta ag an gComhghnóthas do chomhaontuithe deontais sínithe faoi chlár Fís 2020. Den mhéid sin a bhí geallta, tá tuairim is €484.8 milliún (nó 33.4 %) fós le híoc sna blianta amach romhainn do thionscadail atá fós le tabhairt chun críche. Ag an am céanna, bhí gealltanas dlíthiúil tugtha ag na comhaltaí príobháideacha agus ag na comhpháirtithe comhlachaithe go ndéanfaidís ranníocaíochtaí comhchineáil de €1 499.4 milliún a chur ar fáil nó 94 % den sprioc íosta de €1 595.4 milliún. Den mhéid geallta sin, bhí €1 078.9 milliún (nó 67.6 % den sprioc) tuairiscithe acu ag deireadh 2022.

**Cur chun feidhme íocaíochtaí buiséid 2021 le haghaidh gníomhaíochtaí faoi Fís 2020 bainte amach ag 87 %**

**3.4.17.** I gcás gníomhaíochtaí faoi Fís 2020, ní bhfuair an Comhghnóthas leithreasuithe nua faoi chomhair gealltanas ar bith le haghaidh cúrsaí oibríochtúla toisc go raibh an glao deiridh ar thograí curtha i gcrích ag an gComhghnóthas faoi dheireadh 2020. Bhí an ráta cur chun feidhme do na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh cúrsaí oibríochtúla ag 87 % i gcomparáid le 96 % in 2021.

## Clár Fís Eorpach a chur chun feidhme

**3.4.18.** I ***dTábla 3.4.4***, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chlár Fís Eorpach i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na

gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta mar bailíochtaithe agus tuairiscithe ag deireadh 2022.

### Tábla 3.4.4 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís Eorpach (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh) | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (31.12.2022) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costas riaracháin | Iomlán | Airgead | Comhchineál (1) bailíochtaithe | Comhchineál tuairiscithe gan bhailíochtú | Iomlán |
| AE (AS RTD) | 1 169.8 | 30.2 | 1 200.0 | 1.4 | N/B | N/B | 1.4 |
| Comhaltaí príobháideacha | 969.8 | 30.2 | 1 000.0 | 1.4 | 0.0 | 0.0 | 1.4 |
| Comhpháirtithe rannchuiditheacha | 200.0 | 0.0 | 200.0 | N/B | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| Iomlán | 2 339.6 | 60.4 | 2 400.0 | 2.8 | 0.0 | 0.0 | 2.8 |

(1) Comhdhéanta de ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla (IKOP) agus ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí breise (IKAA).
Ar leibhéal an Chomhghnóthais, ní bheidh IKAA níos mó ná 40 % d'iomlán na ranníocaíochtaí comhchineáil ó na comhaltaí príobháideacha.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**3.4.19.** In 2022, ní dhearna an Coimisiún de ranníocaíochtaí airgid i leith chostais riaracháin an Chomhghnóthais ach ar luach €1.4 milliún. Níor iarr an Comhghnóthas ranníocaíochtaí airgid dá ghníomhaíochtaí faoi Fís Eorpach, mar nach mbeidh an chéad dá ghlao a seoladh in 2022 faoi Fís Eorpach críochnaithe go dtí 2023.

## Barúlacha maidir leis na córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.4.20.** I gcás an chaiteachais faoi FP7, rinne an Comhghnóthas iniúchtaí *ex post*, agus i gcás an chaiteachais faoi Fís 2020 agus Fís Eorpach, tá an Chomhsheirbhís Iniúchóireachta de chuid AS RTD sa Choimisiún freagrach as na hiniúchtaí *ex post*. Thuairiscigh an Comhghnóthas go raibh ráta earráide ionadaíoch de 2.1 % agus ráta earráidí iarmharacha de 0.8 % ann dá chaiteachas faoi FP7, agus ráta earráide ionadaíoch de 2.7 % agus ráta earráidí iarmharacha de 0.9 % ann dá chaiteachas faoi Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh)[38]. I gcás chlár Fís Eorpach, tá iniúchtaí *ex post* fós le déanamh mar nach bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh na chéad íocaíochtaí eatramhacha déanta go dtí 2024.

[38] Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí 2022 (Comhdhlúite) ó Chomhghnóthas IHI , caibidil 4.1.1.

**3.4.21.** Chun na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais a mheasúnú, rinneamar iniúchóireacht ar shampla randamach d'íocaíochtaí Fís 2020 a rinneadh in 2022, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh[39]. Níor aimsíodh aon earráidí ná aon laigí rialaithe ag tairbhithe an Chomhghnóthais a sampláladh.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.4.22.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh mar fhreagairt ar ár mbarúlacha ó bhlianta roimhe seo.

[39] I gcás na n-idirbheart íocaíochta deontais a tástáladh ar leibhéal na dtairbhithe, is é 1 % de na costais faoi iniúchóireacht an tairseach thuairiscithe d'earráidí inchainníochtaithe.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Ó Eanáir 2016, tá ar na Comhghnóthais cuid de na ranníocaíochtaí fostóra a íoc isteach i scéim pinsin an Aontais. Ós rud é nach ndearna an Coimisiún foráil don chaiteachas sin i mbuiséid na gComhghnóthas, ná nach ndearna sé na híocaíochtaí a iarraidh go foirmiúil, níl na ranníocaíochtaí sin íoctha go fóill ag IHI (ná a réamhtheachtaí).<br>I gcomhréir leis na Rialacháin Foirne[40] agus leis an treoraíocht ón gCoimisiún, ba cheart an ranníocaíocht fostóra bhliantúil le haghaidh gach Comhghnóthais a ríomh mar chéatadán den ioncam neamh-Aontais a bhaineann le hioncam iomlán an Chomhghnóthais. I gcás IHI, is é 2.5 % (bunaithe ar fhigiúirí 2021) atá sa sciar céatadáin sin. Sonraítear sa Bhunghníomh Aonair, áfach, gur cheart costais riaracháin a chlúdach go comhionann ar bhonn bliantúil idir an tAontas Eorpach agus na comhaltaí eile (bunaithe ar fhigiúirí 2021). Ós rud é gurb ann do na forálacha dlíthiúla sin atá i gcoinbhleacht le chéile, tá an riosca ann go | D'íoc IHI na ranníocaíochtaí fostóra ábhartha isteach i scéim pinsin an Aontais don bhliain 2022, de réir mar atá sonrasctha ag an gCoimisiún. Bhí ríomh na ranníocaíochta bliantúla bunaithe ar an treoraíocht ón gCoimisiún.<br>Meastar dá bhrí sin go bhfuil an bharúil seo dúnta. Tá aon ghníomhaíochtaí eile i dtaca leis na forálacha dlíthiúla atá i gcoinbhleacht le chéile lasmuigh de réimse | Dúnta |

[40] Airteagal 83a.

Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (IHI)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| | | dtiocfadh léirmhínithe éagsúla chun cinn agus go mbeadh tionchair airgeadais éagsúla ag baint leo sin. | freagrachtaí an Chomhghnóthais. | |

# Freagra ón gComhghnóthas

***3.4.11.*** Maidir le cuntais bhliantúla 2023, déanfaidh Comhghnóthas IHI an cur i láthair a mhionchoigeartú.

***3.4.16.*** Laghdaíodh an sprioc ranníocaíochta tosaigh i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach. Is é 74% ráta gnóthachtála na sprice laghdaithe ranníocaíochta dlíthiúla.

# 3.5. An Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2)

## Réamhrá

**3.5.1.** Rinneadh an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2), atá lonnaithe sa Bhruiséil, a chur ar bun i mí na Samhna 2021 faoi chlár Fís Eorpach go ceann tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2031[41]. Tháinig Comhghnóthas Clean H2 in ionad agus i gcomharbas ar an Tionscnamh Comhpháirteach Teicneolaíochta um Chealla Breosla agus um Hidrigin a cuireadh ar bun i mí Feabhra 2008 faoin Seachtú Clár Réime um Thaighde (FP7) go ceann tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2017[42] (FCH 1), agus ar leathnaíodh a thréimhse feidhmíochta i mí na Bealtaine 2014, faoi chlár Fís 2020, go ceann tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024[43] (FCH 2).

**3.5.2.** Is comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach é Comhghnóthas 'Clean H2' i réimse an taighde agus na nuálaíochta i dteicneolaíocht na gceall breosla agus hidrigine. Is iad na comhaltaí bunaidh ná an tAontas Eorpach, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, an comhlachas tionscail (Hydrogen Europe) agus an comhlachas taighde (Hydrogen Europe Research).

**3.5.3.** Léirítear na príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas i ***dTábla 3.5.1***.

### Tábla 3.5.1 – Príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas

| | 2022 | 2021 | Diallas |
|---|---|---|---|
| Buiséad atá ar fáil d'íocaíochtaí (milliúin euro) (1) | 118.3 | 56.2 | 110 % |
| Buiséad atá ar fáil do ghealltanais (milliúin euro) (1) | 314.3 | 15.8 | 1 889 % |
| Foireann iomlán amhail an 31 Nollaig (2) | 29 | 27 | 7 % |

(1) Áirítear sa bhuiséad atá ar fáil: leithreasuithe ó bhlianta roimhe seo nár úsáideadh, ar chuir an Comhghnóthas isteach i mbuiséad na bliana seo iad, ioncaim shannta agus ath-leithdháiltí chuig an gcéad bliain eile.

(2) Áirítear ar an bhfoireann: oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí conarthacha agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht.

*Foinse:* Sonraí arna soláthar ag an gComhghnóthas.

---

[41] Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach.

[42] Rialachán (CE) Uimh. 521/2008 ón gComhairle an lena mbunaítear an Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin.

[43] Rialachan (AE) Uimh. 559/2014 ón gComhairle lena mbunaítear an Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2.

**3.5.4.** Tá na hathruithe i méid bhuiséad an Chomhghnóthais, mar a thaispeántar i *dTábla 3.5.1*, ag brath go mór ar chéim chur chun feidhme na gclár ilbhliantúil taighde agus nuálaíochta atá á gcur chun feidhme aige. In 2022, chuir an Comhghnóthas tús le cur chun feidhme an chláir Fís Eorpach. Dá bhrí sin, tá an gealltanas buiséid do na chéad ghlaonna faoi Fís Eorpach a bhí beartaithe do 2022, mar aon leis an mbuiséad íocaíochtaí do na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe gaolmhara, san áireamh i mbuiséad 2022.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.5.5.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht Chomhghnóthas 'Clean H2' agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach *161*.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.5.6.** Rinneamar iniúchóireacht ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Chomhghnóthas Clean H2, atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[44] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid[45] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

---

[44] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[45] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus na nótaí míniúcháin.

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.5.7.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais Chomhghnóthas Clean H2 don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartach, ar staid airgeadais Chomhghnóthas Clean H2 amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.5.8.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais Chomhghnóthas Clean H2 don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.5.9.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais Chomhghnóthas Clean H2 don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartach.

**3.5.10.** Ní chaitheann na barúlacha seo a leanas amhras ar ár dtuairim.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

### Níl leordhóthain faisnéise ann faoi ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir

**3.5.11.** I gcuntais bhliantúla 2022 ón gComhghnóthas, tá difear suntasach ó bhallchatagóir go chéile (AE agus comhaltaí príobháideacha) i méideanna na ranníocaíochtaí atá aitheanta in aghaidh na ballchatagóire. Sin mar gheall go ndéantar ranníocaíochtaí airgid an Aontais a bhailíochtú agus a aithint nuair a íoctar leis an gComhghnóthas iad ag tús chur chun feidhme an tionscadail, ach nach ndéantar ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí a aithint go dtí tar éis do na costais atá tabhaithe agus dearbhaithe do chur chun feidhme an tionscadail a bheith bailíochtaithe. Níor tugadh aghaidh ar bhealach sách maith i gcuntais bhliantúla fhormhór na gComhghnóthas do 2022 ar an mbearna idir méid na ranníocaíochtaí airgid a bhí aitheanta, ar lámh amháin, agus méid na ranníocaíochtaí comhchineáil, ar an lámh eile, sa mhéid nár tugadh faisnéis faoi ghealltanais dhlíthiúla chomhaltaí na gComhghnóthas ag deireadh na bliana ó thaobh comhaontuithe deontais agus conarthaí sínithe de.

**3.5.12.** Sna míreanna seo a leanas, tugaimid tábla forléargais ar na gnóthachain a baineadh amach de réir ranníocaíochtaí na gcomhaltaí in aghaidh gach cláir in 2022.

### Cur chun feidhme chlár FP7

**Bhí spriocanna ranníocaíochtaí na gcomhaltaí bainte amach ag an gComhghnóthas**

**3.5.13.** I ***dTábla 3.5.2***, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chlár FP7 i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta ag deireadh 2022.

### Tábla 3.5.2 – Ranníocaíochtaí na gComhaltaí do FP7 (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh agus cinntí dlíthiúla) | | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (amhail an 31.12.2022) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costais riaracháin | Gníomhaíochtaí breise (1) | Iomlán | Airgead | Comhchineál bailíochtaithe | Comhchineál tuairiscithe gan bhailíochtú | Comhchineál le haghaidh gníomhaíochtaí breise | Iomlán |
| AE (AS RTD) | 450.0 | 20.0 | N/B | 470.0 | 407.4 | 19.1 | N/B | N/B | 426.5 |
| Comhaltaí príobháideacha | 450.0 | 20.0 | N/B | 470.0 | 17.9 | 450.0 | 10.7 | N/B | 478.6 |
| Iomlán | 900.0 | 40.0 | N/B | 940.0 | 425.3 | 469.1 | 10.7 | N/B | 905.1 |

(1) Tá gníomhaíochtaí breise lasmuigh de scóip iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**3.5.14.** Ag deireadh 2022, bhí €425.8 milliún nó 95 % den ranníocaíocht uasta AE de €450 milliún geallta ag an gComhghnóthas do chomhaontuithe deontais sínithe faoi chlár FP7. Den mhéid sin a bhí geallta, tá tuairim is €3 mhilliún (nó 0.7 %) fós le híoc in 2023 do dhúnadh an tionscadail deiridh atá fós ar siúil faoi FP7. Ar an lámh eile, amhail ag deireadh 2022, bhí

ranníocaíocht chomhchineáil ag leibhéal na sprice íosta de €450 milliún dearbhaithe ag na comhaltaí príobháideacha, agus bhí sé sin bailíochtaithe go hiomlán ag an gComhghnóthas.

## Clár Fís 2020 a chur chun feidhme

**3.5.15.** I *dTábla 3.5.3*, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chlár Fís 2020 i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta mar bailíochtaithe agus tuairiscithe ag deireadh 2022.

### Tábla 3.5.3 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís 2020 (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh agus cinntí dlíthiúla) | | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (amhail an 31.12.2022) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costais riaracháin | Gníomhaíochtaí breise (1) | Iomlán | Airgead | Comhchineál bailíochtaithe | Comhchineál tuairiscithe gan bhailíochtú | Comhchineál le haghaidh gníomhaíochtaí breise | Iomlán |
| AE (AS RTD) | 646.0 | 19.0 | N/B | 665.0 | 573.1 | N/B | N/B | N/B | 573.1 |
| Comhaltaí príobháideacha | 76.0 | 19.0 | 285.0 | 380.0 | 14.8 | 51.7 | 47.3 | 1 039.0 | 1 152.8 |
| Iomlán | 722.0 | 38.0 | 285.0 | 1 045.0 | 587.9 | 51.7 | 47.3 | 1 039.0 | 1 725.9 |

(1) Tá gníomhaíochtaí breise lasmuigh de scóip iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**3.5.16.** Maidir leis an leibhéal íseal de ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí príobháideacha le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla de €51.7 milliún (2021: €38.6 milliún) atá bailíochtaithe, is í an chúis atá leis sin ná go ndéanann an Comhghnóthas iad a dheimhniú níos déanaí, nuair a bhíonn na híocaíochtaí deiridh le haghaidh tionscadail Fís 2020 déanta agus nuair a bhíonn deimhnithe an ráitis airgeadais dlite.

**Tá gealltanais dhlíthiúla na gcomhaltaí ag leibhéal a gcuid spriocanna ranníocaíochta**

**3.5.17.** Chun léargas iomlán a thabhairt ar an méid atá bainte amach ag an gComhghnóthas i gcás chlár Fís 2020, ní foláir breathnú freisin ar leibhéal reatha oibleagáidí oibríochtúla chomhaltaí an Chomhghnóthais ó thaobh comhaontuithe deontais agus conarthaí atá sínithe. Ag deireadh 2022, bhí an ranníocaíocht uasta oibríochtúil AE de €646 mhilliún le haghaidh comhaontuithe deontais agus conarthaí a bhí sínithe faoi chlár Fís 2020 geallta go hiomlán ag an gComhghnóthas. Den mhéid sin a bhí geallta, tá tuairim is €88.5 milliún (nó 13.7 %) fós le híoc sna blianta amach romhainn do thionscadail agus do chonarthaí atá fós le tabhairt chun críche. Ag an am céanna, bhí gealltanas dlíthiúil tugtha ag na comhaltaí príobháideacha go ndéanfaidís ranníocaíochtaí comhchineáil de €190.5 milliún a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais, mar aon le ranníocaíochtaí comhchineáil de €1 039 milliún le haghaidh gníomhaíochtaí breise, nó 340.6 % den sprioc íosta de €361 mhilliún. Na méideanna sin a bhí geallta, bhí siad tuairiscithe go hiomlán ag deireadh 2022.

**Laghdaigh cur chun feidhme íocaíochtaí buiséid 2022 le haghaidh gníomhaíochtaí Fís 2020 de réir mar a mhéadaigh costais ar na tairbhithe agus de réir mar a bhí fadhbanna seachadta acu**

**3.5.18.** I gcás gníomhaíochtaí faoi Fís 2020, ní bhfuair an Comhghnóthas leithreasuithe nua faoi chomhair gealltanas ar bith le haghaidh cúrsaí oibríochtúla toisc go raibh an glao deiridh ar thograí curtha i gcrích ag an gComhghnóthas faoi dheireadh 2020. Bhí an ráta cur chun feidhme do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh cúrsaí oibríochtúla ag 81 % (2021: 88 %), agus sin mar gheall, dar leis an gComhghnóthas, ar ardú costais agus fadhbanna seachadta a bhí ag na tairbhithe mar gheall ar ghéarchéim COVID-19 agus mar gheall ar an gcogadh san Úcráin. Dá bhrí sin, b’éigean ré fhormhór thionscadail Fís 2020 a fhadú agus na híocaíochtaí deiridh a chur siar go dtí 2023.

## Clár Fís Eorpach a chur chun feidhme

**3.5.19.** I ***dTábla 3.5.4***, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chlár Fís Eorpach i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta mar bailíochtaithe agus tuairiscithe ag deireadh 2022.

### Tábla 3.5.4 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís Eorpach (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh) | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (31.12.2022) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costas riaracháin | Iomlán | Airgead | Comhchineál (1) bailíochtaithe | Comhchineál tuairiscithe gan bhailíochtú | Iomlán |
| AE (AS RTD) | 969.8 | 30.2 | 1 000.0 | 80.0 | N/B | N/B | 80.0 |
| Comhaltaí príobháideacha | 969.8 | 30.2 | 1 000.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| Iomlán | 1 939.6 | 60.4 | 2 000.0 | 80.0 | 0.0 | 0.0 | 80.0 |

(1) Comhdhéanta de ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla (IKOP) agus ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí breise (IKAA).

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**3.5.20.** In 2022, rinne an Coimisiún ranníocaíochtaí airgid a raibh luach €80 milliún ag gabháil leo, ar úsáid an Comhghnóthas €47 milliún (nó 59 %) de sin le haghaidh íocaíochtaí réamh-mhaoinithe a bhain leis na chéad chomhaontuithe deontais a bhí tugtha i gcrích faoi chlár Fís Eorpach. Ag éirí as an meastóireacht ar ghlao 2022, tarraingíodh siar ceithre thopaic nach raibh tograí oiriúnacha curtha isteach lena n-aghaidh. Rinne an Comhghnóthas an buiséad íocaíochtaí nár úsáideadh de €33 mhilliún a aistriú go dtí 2023 chun go bhféadfar é a

úsáid chun réamh-mhaoinithe a bhaineann le comhaontuithe deontais nua, atá ceaptha a bheith sínithe ag tús 2023, a íoc.

### Cur chun feidhme íseal i gcás Bhuiséad riaracháin 2022

**3.5.21.** Amhail ag deireadh 2022, bhí na rátaí cur chun feidhme don bhuiséad riaracháin (Teideal 2) íseal le 62 % de na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 51 % de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí déanta. Mhínigh an Comhghnóthas gurb amhlaidh an cás mar gheall gur cuireadh íocaíocht ar fionraí i gcás an tsocraithe a bhí déanta don imeacht a bhí beartaithe don tSeachtain um Hidrigin, gur cuireadh siar an próiseas soláthair poiblí le haghaidh athchóiriú an fhoirgnimh oifigí, agus gur cuireadh moill ar chreatchonradh seirbhíse tábhachtach a thabhairt i gcrích.

## Barúlacha maidir leis na córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.5.22.** I gcás an chaiteachais faoi FP7, rinne an Comhghnóthas iniúchtaí *ex post*, agus i gcás an chaiteachais faoi Fís 2020 agus Fís Eorpach, tá an Chomhsheirbhís Iniúchóireachta de chuid AS RTD sa Choimisiún freagrach as na hiniúchtaí *ex post*. I gcás an chaiteachais deiridh faoi FP7 a rinneadh in 2022, ní dhearna an Comhghnóthas iniúchtaí *ex post* mar gheall ar na méideanna neamhshuntasacha a bhí i gceist. Dá réir sin, is iad na rátaí earráide críochnaitheacha le haghaidh chaiteachas FP7 a d'fhoilsigh sé ná an ráta earráide ionadaíoch de 2.0 % agus an ráta earráidí iarmharacha de 1.1 % a bhí bainte amach aige ag deireadh 2021. I gcás chaiteachas an Chomhghnóthais faoi Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh), thuairiscigh an Comhghnóthas ráta earráide ionadaíoch de 2.9 % agus ráta earráidí iarmharacha de 0.9 %[46]. I gcás chlár Fís Eorpach, ní dhearnadh aon iniúchtaí *ex post* mar nach bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh na chéad íocaíochtaí eatramhacha déanta go dtí 2024.

**3.5.23.** Chun na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais a mheasúnú, rinneamar iniúchóireacht ar shampla randamach d'íocaíochtaí Fís 2020 a rinneadh in 2022, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh[47]. I gcás amháin, fuaireamar agus chainníochtaíomar earráid thromchúiseach a d'eascair as costais phearsanra mar gur éiligh an tairbhí uaireanta a oibríodh i rith tréimhsí saoire agus go raibh costais bhreise luach saothair, a bhí neamh-incháilithe, curtha san áireamh sna costais a dearbhaíodh. I gcás eile, fuaireamar agus chainníochtaíomar

46 Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí 2022 ó Chomhghnóthas 'Clean H2', caibidil 4.1.1.1.

47 Maidir leis na hidirbhearta íocaíochta deontais a tástáladh ag na tairbhithe, is é 1 % de na costais faoi iniúchóireacht an tairseach tuairiscithe d'earráidí inchainníochtaithe.

earráid thromchúiseach a d’eascair as costas a éilíodh ar threalamh, ach nár úsáid an tairbhí an trealamh sin i rith na tréimhse tuairiscithe, agus as costais phearsanra a bhí ríofa mícheart.

## Barúlacha ar shaincheisteanna eile

**3.5.24.** De réir na Rialachán Foirne[48] agus threoirlínte an Chomhghnóthais, ba cheart don choiste foirne comhalta amháin ar a laghad a ainmniú ar an gcoiste roghnúcháin le haghaidh nósanna imeachta earcaíochta seachtraí. Fuaireamar nach raibh duine a bhí ainmnithe ag an gcoiste foirne curtha san áireamh mar chomhalta den choiste roghnúcháin don nós imeachta earcaíochta a ndearnamar iniúchóireacht air. Ní raibh ar chumas an Chomhghnóthais coiste foirne a bhunú cé gur sheol sé roinnt glaonna ar léiriú spéise a bhí dírithe ar an bhfoireann iomlán.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.5.25.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh mar fhreagairt ar ár mbarúlacha ó bhlianta roimhe seo.

[48] Airteagal 9 in éineacht le hAirteagal 1a.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Ó Eanáir 2016, tá ar na Comhghnóthais cuid de na ranníocaíochtaí fostóra a íoc isteach i scéim pinsin an Aontais. Ós rud é nach ndearna an Coimisiún foráil don chaiteachas sin i mbuiséid na gComhghnóthas, ná nach ndearna sé na híocaíochtaí a iarraidh go foirmiúil, níl na ranníocaíochtaí sin íoctha go fóill ag Clean H2 (ná a réamhtheachtaí).<br><br>I gcomhréir leis na Rialacháin Foirne[49] agus leis an treoraíocht ón gCoimisiún, ba cheart an ranníocaíocht fostóra bhliantúil le haghaidh gach Comhghnóthais a ríomh mar chéatadán den ioncam neamh-Aontais a bhaineann le hioncam iomlán an Chomhghnóthais. I gcás Clean H2, is é 2.9 % (bunaithe ar fhigiúirí 2021) atá sa sciar céatadáin sin. Sonraítear sa Bhunghníomh Aonair, áfach, gur cheart costais riaracháin a chlúdach go comhionann ar bhonn bliantúil idir an tAontas Eorpach agus na comhaltaí eile. Ós rud é gurb ann do na forálacha dlíthiúla sin atá i gcoinbhleacht le chéile, tá an | D'íoc Clean H2 na ranníocaíochtaí fostóra ábhartha isteach i scéim pinsin an Aontais don bhliain 2022, de réir mar atá sonrasctha ag an gCoimisiún. Bhí ríomh na ranníocaíochta bliantúla bunaithe ar an treoraíocht ón gCoimisiún.<br><br>Meastar dá bhrí sin go bhfuil an bharúil seo dúnta. Tá aon ghníomhaíochtaí eile i dtaca leis na forálacha dlíthiúla atá i gcoinbhleacht le chéile | Dúnta |

[49] Airteagal 83a.

An Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| | | riosca ann go dtiocfadh léirmhínithe éagsúla chun cinn agus go mbeadh tionchair airgeadais éagsúla ag baint leo sin. | lasmuigh de réimse freagrachtaí an Chomhghnóthais. | |

An Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Clean H2)

# Freagra ón gComhghnóthas

*3.5.11.* Aithníonn an Comhghnóthas barúil CIE agus tabharfaidh sé aghaidh ar an tsaincheist i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn.

*3.5.23.* Ar an gcéad dul síos, bainfidh an Comhghnóthas leas as barúlacha CIE chun tuilleadh feabhais a chur ar a straitéis rialaithe rioscabhunaithe atá ann cheana maidir le bearta coisctheacha, a chuirtear i bhfeidhm ar shraith shonrach d'íocaíochtaí an Chomhghnóthais i leith tairbhithe níos lú agus daoine nuathagtha.

Ar an dara dul síos, baineann barúil CIE le difríocht uainiúcháin ó thaobh incháilitheachta costais de. Sular bhailíochtaigh an Comhghnóthas an íocaíocht, thug sé treoir don tairbhí na costais trealaimh ghaolmhara a bhaint de na ráitis airgeadais reatha. Mar sin féin, le riail simplithe H2020, ceadaítear do thairbhithe gan na costais a thiteann faoi thairseach 15% de na costais phearsanra atá á n-éileamh a mhionsonrú. Dá bhrí sin, ní raibh costas iomlán an trealaimh le feiceáil go hiomlán ag an gComhghnóthas. Amach anseo, mar bheart ceartaitheach, tabharfaidh an Comhghnóthas treoir dá dtairbhithe na míreanna trealaimh is costasaí a chur san áireamh agus a mhionsonrú ina luach iomlán.

*3.5.24.* Mar gheall ar imthosca a bhaineann le COVID-19, in ainneoin roinnt iarrachtaí sa dá bhliain seo a chuaigh thart, ní raibh bunú an choiste foirne nua indéanta go praiticiúil. Mar sin féin, ó thús 2023 i leith, tá an coiste foirne socraithe agus é ag feidhmiú go hiomlán cheana féin.

# 3.6. An Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha (KDT)

## Réamhrá

**3.6.1.** Rinneadh an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha (KDT), atá lonnaithe sa Bhruiséil, a chur ar bun i mí na Samhna 2021 faoi chlár Fís Eorpach go ceann tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2031[50]. Tháinig Comhghnóthas KDT in ionad agus i gcomharbas ar an gComhghnóthas Comhpháirteanna agus Córais Leictreonacha le haghaidh Ceannaireacht Eorpach (ECSEL) a cuireadh ar bun i mí na Bealtaine 2014 faoin gclár Fís 2020, ar feadh tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024[51]. An 26 Meitheamh 2014, tháinig Comhghnóthas ECSEL in ionad agus i gcomharbas ar an gComhairle Chomhairleach Eorpach um an Tionscnamh Nanaileictreonaice agus ar an gComhghnóthas um Thaighde agus Theicneolaíocht Ardfhorbartha le haghaidh Córais agus Faisnéis Neadaithe.

**3.6.2.** Is comhpháirtíocht phoiblí-príobháideach é Comhghnóthas KDT a bhíonn ag díriú isteach ar thaighde agus nuálaíocht i lárchórais teicneolaíochta digiteacha atá bunriachtanach le go mbainfidh an Eoraip ceannaireacht iomaíoch amach sa gheilleagar digiteach, go sonrach in earnáil na gcomhpháirteanna agus córas leictreonach. Is iad na comhaltaí bunaidh ná an tAontas Eorpach, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, na Stáit Rannpháirteacha, agus trí chomhlachas tionsclaíochta (an Comhlachas Eorpach um Lánpháirtiú Córas Cliste, an Comhlachas um Ghníomhaíochtaí Eorpacha Nanaileictreonaice, agus an Comhlachas Tionsclaíochta INSIDE), atá ionadaíoch, faoi seach, ar gheallsealbhóirí i micrileictreonaic agus nanaileictreonaic, córais chliste chomhtháite agus córais leabaithe agus chibirfhisiciúla.

---

[50] Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach.

[51] Rialachán (AE) Uimh. 561/2014 ón gComhairle lena mbunaítear Comhghnóthas ECSEL.

**3.6.3.** In Iúil 2023, ghlac an Chomhairle an rialachán leasaitheach lena ndearnadh Comhghnóthas KDT a thiontú go dtí an Comhghnóthas um Shliseanna[52]. De réir an leasaithe, is é an réimse sainchúraimí feabhsaithe atá ag an gComhghnóthas um Shliseanna ná forbairt teicneolaíochtaí leathsheoltóra nuálacha den chéad ghlúin eile a chothú agus acmhainneachtaí táirgthe sliseanna san Eoraip faoin 'Tionscnamh Sliseanna don Eoraip' a neartú. Chuige sin, méadóidh na ranníocaíochtaí ón Aontas leis an gComhghnóthas ó €1.8 billiún go dtí €4.2 billiún, agus tá €2.7 billiún le cistiú as an gclár 'Fís Eorpach' agus €1.5 billiún as an gClár don Eoraip Dhigiteach.

**3.6.4.** Léirítear na príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas i ***dTábla 3.6.1***.

### Tábla 3.6.1 – Príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas

| | 2022 | 2021 | Diallas |
|---|---|---|---|
| Buiséad atá ar fáil d'íocaíochtaí (milliúin euro) (1) | 222.2 | 199.3 | 11 % |
| Buiséad atá ar fáil do ghealltanais (milliúin euro) (1) | 261.4 | 214.0 | 22 % |
| Foireann iomlán amhail an 31 Nollaig (2) | 25 | 29 | -14 % |

(1) Áirítear sa bhuiséad atá ar fáil: leithreasuithe ó bhlianta roimhe seo nár úsáideadh, ar chuir an Comhghnóthas isteach i mbuiséad na bliana seo iad, ioncaim shannta agus ath-leithdháiltí chuig an gcéad bliain eile.

(2) Áirítear ar an bhfoireann: oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí conarthacha agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht.

*Foinse:* Sonraí arna soláthar ag an gComhghnóthas.

**3.6.5.** Tá na hathruithe i méid bhuiséad an Chomhghnóthais, mar a thaispeántar i ***dTábla 3.6.1***, ag brath go mór ar chéim chur chun feidhme na gclár ilbhliantúil taighde agus nuálaíochta atá á gcur chun feidhme ag an gComhghnóthas. Bhí tús curtha i ndeireadh 2021 ag an gComhghnóthas leis na chéad ghlaonna faoi Fís Eorpach a sheoladh. Tá an gealltanas buiséid do na chéad ghlaonna faoi Fís Eorpach a bhí beartaithe do 2022, mar aon leis an mbuiséad íocaíochtaí do na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe gaolmhara, san áireamh i mbuiséad 2022.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.6.6.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht Chomhghnóthas KDT agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais

[52] Rialachán (AE) 2023/1782 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna.

agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach *161*.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.6.7.** Rinneamar iniúchóireacht ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Chomhghnóthas KDT, atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[53] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid[54] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.6.8.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais Chomhghnóthas KDT don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022, léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais Comhghnóthais KDT amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna sin, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[53] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[54] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.6.9.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais Chomhghnóthas KDT don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.6.10.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais Chomhghnóthas KDT don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.6.11.** Ní chaitheann na barúlacha seo a leanas amhras ar ár dtuairim.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

### Níl leordhóthain faisnéise ann faoi ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir

**3.6.12.** I gcuntais bhliantúla 2022 ón gComhghnóthas, níor nocht an Comhghnóthas faisnéis thábhachtach maidir le ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir, ar faisnéis í sin a bhí ábhartha ó thaobh gnóthachain an Chomhghnóthais ag deireadh na bliana a chur in iúl ar bhealach iomlán. Go sonrach, ní dhearna an Comhghnóthas comparáid idir na ranníocaíochtaí a bhí faighte ó gach ballchatagóir suas go dtí deireadh na bliana faoi gach aon chlár agus na spriocanna de ranníocaíocht dhlíthiúil a bhí socraithe don chlár a bhí i gceist. Thairis sin, ní dhearna an Comhghnóthas ranníocaíochtaí na Stát Rannpháirteach leis an gComhghnóthas a nochtadh sna cuntais sin.

**3.6.13.** Sna míreanna seo a leanas, tugaimid tábla forléargais ar na gnóthachain a baineadh amach de réir ranníocaíochtaí na gcomhaltaí in aghaidh gach cláir in 2022.

## Clár Fís 2020 a chur chun feidhme

**3.6.14.** I *dTábla 3.6.2*, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chlár Fís 2020 i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta mar bailíochtaithe agus tuairiscithe ag deireadh 2022.

### Tábla 3.6.2 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís 2020 (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh) | | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (31.12.2022) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costais riaracháin | Gníomhaíochtaí breise (1) | Iomlán | Airgead | Comhchineál bailíochtaithe | Comhchineál measta gan bhailíochtú | Comhchineál le haghaidh gníomhaíochtaí breise | Iomlán |
| AE (AS CNCT) | 1 169.7 | 15.3 | N/B | 1 185.0 | 1 158.6 | N/B | N/B | N/B | 1 158.6 |
| Comhaltaí príobháideacha | 1 617.5 | 40.0 | N/B | 1 657.5 | 24.3 | 406.5 | 1 172.5 | N/B | 1 603.3 |
| Stáit Rannpháirteacha (2) | 1 170.0 | N/B | N/B | 1 170.0 | 495.3 | N/B | N/B | N/B | 495.3 |
| Iomlán | 3 957.2 | 55.3 | N/B | 4 012.5 | 1 678.2 | 406.5 | 1 172.5 | N/B | 3 257.2 |

(1) Tá gníomhaíochtaí breise lasmuigh de scóip iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí.
(2) Íocann Stáit Rannpháirteacha a ranníocaíochtaí díreach chuig na tairbhithe. Ní dhéantar na ranníocaíochtaí airgid sin a chur i láthair i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**Tá formhór ranníocaíocht chomhchineáil chomhaltaí príobháideacha an Chomhghnóthais le bailíochtú go fóill**

**3.6.15.** Chun léargas iomlán a thabhairt ar an méid atá bainte amach ag an gComhghnóthas, ní foláir breathnú freisin ar leibhéal reatha oibleagáidí oibríochtúla chomhaltaí an Chomhghnóthais ó thaobh comhaontuithe deontais. Ag deireadh 2022, bhí an ranníocaíocht uasta oibríochtúil AE de €1 169.7 milliún le haghaidh comhaontuithe deontais a bhí sínithe faoi chlár Fís 2020 geallta go hiomlán ag an gComhghnóthas. Den mhéid sin a bhí geallta, tá tuairim is €139.2 milliún (nó 11.9 %) fós le híoc sna blianta amach romhainn do thionscadail atá fós le tabhairt chun críche.

**3.6.16.** Ag deireadh 2022, mheas an Comhghnóthas go raibh ranníocaíochtaí comhchineáil féideartha deiridh na gcomhaltaí príobháideacha le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla faoi Fís 2020 ag €1 579 milliún nó 97.6 % den sprioc íosta de €1 617.5 milliún. Ní féidir leis an gComhghnóthas ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí príobháideacha a ríomh agus a bhailíochtú go dtí go bhfuil gach íocaíocht déanta ag an gComhghnóthas agus ag na Stáit Rannpháirteacha, agus go bhfuil gach deimhniú do dheireadh tionscadail agus na deimhnithe gaolmhara do na ráitis airgeadais faighte. Sa chomhthéacs sin agus i bhfianaise nach raibh ach méid teoranta tionscnamh Fís 2020 críochnaithe ag deireadh 2022, b'ionann na ranníocaíochtaí comhchineáil tionscail a bhí bailíochtaithe agus €406.5 milliún (nó 25 % den sprioc).

**3.6.17.** Bunaithe ar na cinntí cistiúcháin ó Bhord na nÚdarás Poiblí sa Chomhghnóthas le haghaidh na nglaonna ar thograí ó 2014 go 2020, is é ár meastachán, amhail ag deireadh 2022, ná go raibh tiomantais chonarthacha de luach €1 106.2 milliún (nó 95 % den sprioc) sínithe ag na Stáit Rannpháirteacha. As an méid sin, bhí ranníocaíochtaí iomlána airgeadais de €495.3 milliún dearbhaithe acu, a raibh sé sin íoctha go díreach acu le tairbhithe náisiúnta na dtionscadal faoi Fís 2020 a raibh siad ag tacú leo. Is ann don difríocht sna figiúirí mar nach ndéanann na Stáit Rannpháirteacha a gcuid costas a aithint agus a thuairisciú don Chomhghnóthas go dtí go mbíonn na tionscadail faoi Fís 2020 a bhfuil siad ag tacú leo tugtha chun críche.

**Chuaigh cur chun feidhme íocaíochtaí buiséid 2022 le haghaidh gníomhaíochtaí Fís 2020 in olcas de réir mar a mhéadaigh costais ar na tairbhithe agus de réir mar a bhí fadhbanna seachadta acu**

**3.6.18.** I gcás gníomhaíochtaí faoi Fís 2020, ní bhfuair an Comhghnóthas leithreasuithe nua faoi chomhair gealltanas ar bith le haghaidh cúrsaí oibríochtúla toisc go raibh an glao deiridh ar thograí curtha i gcrích ag an gComhghnóthas faoi dheireadh 2020. Thit an ráta cur chun feidhme do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh cúrsaí oibríochtúla go dtí 74 % (2021: 85 %), agus sin mar gheall, dar leis an gComhghnóthas, ar fhadhbanna a bhí ag na tairbhithe mar gheall ar COVID-19. I gcás líon as cuimse de na tionscadail faoi Fís 2020 atá fós ar siúl, cuireadh moill ar na gníomhaíochtaí teicniúla mar gheall ar ghanntanas in ábhair sliseanna nó mar gheall nach raibh daoine den fhoireann in ann rochtain a fháil ar shaoráidí forbartha agus tástála. Dá bhrí sin, b'éigean na tionscadail sin a leasú nó a fhadú agus na híocaíochtaí deiridh a chur siar go dtí 2023.

## Clár Fís Eorpach a chur chun feidhme

**3.6.19.** I ***dTábla 3.6.3***, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chlár Fís Eorpach i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na

gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta mar bailíochtaithe agus tuairiscithe ag deireadh 2022.

## Tábla 3.6.3 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís Eorpach (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Bunghníomh Aonair) | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (31.12.2022) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costas riaracháin | Iomlán | Airgead | Comhchineál [(2)] bailíochtaithe | Comhchineál measta gan bhailíochtú | Iomlán |
| AE (AS CNCT) | 1 773.7 | 26.3 | 1 800.0 | 171.7 | N/B | N/B | 171.7 |
| Comhaltaí príobháideacha | 2 484.8 | 26.3 | 2 511.1 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| Stáit rannpháirteacha [(1)] | 1 773.7 | N/B | 1 773.7 | 0.0 | N/B | N/B | 0.0 |
| Iomlán | 6 032.2 | 52.6 | 6 084.8 | 171.7 | 0.0 | 0.0 | 171.7 |

(1) Íocann Stáit Rannpháirteacha a ranníocaíochtaí díreach chuig na tairbhithe. Ní dhéantar na ranníocaíochtaí airgid sin a chur i láthair i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais.
(2) Comhdhéanta de ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla (IKOP) agus ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí breise (IKAA).

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**3.6.20.** Amhail ag deireadh 2022, bhí ranníocaíochtaí airgid a raibh luach €171.7 milliún ag gabháil leo déanta ag an gCoimisiún, ar úsáid an Comhghnóthas €42.3 milliún (nó 25 %) de sin le haghaidh íocaíochtaí réamh-mhaoinithe a bhain leis na chéad chomhaontuithe deontais a bhí tugtha i gcrích faoi chlár Fís Eorpach.

### Cur chun feidhme íseal i gcás Bhuiséad riaracháin 2022

**3.6.21.** Amhail ag deireadh 2022, bhí an ráta cur chun feidhme don bhuiséad le haghaidh íocaíochtaí riaracháin an Chomhghnóthais (Teideal 2) íseal agus é ag 63 %. De réir Thuarascáil ar bhainistíocht bhuiséad agus airgeadais 2022 ón gComhghnóthas, bhí sin amhlaidh go príomha mar gheall ar uirlisí TF chun tacú le Córas Lárbhainistithe na Ranníocaíochtaí Airgeadais a bheith curtha siar agus mar gheall ar laghdú i ngníomhaíochtaí cumarsáide.

## Barúlacha maidir leis na córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.6.22.** I dtaca leis an gcaiteachas faoi Fís 2020 agus Fís Eorpach, tá an Chomhsheirbhís Iniúchóireachta de chuid AS RTD sa Choimisiún freagrach as iniúchtaí *ex post*. I gcás an chaiteachais faoi Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh), thuairiscigh an Comhghnóthas ráta earráide ionadaíoch de 2.6 % agus ráta earráidí iarmharacha de 0.8 %[55]. I gcás chlár Fís Eorpach, tá iniúchtaí *ex post* fós le déanamh mar nach bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh na chéad íocaíochtaí eatramhacha déanta go dtí 2024.

**3.6.23.** Chun na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais a mheasúnú, rinneamar iniúchóireacht ar shampla randamach d'íocaíochtaí Fís 2020 a rinneadh in 2022, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh[56]. Níor aimsíodh aon earráidí ná aon laigí rialaithe ag tairbhithe an Chomhghnóthais a sampláladh.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.6.24.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh mar fhreagairt ar ár mbarúlacha ó bhlianta roimhe seo.

[55] Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí 2022 ó Chomhghnóthas KDT, caibidil 4.1.1.1.

[56] Maidir leis na hidirbhearta íocaíochta deontais a tástáladh ag na tairbhithe, is é 1 % de na costais faoi iniúchóireacht an tairseach tuairiscithe d'earráidí inchainníochtaithe.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Ó Eanáir 2016, tá ar na Comhghnóthais cuid de na ranníocaíochtaí fostóra a íoc isteach i scéim pinsin an Aontais. Ós rud é nach ndearna an Coimisiún foráil don chaiteachas sin i mbuiséid na gComhghnóthas, ná nach ndearna sé na híocaíochtaí a iarraidh go foirmiúil, níl na ranníocaíochtaí sin íoctha go fóill ag KDT (ná a réamhtheachtaí).<br>I gcomhréir leis na Rialacháin Foirne[57] agus leis an treoraíocht ón gCoimisiún, ba cheart an ranníocaíocht fostóra bhliantúil le haghaidh gach Comhghnóthais a ríomh mar chéatadán den ioncam neamh-Aontais a bhaineann le hioncam iomlán an Chomhghnóthais. I gcás KDT, is é 50.1 % (bunaithe ar fhigiúirí 2021) atá sa sciar céatadáin sin. Sonraítear sa Bhunghníomh Aonair, áfach, gur cheart costais riaracháin a chlúdach go comhionann ar bhonn bliantúil idir an tAontas Eorpach agus na comhaltaí eile. Ós rud é gurb ann do na forálacha dlíthiúla sin atá i gcoinbhleacht le chéile, tá an riosca ann go dtiocfadh léirmhínithe éagsúla chun cinn agus go mbeadh tionchair airgeadais éagsúla ag baint leo sin. | D'íoc KDT na ranníocaíochtaí fostóra ábhartha isteach i scéim pinsin an Aontais don bhliain 2022, de réir mar atá sonrasctha ag an gCoimisiún. Bhí ríomh na ranníocaíochta bliantúla bunaithe ar an treoraíocht ón gCoimisiún.<br>Meastar dá bhrí sin go bhfuil an bharúil seo dúnta. Tá aon ghníomhaíochtaí eile i dtaca leis na forálacha dlíthiúla atá i gcoinbhleacht le chéile lasmuigh de réimse freagrachtaí an Chomhghnóthais. | Dúnta |

An Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha (KDT)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 2 | 2021 | Ní dhearna an Coimisiún measúnú ar na riachtanais acmhainní breise atá ag an gComhghnóthas i ndáil le córas pleanáilte ar a dtugtar Córas Lárbhainistithe na Ranníocaíochtaí Airgeadais a chur chun feidhme, ná níor áiríodh iad sna chéad mheastacháin acmhainní foirne de chuid an Chomhghnóthais chun an clár Fís Eorpach a chur chun feidhme. | Tá na gníomhaíochtaí sin lasmuigh de réimse freagrachtaí an Chomhghnóthais. | Dúnta |
| 3 | 2021 | Ag éirí as an togra ón gCoimisiún lena leasaítear an Bunghníomh Aonair[58], déanfar Comhghnóthas KDT a aistriú go Comhghnóthas um Shliseanna amach anseo. De réir an togra sin, déanfaidh an Comhghnóthas tionscadail de luach thart ar €10.9 billiún a chur chun feidhme faoi CAI 2021-2027, agus ba cheart dó 19 nduine eile a earcú ar an bhfoireann ionas go mbeadh an 50 duine den fhoireann reachtach a bhí beartaithe bainte amach faoi 2025. Ós rud é nach raibh ach 29 nduine ar an bhfoireann ag an gComhghnóthas ag deireadh 2021, d’fhéadfadh dúshláin shuntasacha maidir le hacmhainní daonna a bheith os comhair an Chomhghnóthais i mbainistiú na hearcaíochta nua seo, sa bhreis ar na próisis nua riaracháin agus oibríochtúla atá fós le bunú. | Amhail ag deireadh 2022, thit an líon den fhoireann reachtach a bhí líonta sa Chomhghnóthas go dtí 25 as an líon de 30 post a bhí molta sa phlean bunaíochta in 2022. | Oscailte |

[57] Airteagal 83a.

[58] Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna, COM(2022) 47 final.

# Freagra ón gComhghnóthas

***3.6.12.*** Maidir le cuntais bhliantúla amach anseo, smaoineoidh Comhghnóthas KDT ar an bhfaisnéis seo a fheabhsú, go háirithe maidir leis an gcomparáid le spriocanna dlíthiúla na gclár faoi seach. I ndáil leis sin, oibreoidh sé i gcomhar leis na Comhghnóthais eile ar theimpléad comhchuibhithe do na cuntais bhliantúla. Ina theannta sin, cuirfear an fhaisnéis a iarradh ar fáil freisin sa tuarascáil ar bhainistiú buiséadach agus airgeadais.

***3.6.16.*** Bunaítear le hAirteagal 16.3.c ó Rialachán Chomhghnóthas KDT ón gComhairle ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí príobháideacha mar chostais iomlána arna dtabhú ag na comhaltaí príobháideacha lúide ranníocaíocht airgeadais Chomhghnóthas KTD agus lúide ranníocaíocht airgeadais na Stát Rannpháirteach. Ós rud é nach n-aithníonn na Stáit Rannpháirteacha aon chostais ná íocaíocht iarbhír go dtí go mbeidh na tionscadail tugtha chun críche, ní féidir leis na comhaltaí príobháideacha ach meastacháin ar na ranníocaíochtaí comhchineáil a sholáthar.

***3.6.18.*** Chuaigh cur chun feidhme bhuiséad 2022 do ghníomhaíochtaí Fís 2020 in olcas mar bhí costais mhéadaithe agus fadhbanna seachadta ag tairbhithe mar gheall ar staid na paindéime COVID-19.

# 3.7. An Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach (CBE)

## Réamhrá

**3.7.1.** Rinneadh an Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach (CBE), atá lonnaithe sa Bhruiséil, a chur ar bun i mí na Samhna 2021 faoi chlár Fís Eorpach go ceann tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2031[59]. Tháinig Comhghnóthas CBE in ionad agus i gcomharbas ar Chomhghnóthas na dTionscal Bithbhunaithe (BBI) a cuireadh ar bun i mí na Bealtaine 2014 faoin gclár Fís 2020 ar feadh tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024[60].

**3.7.2.** Is comhpháirtíocht phoiblí-príobháideach é Comhghnóthas CBE a bhíonn ag díriú isteach ar thaighde agus nuálaíocht i gcomhair earnáil de thionscail bhithbhuanaithe chiorclacha atá inbhuanaithe agus iomaíoch. Is iad na comhaltaí bunaidh ná an tAontas Eorpach, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, agus comhpháirtithe tionsclaíocha a ndéanann Cuibhreannas na dTionscal Bithbhunaithe ionadaíocht thar a gceann.

**3.7.3.** Léirítear na príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas i ***dTábla 3.7.1***.

### Tábla 3.7.1 – Príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas

| | 2022 | 2021 | Diallas |
|---|---|---|---|
| Buiséad atá ar fáil d'íocaíochtaí (milliúin euro) (1) | 80.3 | 174.8 | -54 % |
| Buiséad atá ar fáil do ghealltanais (milliúin euro) (1) | 264.2 | 5.3 | 4 885 % |
| Foireann iomlán amhail an 31 Nollaig (2) | 26 | 22 | 18 % |

(1) Áirítear sa bhuiséad atá ar fáil: leithreasuithe ó bhlianta roimhe seo nár úsáideadh, ar chuir an Comhghnóthas isteach i mbuiséad na bliana seo iad, ioncaim shannta agus ath-leithdháiltí chuig an gcéad bliain eile.

(2) Áirítear ar an bhfoireann: oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí conarthacha agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht.

*Foinse:* Sonraí arna soláthar ag an gComhghnóthas.

**3.7.4.** Tá na hathruithe i méid bhuiséad an Chomhghnóthais, mar a thaispeántar i ***dTábla 3.7.1***, ag brath go mór ar chéim chur chun feidhme na gclár ilbhliantúil taighde agus nuálaíochta atá á gcur chun feidhme aige. In 2022, chuir an Comhghnóthas tús le cur chun feidhme an chláir Fís Eorpach. Dá bhrí sin, tá an gealltanas buiséid do na chéad ghlaonna faoi Fís Eorpach a bhí beartaithe do 2021 agus 2022 san áireamh i mbuiséad 2022.

---

[59] Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach.

[60] Rialachán (AE) Uimh. 560/2014 ón gComhairle lena mbunaítear Comhghnóthas BBI.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.7.5.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht Chomhghnóthas CBE agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach *161*.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.7.6.** Rinneamar iniúchóireacht ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Chomhghnóthas CBE, atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[61] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid[62] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.7.7.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais Chomhghnóthas CBE don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022, léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais Comhghnóthais CBE amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta

[61] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[62] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus na nótaí míniúcháin.

céanna sin, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.7.8.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais Chomhghnóthas CBE don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartharch.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.7.9.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais Chomhghnóthas CBE don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartharch.

**3.7.10.** Ní chaitheann na barúlacha seo a leanas amhras ar ár dtuairim.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

### Níl leordhóthain faisnéise ann faoi ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir

**3.7.11.** I gcuntais bhliantúla 2022 ón gComhghnóthas, tá difear suntasach ó bhallchatagóir go chéile (AE agus comhaltaí príobháideacha) i méideanna na ranníocaíochtaí atá aitheanta in aghaidh na ballchatagóire. Sin mar gheall go ndéantar ranníocaíochtaí airgid an Aontais a bhailíochtú agus a aithint nuair a íoctar leis an gComhghnóthas iad ag tús chur chun feidhme an tionscadail, ach nach ndéantar ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí a aithint go dtí tar éis do na costais atá tabhaithe agus dearbhaithe do chur chun feidhme an tionscadail a bheith bailíochtaithe. Níor tugadh aghaidh ar bhealach sách maith i gcuntais bhliantúla fhormhór na gComhghnóthas do 2022 ar an mbearna idir méid na ranníocaíochtaí airgid a bhí aitheanta, ar lámh amháin, agus méid na ranníocaíochtaí comhchineáil, ar an lámh eile, sa mhéid nár tugadh faisnéis faoi ghealltanais dhlíthiúla chomhaltaí na gComhghnóthas ag deireadh na bliana ó thaobh comhaontuithe deontais agus conarthaí sínithe de.

**3.7.12.** Sna míreanna seo a leanas, tugaimid tábla forléargais ar na gnóthachain a baineadh amach de réir ranníocaíochtaí na gcomhaltaí in aghaidh gach cláir in 2022.

## Clár Fís 2020 a chur chun feidhme

**3.7.13.** I ***dTábla 3.7.2***, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chlár Fís 2020 i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta mar bailíochtaithe agus tuairiscithe ag deireadh 2022.

## Tábla 3.7.2 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís 2020 (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh agus cinntí dlíthiúla) | | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (amhail an 31.12.2022) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla (1) | Costais riaracháin | Gníomhaíochtaí breise (2) | Iomlán | Airgead | Comhchineál bailíochtaithe | Comhchineál measta gan bhailíochtú | Comhchineál le haghaidh gníomhaíochtaí breise | Iomlán |
| AE (AS RTD) | 815.8 | 19.2 | N/B | 835.0 | 770.3 | N/B | N/B | N/B | 770.3 |
| Comhaltaí príobháideacha | 475.3 | 19.2 | 2 235.5 | 2 730.0 | 22.5 | 65.9 | 67.6 | 1 797.9 | 1 953.9 |
| Iomlán | 1 291.1 | 38.4 | 2 235.5 | 3 565.0 | 792.8 | 65.9 | 67.6 | 1 797.9 | 2 724.2 |

(1) Tá na spriocanna do ranníocaíochtaí airgid AE agus na gcomhaltaí príobháideacha laghdaithe €140 milliún. Tá na spriocanna do ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí príobháideacha leagtha síos i gcláir oibre bhliantúla na gComhghnóthas.

(2) Tá gníomhaíochtaí breise lasmuigh de scóip iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí. Ardaíodh a sprioc íosta de €1 755 mhilliún go dtí €2 235.5 milliún ionas go mbainfeadh comhaltaí príobháideacha amach oibleagáid ranníocaíochta iomlán íosta de €2 730 milliún ar a laghad.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**3.7.14.** Bhí ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí príobháideacha le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla a bhí bailíochtaithe fós íseal ag €65.9 milliún, mar nach ndéanann an Comhghnóthas iad a dheimhniú go dtí go mbíonn na híocaíochtaí deiridh do na tionscadail faoi Fís 2020 déanta agus go mbíonn na deimhnithe don ráiteas airgeadais dlite.

**Ní bheidh a sprioc ranníocaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla bainte amach ag na comhaltaí príobháideacha ag deireadh chur chun feidhme an chláir**

**3.7.15.** Chun léargas iomlán a thabhairt ar an méid atá bainte amach ag an gComhghnóthas i gcás chlár Fís 2020, ní foláir breathnú freisin ar leibhéal reatha oibleagáidí oibríochtúla chomhaltaí an Chomhghnóthais ó thaobh comhaontuithe deontais atá sínithe. Ag deireadh 2022, bhí an ranníocaíocht uasta oibríochtúil AE de €815.8 milliún le haghaidh comhaontuithe deontais a bhí sínithe faoi chlár Fís 2020 geallta go hiomlán ag an gComhghnóthas. Den mhéid sin a bhí geallta, tá tuairim is €94 mhilliún (nó 11.5 %) fós le híoc sna blianta amach romhainn do thionscadail atá fós le tabhairt chun críche.

**3.7.16.** Ar an lámh eile, amhail ag deireadh 2022, bhí gealltanas dlíthiúil déanta ag na comhaltaí príobháideacha go ndéanfaidís ranníocaíochtaí comhchineáil agus airgeadais de €258.4 milliún a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais, nó 54 % den sprioc tháscach de €475.3 milliún atá leagtha síos sna cláir oibre bliantúla atá glactha

ag an gComhghnóthas. Den mhéid geallta sin, bhí €154.7 milliún (nó 32.5 % den sprioc) tuairiscithe acu ag deireadh 2022. In 2022, b’éigean don Chomhghnóthas thart ar €8.2 milliún de thionscadail sínithe a chur ar ceal mar gheall go ndearnadh tionscadal suaithinseach faoi Fís 2020 a fhoirceannadh gan choinne agus mar gheall go ndearnadh roinnt tionscadal eile a chur ar fionraí. Ós rud é go raibh gach glao faoi Fís 2020 dúnta ag deireadh 2020, ní dhéanfaidh an Comhghnóthas an sprioc tháscach i gcás ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí príobháideacha i leith gníomhaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais a bhaint amach faoi dheireadh na clárthréimhse. Cé go ndúirt an Comhghnóthas go raibh a chuid cuspóirí oibríochtúla dá ghlaonna faoi Fís 2020 bainte amach aige, is riosca do ghnóthachan foriomlán chlár an Chomhghnóthais faoi Fís 2020 atá sa laghdú suntasach i ranníocaíochtaí na gcomhaltaí príobháideacha.

**3.7.17.** Ar mhaithe lena chinntiú go ndéanfar sprioc fhoriomlán ranníocaíochtaí na gcomhaltaí príobháideacha de €2 730 milliún atá leagtha síos i Rialachán Bunaidh na gComhghnóthas a bhaint amach faoi dheireadh na clárthréimhse, rinne an Comhghnóthas a sprioc i gcás ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí príobháideacha i leith gníomhaíochtaí breise a ardú go dtí €2 235.5 milliún. Amhail ag deireadh 2022, bhí ranníocaíochtaí comhchineáil i leith gníomhaíochtaí breise de luach €1 797.9 milliún, nó 73.8 % den sprioc nua, tuairiscithe ag na comhaltaí príobháideacha, ach ní raibh an próiseas deimhniúcháin tugtha chun críche i gcás €658 milliún nó 37 % den mhéid a bhí tuairiscithe. Chun an baol nach ndéanfaidh an Comhghnóthas an sprioc nua i gcás ranníocaíochtaí comhchineáil i leith gníomhaíochtaí breise a bhaint amach faoi dheireadh an chláir a mhaolú, mhol Cuibhreannas na dTionscal Bithbhunaithe do Bhord Rialaithe an Chomhghnóthais i mí na Samhna 2022 infheistíocht bhreise de €416 mhilliún ó na comhaltaí príobháideacha i leith gníomhaíochtaí breise in 2023 a fhormheas.

**Chuaigh cur chun feidhme íocaíochtaí buiséid 2022 le haghaidh gníomhaíochtaí Fís 2020 in olcas de réir mar a mhéadaigh costais ar na tairbhithe agus de réir mar a bhí fadhbanna seachadta acu**

**3.7.18.** I gcás gníomhaíochtaí faoi Fís 2020, ní bhfuair an Comhghnóthas leithreasuithe nua faoi chomhair gealltanas ar bith le haghaidh cúrsaí oibríochtúla toisc go raibh an glao deiridh ar thograí curtha i gcrích ag an gComhghnóthas faoi dheireadh 2020. Thit an ráta cur chun feidhme do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh cúrsaí oibríochtúla go dtí 65 % (2021: 85 %), agus sin mar gheall, dar leis an gComhghnóthas, ar ardú costais agus fadhbanna seachadta a bhí ag na tairbhithe mar gheall ar ghéarchéim COVID-19 agus mar gheall ar an gcogadh san Úcráin. Dá bhrí sin, b’éigean ré fhormhór thionscadail Fís 2020 a fhadú agus na híocaíochtaí deiridh a chur siar go dtí 2023.

### Clár Fís Eorpach a chur chun feidhme

**3.7.19.** I *dTábla 3.7.3*, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chlár Fís Eorpach i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta mar bailíochtaithe agus tuairiscithe ag deireadh 2022.

### Tábla 3.7.3 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís Eorpach (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh) | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (31.12.2022) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costas riaracháin | Iomlán | Airgead | Comhchineál [1] bailíochtaithe | Comhchineál measta gan bhailíochtú | Iomlán |
| AE (AS RTD) | 976.5 | 23.5 | 1 000.0 | 0.8 | N/B | N/B | 0.8 |
| Comhaltaí príobháideacha | 976.5 | 23.5 | 1 000.0 | 0.8 | 0.0 | 0.0 | 0.8 |
| Iomlán | 1 953.0 | 47.0 | 2 000.0 | 1.7 | 0.0 | 0.0 | 1.7 |

(1) Comhdhéanta de ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla (IKOP) agus ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí breise (IKAA).

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**3.7.20.** In 2022, ní raibh ach 47 % den bhuiséad a bhí geallta le haghaidh tionscadail faoin gcéad ghlao shuntasach faoi Fís Eorpach, de luach €120 milliún, a bhí seolta ag an gComhghnóthas níos túisce sa bhliain curtha chun feidhme aige.

**3.7.21.** In 2022, rinne an Coimisiún agus na comhaltaí príobháideacha ranníocaíochtaí airgid de €0.8 milliún ón dá dhream i leith chostais riaracháin an Chomhghnóthais. Níor iarr an Comhghnóthas ranníocaíochtaí airgid dá ghníomhaíochtaí faoi Fís Eorpach, mar go raibh sé ag dréim leis nach gcríochnófaí an chéad ghlao faoi Fís Eorpach (a bhí seolta aige i dtús 2022) go dtí an chéad leath de 2023.

### Cur chun feidhme íseal i gcás Bhuiséad riaracháin 2022

**3.7.22.** Amhail ag deireadh 2022, bhí an ráta cur chun feidhme don bhuiséad le haghaidh íocaíochtaí tuarastail an Chomhghnóthais (Teideal 1) íseal agus é ag 55 %. De réir an Chomhghnóthais, tharla sé sin mar gheall ar mhoill a bhain le tús a chur le conarthaí fostaíochta do dhaoine a earcaíodh in 2022.

## Barúlacha maidir leis na córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.7.23.** I dtaca leis an gcaiteachas faoi Fís 2020 agus Fís Eorpach, tá an Chomhsheirbhís Iniúchóireachta de chuid AS RTD sa Choimisiún freagrach as iniúchtaí *ex post*. I gcás an chaiteachais faoi Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh), thuairiscigh an Comhghnóthas

ráta earráide ionadaíoch de 1.9 % agus ráta earráidí iarmharacha de 1.2 %[63]. I gcás chlár Fís Eorpach, tá iniúchtaí *ex post* fós le déanamh mar nach bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh na chéad íocaíochtaí eatramhacha déanta go dtí 2024.

**3.7.24.** Chun na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais a mheasúnú, rinneamar iniúchóireacht ar shampla randamach d'íocaíochtaí Fís 2020 a rinneadh in 2022, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh[64]. I gcás amháin, fuaireamar agus chainníochtaíomar earráid thromchúiseach a d'eascair as ró-éileamh ar chostas pearsanra mar gheall gur athraigh an tairbhí an modh ríofa don ráta de réir na huaire laistigh den bhliain airgeadais agus go ndearnadh costais pinsin agus bónais neamh-incháilithe a chur san áireamh sna costais a dearbhaíodh.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.7.25.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh mar fhreagairt ar ár mbarúlacha ó bhlianta roimhe seo.

[63] Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí 2022 ó Chomhghnóthas CBE, caibidil 4.1.2.

[64] Maidir leis na hidirbhearta íocaíochta deontais a tástáladh ag na tairbhithe, is é 1 % de na costais faoi iniúchóireacht an tairseach tuairiscithe d'earráidí inchainníochtaithe.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2020, 2021 | De réir rialachán bunaidh an Chomhghnóthais, ba cheart do chomhaltaí an tionscail ranníocaíocht airgid de €182.5 milliún ar a laghad a thabhairt i leith chostais oibríochtúla an Chomhghnóthais. D'fhan na ranníocaíochtaí airgid ó chomhaltaí an tionscail i leith chostais oibríochtúla an Chomhghnóthais ag leibhéal íseal de €3.3 milliún, áfach. Dá thoradh sin, rinne an Coimisiún a sprioc do ranníocaíochtaí airgid don Chomhghnóthas a laghdú €140 milliún.<br><br>Amhail ag deireadh 2021, bhí gealltanas dlíthiúil déanta ag na comhaltaí príobháideacha go ndéanfaidís ranníocaíochtaí comhchineáil agus airgeadais de €266.5 milliún a sholáthar, nó 56 % den sprioc tháscach de €475.3 milliún atá leagtha síos sna cláir oibre bliantúla atá glactha ag an gComhghnóthas. Ós rud é go raibh gach glao faoi Fís 2020 dúnta ag deireadh 2020, ní dhéanfaidh an Comhghnóthas an sprioc tháscach dá chomhaltaí príobháideacha a bhaint amach faoi dheireadh na clárthréimhse. | Don staid ag deireadh 2022, féach mír ***3.7.16***.<br><br>Choimeád CBE na ranníocaíochtaí airgid ó na comhaltaí príobháideacha i leith chostais oibríochtúla an Chomhghnóthais ag an leibhéal íseal de €3.3 milliún. | Oscailte |

An Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach (CBE)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 2 | 2021 | Ag deireadh 2021, thuairiscigh comhaltaí an tionscail ranníocaíochtaí comhchineáil iomlána do ghníomhaíochtaí breise de €1 646.5 milliún nó 74 % den sprioc de €2 225.4 milliún. Mar sin féin, le haghaidh €715.6 milliún (nó 43 % den mhéid a tuairiscíodh), níor tugadh an próiseas deimhniúcháin i gcrích. D'fhéadfadh gealltanas na gcomhaltaí príobháideacha an riosca a mhaolú nach mbainfidh an Comhghnóthas amach a sprioc maidir le ranníocaíochtaí le haghaidh gníomhaíochtaí breise faoi dheireadh chlár Fís 2020. | Don staid ag deireadh 2022, féach mír ***3.7.17***.<br>D'fhonn a áirithiú go mbainfear amach an sprioc faoi dheireadh an chláir, d'fhormheas Bord Rialaithe an Chomhghnóthais, i bhFeabhra 2022, €658 milliún breise d'infheistíochtaí ó chomhaltaí an tionscail i ngníomhaíochtaí 2022 a bhfuil dlúthbhaint acu le cuspóirí straitéiseacha an Chomhghnóthais. | Oscailte |

An Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach (CBE)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 3 | 2021 | Ó Eanáir 2016, tá ar na Comhghnóthais cuid de na ranníocaíochtaí fostóra a íoc isteach i scéim pinsin an Aontais. Ós rud é nach ndearna an Coimisiún foráil don chaiteachas sin i mbuiséid na gComhghnóthas, ná nach ndearna sé na híocaíochtaí a iarraidh go foirmiúil, níl na ranníocaíochtaí sin íoctha go fóill ag CBE (ná a réamhtheachtaí).<br><br>I gcomhréir leis na Rialacháin Foirne[65] agus leis an treoraíocht ón gCoimisiún, ba cheart an ranníocaíocht fostóra bhliantúil le haghaidh gach Comhghnóthais a ríomh mar chéatadán den ioncam neamh-Aontais a bhaineann le hioncam iomlán an Chomhghnóthais. I gcás CBE, is é 2.3 % (bunaithe ar fhigiúirí 2021) atá sa sciar céatadáin sin. Sonraítear sa Bhunghníomh Aonair, áfach, gur cheart costais riaracháin a chlúdach go comhionann ar bhonn bliantúil idir an tAontas Eorpach agus na comhaltaí eile. Ós rud é gurb ann do na forálacha dlíthiúla sin atá i gcoinbhleacht le chéile, tá an riosca ann go dtiocfadh léirmhínithe éagsúla chun cinn agus go mbeadh tionchair airgeadais éagsúla ag baint leo sin. | D'íoc CBE na ranníocaíochtaí fostóra ábhartha isteach i scéim pinsin an Aontais don bhliain 2022, de réir mar atá sonrasctha ag an gCoimisiún. Bhí ríomh na ranníocaíochta bliantúla bunaithe ar an treoraíocht ón gCoimisiún.<br><br>Meastar dá bhrí sin go bhfuil an bharúil seo dúnta. Tá aon ghníomhaíochtaí eile i dtaca leis na forálacha dlíthiúla atá i gcoinbhleacht le chéile lasmuigh de réimse freagrachtaí an Chomhghnóthais. | Dúnta |

[65] Airteagal 83a.

# Freagra ón gComhghnóthas

***3.7.11.*** Tugann CBE barúil CIE dá aire agus tabharfaidh sé aghaidh ar an tsaincheist i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn.

***3.7.14.*** Tugann CBE barúil CIE dá aire agus tabharfaidh sé aghaidh ar an tsaincheist i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn.

***3.7.16.*** Tugann Comhghnóthas CBE dá aire leibhéal íseal ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí príobháideacha lena ghníomhaíochtaí oibríochtúla. Go pointe áirithe, is de dheasca oscailteacht ghlaonna an Chomhghnóthais a bhféadann daoine nach baill de BIC iad iarratas a dhéanamh ar dheontais BBI ina leith gan aon oibleagáid a bheith orthu tacú le tionscnamh an Chomhghnóthais le ranníocaíochtaí comhchineáil. Tháinig laghdú ar líon na n-iarratasóirí rathúla ó BIC go dtí a íosmhéid i gcás na dtrí ghlao dheireanacha, rud a d’fhág go raibh laghdú suntasach ar ranníocaíochtaí comhchineáil.

# 3.8. An Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa (EU-Rail)

## Réamhrá

**3.8.1.** Rinneadh an Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa (EU-Rail), atá lonnaithe sa Bhruiséil, a chur ar bun i mí na Samhna 2021 faoi chlár Fís Eorpach go ceann tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2031[66]. Tháinig Comhghnóthas EU-Rail in ionad agus i gcomharbas ar Chomhghnóthas Shift2Rail (S2R) a cuireadh ar bun i mí an Mheithimh 2014 faoin gclár Fís 2020 ar feadh tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024[67].

**3.8.2.** Is comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach é Comhghnóthas 'EU-Rail' le haghaidh taighde agus nuálaíochta in earnáil an iarnróid. Is iad na comhaltaí bunaidh ná an tAontas Eorpach, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, agus comhpháirtithe sa tionscal iarnróid (lena n-áirítear monaróirí trealaimh iarnróid, cuideachtaí iarnróid, bainisteoirí bonneagair agus ionaid taighde).

**3.8.3.** I ***bhFíor 3.8.1***, tugtar na príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas.

### Tábla 3.8.1 – Príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas

| | 2022 | 2021 | Diallas |
|---|---|---|---|
| Buiséad atá ar fáil d'íocaíochtaí (milliúin euro) (1) | 180.8 | 68.4 | 164 % |
| Buiséad atá ar fáil do ghealltanais (milliúin euro) (1) | 171.4 | 13.6 | 1 160 % |
| Foireann iomlán amhail an 31 Nollaig (2) | 28 | 19 | 47 % |

(1) Áirítear sa bhuiséad atá ar fáil: leithreasuithe ó bhlianta roimhe seo nár úsáideadh, ar chuir an Comhghnóthas isteach i mbuiséad na bliana seo iad, ioncaim shannta agus ath-leithdháiltí chuig an gcéad bliain eile.

(2) Áirítear ar an bhfoireann: oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí conarthacha agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht.

*Foinse:* Sonraí arna soláthar ag an gComhghnóthas.

**3.8.4.** Tá na hathruithe i méid bhuiséad an Chomhghnóthais, mar a thaispeántar i ***dTábla 3.8.1***, ag brath go mór ar chéim chur chun feidhme na gclár ilbhliantúil taighde agus nuálaíochta. In 2022, chuir an Comhghnóthas tús le cur chun feidhme an chláir Fís Eorpach. Dá bhrí sin, tá an gealltanas buiséid do na chéad ghlaonna faoi Fís Eorpach a bhí beartaithe do

[66] Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach.

[67] Rialachán (AE) Uimh. 642/2014 ón gComhairle lena mbunaítear Comhghnóthas Shift2Rail.

2022, mar aon leis an mbuiséad íocaíochtaí do na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe gaolmhara, san áireamh i mbuiséad 2022.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.8.5.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht Chomhghnóthas 'EU-Rail' agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach *161*.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.8.6.** Rinneamar iniúchóireacht ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Chomhghnóthas EU-Rail, atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[68] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid[69] don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

---

[68] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[69] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus na nótaí míniúcháin.

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.8.7.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais Chomhghnóthas EU-Rail don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar staid airgeadais Chomhghnóthas EU-Rail amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.8.8.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais Chomhghnóthas EU-Rail don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.8.9.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais Chomhghnóthas EU-Rail don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.8.10.** Ní chaitheann na barúlacha seo a leanas amhras ar ár dtuairim.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

### Níl leordhóthain faisnéise ann faoi ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir

**3.8.11.** I gcuntais bhliantúla 2022 ón gComhghnóthas, tá difear suntasach ó bhallchatagóir go chéile (AE agus comhaltaí príobháideacha) i méideanna na ranníocaíochtaí

atá aitheanta in aghaidh na ballchatagóire. Sin mar gheall go ndéantar ranníocaíochtaí airgid an Aontais a bhailíochtú agus a aithint nuair a íoctar leis an gComhghnóthas iad ag tús chur chun feidhme an tionscadail, ach nach ndéantar ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí a aithint go dtí tar éis do na costais atá tabhaithe agus dearbhaithe do chur chun feidhme an tionscadail a bheith bailíochtaithe. Níor tugadh aghaidh ar bhealach sách maith i gcuntais bhliantúla fhormhór na gComhghnóthas do 2022 ar an mbearna idir méid na ranníocaíochtaí airgid a bhí aitheanta, ar lámh amháin, agus méid na ranníocaíochtaí comhchineáil, ar an lámh eile, sa mhéid nár tugadh faisnéis faoi ghealltanais dhlíthiúla chomhaltaí na gComhghnóthas ag deireadh na bliana ó thaobh comhaontuithe deontais agus conarthaí sínithe de.

**3.8.12.** Sna míreanna seo a leanas, tugaimid tábla forléargais ar na gnóthachain a baineadh amach de réir ranníocaíochtaí na gcomhaltaí in aghaidh gach cláir in 2022.

## Clár Fís 2020 a chur chun feidhme

**3.8.13.** I *dTábla 3.8.2*, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chlár Fís 2020 i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta mar bailíochtaithe agus tuairiscithe ag deireadh 2022.

## Tábla 3.8.2 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís 2020 (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh) | | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (31.12.2022) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costais riaracháin | Gníomhaíochtaí breise (1) | Iomlán | Airgead | Comhchineál bailíochtaithe | Comhchineál tuairiscithe gan bhailíochtú | Comhchineál le haghaidh gníomhaíochtaí breise | Iomlán |
| AE (AS MOVE) | 384.5 | 13.5 | 0.0 | 398.0 | 383.8 | N/B | N/B | N/B | 383.8 |
| Comhaltaí príobháideacha | 336.5 | 13.5 | 120.0 | 470.0 | 11.7 | 253.2 | 67.5 | 244.0 | 576.4 |
| Iomlán | 721.0 | 27.0 | 120.0 | 868.0 | 395.5 | 253.2 | 67.5 | 244.0 | 960.2 |

(1) Tá gníomhaíochtaí breise lasmuigh de scóip iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**Tá gealltanais dhlíthiúla na gcomhaltaí ag leibhéal a gcuid spriocanna ranníocaíochta**

**3.8.14.** Chun léargas iomlán a thabhairt ar an méid atá bainte amach ag an gComhghnóthas i gcás chlár Fís 2020, ní foláir breathnú freisin ar leibhéal reatha oibleagáidí oibríochtúla chomhaltaí an Chomhghnóthais ó thaobh comhaontuithe deontais agus conarthaí atá sínithe. Ag deireadh 2022, bhí an ranníocaíocht uasta oibríochtúil AE de €384.5 milliún le haghaidh comhaontuithe deontais agus conarthaí a bhí sínithe faoi chlár Fís 2020 geallta go hiomlán ag an gComhghnóthas. Den mhéid sin a bhí geallta, tá tuairim is €68.2 milliún (nó 18 %) fós le híoc sna blianta amach romhainn do thionscadail atá fós le tabhairt chun críche. Ag an am céanna, bhí gealltanas dlíthiúil tugtha ag na comhaltaí príobháideacha go ndéanfaidís ranníocaíochtaí comhchineáil de €320.7 milliún a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais, mar aon le ranníocaíochtaí comhchineáil de €244 mhilliún le haghaidh

gníomhaíochtaí breise, nó 123.7 % den sprioc íosta de €456.5 milliún. Na méideanna sin a bhí geallta, bhí siad tuairiscithe ag deireadh 2022.

**Chuaigh cur chun feidhme íocaíochtaí buiséid 2022 le haghaidh gníomhaíochtaí Fís 2020 in olcas de réir mar a mhéadaigh costais ar na tairbhithe agus de réir mar a bhí fadhbanna seachadta acu**

**3.8.15.** I gcás gníomhaíochtaí faoi Fís 2020, ní bhfuair an Comhghnóthas leithreasuithe nua faoi chomhair gealltanas ar bith le haghaidh cúrsaí oibríochtúla toisc go raibh an glao deiridh ar thograí curtha i gcrích ag an gComhghnóthas faoi dheireadh 2021. Thit an ráta cur chun feidhme do na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh cúrsaí oibríochtúla, lena n-áirítear leithreasuithe oibríochtúla neamh-úsáidte agus ath-leithdháilte, go 47 % (2021: 61 %). Dar leis an gComhghnóthas, tharla sé sin mar gheall ar ardú costais agus fadhbanna seachadta a bhí ag na tairbhithe mar gheall ar ghéarchéim COVID-19 agus mar gheall ar an gcogadh san Úcráin. Dá bhrí sin, b'éigean ré fhormhór thionscadail Fís 2020 a fhadú agus na híocaíochtaí deiridh a chur siar go dtí 2023.

## Clár Fís Eorpach a chur chun feidhme

**3.8.16.** I ***dTábla 3.8.3***, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chlár Fís Eorpach i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta mar bailíochtaithe agus tuairiscithe ag deireadh 2022.

### Tábla 3.8.3 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís Eorpach (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh) | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (31.12.2022) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costas riaracháin | Iomlán | Airgead | Comhchineál (1) bailíochtaithe | Comhchineál tuairiscithe gan bhailíochtú | Iomlán |
| AE (AS RTD) | 576.0 | 24.0 | 600.0 | 108.9 | N/B | N/B | 108.9 |
| Comhaltaí príobháideacha | 576.0 | 24.0 | 600.0 | 3.5 | 0.0 | 4.5 | 8.0 |
| Iomlán | 1 152.0 | 48.0 | 1 200.0 | 112.4 | 0.0 | 4.5 | 116.9 |

(1) Comhdhéanta de ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla (IKOP) agus ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí breise (IKAA).

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**3.8.17.** In 2022, rinne an Coimisiún ranníocaíochtaí airgid a raibh luach €108.9 milliún ag gabháil leo. Rinne an Comhghnóthas an chéad dá ghlao faoi chlár Fís Eorpach a dhúnadh go rathúil, agus bhain sé beagnach lán-úsáid as an gcuid ranníocaíochta oibríochtúla de

€107.5 milliún don réamh-mhaoiniú le haghaidh na gcéad chomhaontuithe deontais a tugadh i gcrích faoin gclár.

## Barúlacha maidir leis na córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.8.18.** I dtaca leis an gcaiteachas faoi Fís 2020 agus Fís Eorpach, tá an Chomhsheirbhís Iniúchóireachta de chuid AS RTD sa Choimisiún freagrach as iniúchtaí *ex post*. I gcás an chaiteachais faoi Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh), thuairiscigh an Comhghnóthas ráta earráide ionadaíoch de 2.2 % agus ráta earráidí iarmharacha de 1.3 %[70]. I gcás chlár Fís Eorpach, tá iniúchtaí *ex post* fós le déanamh mar nach bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh na chéad íocaíochtaí eatramhacha déanta go dtí 2024.

**3.8.19.** Chun na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais a mheasúnú, rinneamar iniúchóireacht ar shampla randamach d'íocaíochtaí Fís 2020 a rinneadh in 2022, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh[71]. I gcás amháin, fuaireamar agus chainníochtaíomar earráid thromchúiseach a d'eascair as ró-éileamh i gcostas pearsanra mar gur chuir an tairbhí costais indíreacha san áireamh sa bhunús ríofa do rátaí costais de réir an aonaid don lárionad costas. Bhí na costais sin, áfach, clúdaithe ag an gcothromráta de 25 % le haghaidh costais indíreacha.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.8.20.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh mar fhreagairt ar ár mbarúlacha ó bhlianta roimhe seo.

[70] Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí 2022 (Comhdhlúite) ó Chomhghnóthas EU-Rail, caibidil 4.1.1.

[71] Maidir leis na hidirbhearta íocaíochta deontais a tástáladh ag na tairbhithe, is é 1 % de na costais faoi iniúchóireacht an tairseach tuairiscithe d'earráidí inchainníochtaithe.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2021 | Ó Eanáir 2016, tá ar na Comhghnóthais cuid de na ranníocaíochtaí fostóra a íoc isteach i scéim pinsin an Aontais. Ós rud é nach ndearna an Coimisiún foráil don chaiteachas sin i mbuiséid na gComhghnóthas, ná nach ndearna sé na híocaíochtaí a iarraidh go foirmiúil, níl na ranníocaíochtaí sin íoctha go fóill ag EU-Rail (ná a réamhtheachtaí).<br><br>I gcomhréir leis na Rialacháin Foirne[72] agus leis an treoraíocht ón gCoimisiún, ba cheart an ranníocaíocht fostóra bhliantúil le haghaidh gach Comhghnóthais a ríomh mar chéatadán den ioncam neamh-Aontais a bhaineann le hioncam iomlán an Chomhghnóthais. I gcás EU-Rail, is é 3.8 % (bunaithe ar fhigiúirí 2021) atá sa sciar céatadáin sin. Sonraítear sa Bhunghníomh Aonair, áfach, gur cheart costais riaracháin a chlúdach go comhionann ar bhonn bliantúil idir an tAontas Eorpach agus na comhaltaí eile. Ós rud é gurb ann do na forálacha dlíthiúla sin atá i gcoinbhleacht le chéile, tá an riosca ann go dtiocfadh léirmhínithe | D'íoc EU-Rail na ranníocaíochtaí fostóra ábhartha isteach i scéim pinsin an Aontais don bhliain 2022, de réir mar atá sonrasctha ag an gCoimisiún. Bhí ríomh na ranníocaíochta bliantúla bunaithe ar an treoraíocht ón gCoimisiún.<br><br>Meastar dá bhrí sin go bhfuil an bharúil seo dúnta. Tá aon ghníomhaíochtaí eile i dtaca leis na forálacha dlíthiúla atá i | Dúnta |

[72] Airteagal 83a.

An Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa (EU-Rail)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| | | éagsúla chun cinn agus go mbeadh tionchair airgeadais éagsúla ag baint leo sin. | gcoinbhleacht le chéile lasmuigh de réimse freagrachtaí an Chomhghnóthais. | |
| 2 | 2021 | Thit an ráta cur chun feidhme do bhuiséad íocaíochtaí oibríochtúla 2021 an Chomhghnóthais atá ar fáil, lena n-áirítear leithreasuithe neamh-úsáidte oibríochtúla agus ath-leithdháilte, go 61 % (2020: 76 %). Bhí sin amhlaidh go príomha mar gheall ar an gcáilíocht íseal a bhí i dtuarascálacha teicniúla na dtairbhithe agus go raibh gá le fianaise bhreise a dheimhneodh baint amach thorthaí na dtionscadal, agus mar gheall go ndéanann moill a bhíonn i gceist le tairbhí amháin difear d'íoc an mhéid iomláin mar chnapshuim. | Don staid ag deireadh 2022, féach mír ***3.8.15***.<br>In 2022, d'fhorbair an Comhghnóthas plean gníomhaíochta chun feabhas a chur ar thuairisciú airgeadais na dtairbhithe. | Oscailte |

# Freagra ón gComhghnóthas

***3.8.11.*** Aithníonn an Comhghnóthas barúil CIE agus tabharfaidh sé aghaidh ar an tsaincheist i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn.

***3.8.15.*** Mar a luadh i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo caite, tugadh síntí tionscadail mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19. I gcásanna áirithe, bhí ar na tairbhithe athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha teicniúla/ar sholáthairtí teicniúla neamhleora, nó fianaise bhreise ar thorthaí tionscadail a chur ar fáil. Dá bhrí sin, b'éigean roinnt íocaíochtaí eatramhacha agus deiridh de chlár oibre Fís 2020 an Chomhghnóthais a chur siar ach tá tabhairt chun críche an chláir fós ar sprioc le haghaidh dheireadh 2024. Chun na moilleanna ar ghníomhaíochtaí teicniúla in 2021 a deimhníodh in 2022 a mhaolú a mhéid is féidir, chuir an Comhghnóthas, in éineacht lena chomhaltaí príobháideacha, plean gníomhaíochta chun feidhme chun EUR 36.6 milliún in íocaíochtaí a chur chun feidhme. D'fhormhuinigh bord rialaithe an Chomhghnóthais an plean gníomhaíochta sin, plean atá á chur chun feidhme, in Aibreán 2023 agus rinneadh athbhreithniú air i mí an Mheithimh 2023. Braitheann a rath freisin ar chumas na dtionscadal na haschuir cháilíochta a bhfuiltear ag súil leo a tháirgeadh.

# 3.9. An Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (EuroHPC)

## Réamhrá

**3.9.1.** Rinneadh an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (EuroHPC), atá lonnaithe i Lucsamburg, a chur ar bun i mí Dheireadh Fómhair 2018 le haghaidh tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2026[73]. I mí Iúil 2021, ghlac an Chomhairle rialachán bunaidh nua lena gcuirtear síneadh le saolré an Chomhghnóthais faoi chlár Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027, don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2033[74].

**3.9.2.** Is comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach é Comhghnóthas 'EuroHPC' a dhéanann comhthiomsú ar acmhainní ón Aontas, ó na tíortha rannpháirteacha agus ó chomhpháirtithe príobháideacha chun ríomhaireacht ardfheidhmíochta a fhorbairt agus a imlonnú san Eoraip. Is iad na comhaltaí ná an tAontas Eorpach, na Stáit Rannpháirteacha, agus trí chomhalta phríobháideacha, a ndéanann an tArdán Eorpach Teicneolaíochta don Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta, an comhlachas dar teideal Big Data Value agus Cuibhreannas Eorpach an Tionscail Chandamaigh ionadaíocht orthu.

**3.9.3.** I ***bhFíor 3.9.1***, tugtar na príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas.

### Tábla 3.9.1 – Príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas

| | 2022 | 2021 | Diallas |
|---|---|---|---|
| Buiséad atá ar fáil d'íocaíochtaí (milliúin euro) (1) | 629.9 | 348.2 | 81 % |
| Buiséad atá ar fáil do ghealltanais (milliúin euro) (1) | 1 374.5 | 753.4 | 82 % |
| Foireann iomlán amhail an 31 Nollaig (2) | 23 | 15 | 53 % |

(1) Áirítear sa bhuiséad atá ar fáil: leithreasuithe ó bhlianta roimhe seo nár úsáideadh, ar chuir an Comhghnóthas isteach i mbuiséad na bliana seo iad, ioncaim shannta agus ath-leithdháiltí chuig an gcéad bliain eile.

(2) Áirítear ar an bhfoireann: oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí conarthacha agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht.

*Foinse:* Sonraí arna soláthar ag an gComhghnóthas.

[73] Rialachán (AE) 2018/1488 ón gComhairle lena mbunaítear an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach.

[74] Rialachán (AE) 2021/1173 ón gComhairle lena mbunaítear Comhghnóthas na Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488.

**3.9.4.** Tá na hathruithe i méid bhuiséad an Chomhghnóthais, mar a thaispeántar i *dTábla 3.9.1*, ag brath go mór ar chéim chur chun feidhme na gclár ilbhliantúil taighde agus nuálaíochta atá á gcur chun feidhme aige. In 2022, chuir an Comhghnóthas tús le cur chun feidhme an chláir Fís Eorpach agus an Chláir don Eoraip Dhigiteach. Dá bhrí sin, tá an gealltanas buiséid do na chéad ghlaonna agus conarthaí a bhí beartaithe do 2022 faoi na cláir sin, mar aon leis an mbuiséad íocaíochtaí do na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe gaolmhara, san áireamh i mbuiséad 2022.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.9.5.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht Chomhghnóthas 'EuroHPC' agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach *161*.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.9.6.** Rinneamar iniúchóireacht ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Chomhghnóthas EuroHPC, atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[75] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid[76] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

---

[75] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[76] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus na nótaí míniúcháin.

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.9.7.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais Chomhghnóthas EuroHPC don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais Chomhghnóthas EuroHPC amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.9.8.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais Chomhghnóthas EuroHPC don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.9.9.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais Chomhghnóthas EuroHPC don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

**3.9.10.** Ní chaitheann na barúlacha seo a leanas amhras ar ár dtuairim.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

### Níl leordhóthain faisnéise ann faoi ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir

**3.9.11.** I gcuntais bhliantúla 2022 ón gComhghnóthas, tá difear suntasach ó bhallchatagóir go chéile (AE agus comhaltaí príobháideacha) i méideanna na ranníocaíochtaí atá aitheanta in aghaidh na ballchatagóire. Sin mar gheall go ndéantar ranníocaíochtaí airgid an Aontais a bhailíochtú agus a aithint nuair a íoctar leis an gComhghnóthas iad ag tús chur chun feidhme an tionscadail, ach nach ndéantar ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí a aithint go dtí tar éis do na costais atá tabhaithe agus dearbhaithe do chur chun feidhme an tionscadail a bheith bailíochtaithe. Níor tugadh aghaidh ar bhealach sách maith i gcuntais bhliantúla fhormhór na gComhghnóthas do 2022 ar an mbearna idir méid na ranníocaíochtaí airgid a bhí aitheanta, ar lámh amháin, agus méid na ranníocaíochtaí comhchineáil, ar an lámh eile, sa mhéid nár tugadh faisnéis faoi ghealltanais dhlíthiúla chomhaltaí na gComhghnóthas ag deireadh na bliana ó thaobh comhaontuithe deontais agus conarthaí sínithe de.

**3.9.12.** I gcuntais bhliantúla 2022 ón gComhghnóthas, níor nocht an Comhghnóthas faisnéis thábhachtach maidir le ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir, ar faisnéis í sin a bhí ábhartha ó thaobh gnóthachain an Chomhghnóthais ag deireadh na bliana a chur in iúl ar bhealach iomlán. Go sonrach, ní dhearna an Comhghnóthas comparáid idir na ranníocaíochtaí a bhí faighte ó gach ballchatagóir suas go dtí deireadh na bliana faoi gach aon chlár agus na spriocanna de ranníocaíocht dhlíthiúil a bhí socraithe don chlár a bhí i gceist.

**3.9.13.** Sna míreanna seo a leanas, tugaimid tábla forléargais ar na gnóthachain a baineadh amach de réir ranníocaíochtaí na gcomhaltaí in aghaidh gach cláir in 2022.

### Cur chun feidhme na gclár faoi Fís 2020 agus faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa 1 (SCE 1)

**3.9.14.** I ***dTábla 3.9.2***, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh chláir Fís 2020 agus SCE 1 i gcomparáid le leibhéal

ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta mar bailíochtaithe agus tuairiscithe ag deireadh 2022.

## Tábla 3.9.2 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís 2020 agus SCE 1 (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh) | | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (31.12.2022) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costais riaracháin | Gníomhaíochtaí breise (2) | Iomlán | Airgead | Comhchineál bailíochtaithe | Comhchineál tuairiscithe gan bhailíochtú | Comhchineál le haghaidh gníomhaíochtaí breise | Iomlán |
| AE (AS CNECT) (1) | 526.0 | 10.0 | N/B | 536.0 | 377.0 | N/B | N/B | N/B | 377.0 |
| Stáit Rannpháirteacha (3) | 476.0 | 10.0 | N/B | 486.0 | 124.8 | 0.0 | 38.0 | N/B | 162.8 |
| Comhaltaí príobháideacha (3) | 420.0 | 2.0 | N/B | 422.0 | 0.0 | 0.0 | 11.0 | N/B | 11.0 |
| Iomlán | 1 422.0 | 22.0 | N/B | 1 444.0 | 501.8 | 0.0 | 49.0 | N/B | 550.8 |

(1) Áiríonn ranníocaíocht airgeadais AE €100 milliún ó chlár SCE 1.
(2) Tá gníomhaíochtaí breise lasmuigh de scóip iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí.
(3) Leis an rialachán bunaidh nua, rinneadh aisghairm ar oibleagáid na Stát Rannpháirteach agus na gcomhaltaí príobháideacha rannchuidiú leis na costais riaracháin.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**Ní bheidh a sprioc ranníocaíochta íosta bainte amach ag na comhaltaí príobháideacha ag deireadh chur chun feidhme an chláir**

**3.9.15.** Chun léargas iomlán a thabhairt ar an méid atá bainte amach ag an gComhghnóthas i gcás chláir Fís 2020 agus SCE 1, ní foláir breathnú freisin ar leibhéal reatha oibleagáidí oibríochtúla chomhaltaí an Chomhghnóthais ó thaobh comhaontuithe deontais agus conarthaí atá sínithe. Ag deireadh 2022, bhí an ranníocaíocht uasta oibríochtúil AE de €526 milliún le haghaidh comhaontuithe deontais agus conarthaí a bhí sínithe faoi chlár Fís 2020 agus faoi chlár SCE 1 geallta go hiomlán ag an gComhghnóthas. Den mhéid sin, tá tuairim is €266.3 milliún (nó 50.6 %) fós le híoc sna blianta amach romhainn do thionscadail atá fós le tabhairt chun críche.

**3.9.16.** Amhail ag deireadh 2022, bhí gealltanais chonarthacha de €447.3 milliún le haghaidh gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais faoi Fís 2020 agus SCE 1 sínithe ag na Stáit Rannpháirteacha. I dtaca leis na gealltanais sin, bhí gealltanais airgeadais de €124.8 milliún dearbhaithe don Chomhghnóthas acu le haghaidh sár-ríomhairí réamh-eicsea-scála a bhí faighte faoi phróiseas soláthair phoiblí ag an gComhghnóthas féin, chomh maith le €38 milliún de ranníocaíocht chomhchineáil a bhain le costais oibríochtúla na n-eintiteas óstála. Sa bhreis air sin, bhí €48.2 milliún íoctha go díreach ag na Stáit Rannpháirteacha le conraitheoirí na sár-ríomhairí peiteascála atá á bhfáil trí phróiseas soláthair phoiblí go comhpháirteach ag an gComhghnóthas agus ar na Stáit Rannpháirteacha. Maidir leis an difríocht atá idir na gealltanais agus na ranníocaíochtaí dearbhaithe, is ann di sin mar gheall nach ndéanann na Stáit Rannpháirteacha a gcuid costas a aithint agus a thuairisciú don Chomhghnóthas ach nuair a bhíonn na tionscadail faoi Fís 2020 a bhfuil siad ag tacú leo tugtha chun críche.

**3.9.17.** Ag deireadh 2021, ní raibh ach €11 milliún de ranníocaíochtaí comhchineáil tuairiscithe ag na comhaltaí príobháideacha do thionscadail Fís 2020, rud atá go mór faoi bhun na sprice íosta de €420 milliún atá leagtha amach i Rialachán bunaidh an Chomhghnóthais agus atá le baint amach ag comhaltaí príobháideacha faoi dheireadh an chláir. Fuaireamar go bhfuil socruithe maoinithe reatha an Chomhghnóthais dá chuid gníomhaíochtaí deontais leagtha amach sa chaoi nach ligeann sé do chomhaltaí príobháideacha ranníocaíochtaí comhchineáil a dhéanamh ach amháin le haghaidh cineál amháin tionscadail (i.e. tionscadail nuálaíochta le 30 % de chostais an tionscadail). Dá thoradh sin, ní raibh an leibhéal de ranníocaíochtaí comhchineáil ó chomhaltaí príobháideacha atá sainithe sa rialachán bunaidh don Chomhghnóthas le haghaidh chlár Fís 2020 ann mar gheall ar na socruithe atá ag an gComhghnóthas do mhaoiniú a chuid gníomhaíochtaí deontais.

## Cur chun feidhme na gclár faoi Fís 2020, faoin Eoraip Dhigiteach agus faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa 2 (SCE 2)

**3.9.18.** I ***dTábla 3.9.3***, tugtar forléargas ar spriocanna ranníocaíochta chomhaltaí an Chomhghnóthais le haghaidh na gclár taighde faoi CAI 2021-2027 i gcomparáid le leibhéal ranníocaíochtaí na gcomhaltaí (ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil) a bhí aitheanta ag deireadh 2022.

### Tábla 3.9.3 – Ranníocaíochtaí na gcomhaltaí do Fís, don Eoraip Dhigiteach agus do SCE 2 (i € milliúin)

| | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (Rialachán Bunaidh) | | | Ranníocaíochtaí na gComhaltaí (31.12.2022) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí | Gníomhaíochtaí oibríochtúla | Costas riaracháin | Iomlán | Airgead | Comhchineál [2] bailíochtaithe | Comhchineál tuairiscithe gan bhailíochtú | Iomlán |
| AE (AS CNECT) [1] | 2 989.3 | 92.0 | 3 081.3 | 338.0 | N/B | N/B | 338.0 |
| Stáit rannpháirteacha | 2 989.3 | 0.0 | 2 989.3 | 63.2 | 0.0 | 0.0 | 63.2 |
| Comhaltaí príobháideacha | 900.0 | 0.0 | 900.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 |
| Iomlán | 6 878.6 | 92.0 | 6 970.6 | 401.2 | 0.0 | 0.0 | 401.2 |

(1) Tá ranníocaíochtaí airgeadais AE comhdhéanta de: (a) suas le €900 milliún ó chlár Fís Eorpach; (b) suas le €1 981.3 milliún ón gClár don Eoraip Dhigiteach; (c) suas le €200 milliún ó chlár SCE 2.

(2) Comhdhéanta de ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla (IKOP) amháin.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gComhghnóthas agus a rialachán bunaidh.

**3.9.19.** I mí Iúil 2021, ghlac an Chomhairle an rialachán nua lenar bunaíodh EuroHPC. De réir an rialacháin sin, beidh ar an gComhghnóthas tionscadail dar luach €7 mbilliún a chur chun feidhme, agus ba cheart €3 bhilliún den mhéid sin a ghiaráil ó na Stáit Rannpháirteacha agus €900 milliún ó chomhaltaí príobháideacha i bhfoirm ranníocaíochtaí airgid agus comhchineáil. Sin méadú suntasach ar an tsuim de thart ar €1.4 billiún a bhí i gceist sa chlár CAI roimhe sin (féach ***Tábla 3.9.2***). De bhrí go bhfanfaidh socruithe airgeadais an Chomhghnóthais (féach mír ***3.9.17***) mar a chéile i gcaitheamh CAI 2021-2027, tá riosca ard ann nach mbainfidh an

Comhghnóthas amach na spriocanna ranníocaíochtaí ó na comhaltaí príobháideacha faoi mar atá leagtha síos faoin Rialachán bunaidh.

### Bhí an próiseas éadála fada le haghaidh sár-ríomhairí ina chúis le moilleanna i gcur chun feidhme íseal bhuiséad oibríochtúil 2022

**3.9.20.** An próiseas fada a bhí ag an gComhghnóthas chun sár-ríomhairí a éadáil, bhí tionchar suntasach aige sin ar chur chun feidhme an bhuiséid oibríochtúil. Is é 79 % agus 24 %, faoi seach, a bhí sna rátaí cur chun feidhme le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh cúrsaí oibríochtúla. Tháinig ann don ráta íseal cur chun feidhme don bhuiséad gealltanas oibríochtúil mar gheall nach raibh ar chumas an Chomhghnóthais gealltanas tábhachtach domhanda a dhéanamh a bhain le comhaontú i dtaca le hóstáil ríomhairí eicsea-scála de bhrí go raibh moilleanna sa phróiseas caibidlíochta leis an Stát Rannpháirteach agus leis an gcuibhreannas óstála. Seo a leanas iad na príomhchúiseanna a bhí leis an ráta íseal cur chun feidhme don bhuiséad íocaíochtaí oibríochtúla: moilleanna i gcríochnú na sár-ríomhairí réamh-eicsea-scála agus dá bhrí sin nach ndearnadh íocaíochtaí eatramhacha a bhain le deontais oibríochtúla an Chomhghnóthais; moilleanna sa phróiseas soláthar le haghaidh sár-ríomhairí a d'fhág nach ndearnadh na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe gaolmhara; glao SCE 2 maidir le Hipearnascacht a chur siar go dtí 2023 de bhrí go raibh réamhstaidéar le déanamh; agus moilleanna in éilimh chostais na dtairbhithe ar ghníomhaíochtaí taighde atá idir lámha.

### Cur chun feidhme íseal i gcás Bhuiséad riaracháin 2022

**3.9.21.** In 2022, ní dhearna an Comhghnóthas ach 45 % dá leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh cúrsaí riaracháin agus 37 % dá leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh cúrsaí riaracháin a chur chun feidhme. Seo a leanas na príomhchúiseanna a bhí leis na rátaí ísle cur chun feidhme: ní raibh an Comhghnóthas in ann a phlean uaillmhianach earcaíochtaí le haghaidh 2022 a bhaint amach; agus, nuair a bhí buiséad 2022 á phleanáil aige, ní dhearna sé breithniú a dhóthain ar an bhféidearthacht ath-leithdháileadh a dhéanamh ar mhéideanna suntasacha de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ó bhlianta roimhe sin nár úsáideadh.

## Barúlacha maidir leis na córais bhainistíochta agus rialaithe

**3.9.22.** I dtaca leis an gcaiteachas cómhaoinithe faoi Fís 2020 agus Fís Eorpach, tá an Chomhsheirbhís Iniúchóireachta de chuid AS RTD sa Choimisiún freagrach as iniúchtaí *ex post*. I gcás an chaiteachais atá cómhaoinithe faoi Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh), thuairiscigh an Comhghnóthas ráta earráide ionadaíoch de 2.3 % agus ráta earráidí

iarmharacha de 1.9 %[77]. Níl sé leagtha amach go dtí seo i gcóras rialaithe inmheánaigh an Chomhghnóthais go ndéanfar iniúchtaí sonracha *ex post* ar an gcaiteachas cómhaoinithe faoi SCE le haghaidh éadáil sár-ríomhairí. I gcás chlár Fís Eorpach, tá iniúchtaí *ex post* fós le déanamh mar nach bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh na chéad íocaíochtaí eatramhacha déanta go dtí 2024.

**3.9.23.** Chun na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla an Chomhghnóthais a mheasúnú, rinneamar iniúchóireacht ar shampla randamach d'íocaíochtaí Fís 2020 a rinneadh in 2022, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh[78]. I gcás amháin, fuaireamar laige shistéamach neamh-inchainníochtaithe i gcóras taifeadta ama an tairbhí.

## Barúlacha ar shaincheisteanna eile

### Níor chomhlíon an Comhghnóthas a sprioc earcaíochtaí ó 2022

**3.9.24.** Chun €7 mbilliún de chistí faoi CAI nua 2021-2027 a chur chun feidhme, fuair an Comhghnóthas – ag deireadh 2021 – 39 bpost foirne breise a bhí le hearcú faoi 2023 (30 faoi dheireadh 2022 agus naonúr eile faoi dheireadh 2023). Ag deireadh 2022, áfach, bhí a fhoireann méadaithe ag an gComhghnóthas ó 15 go dtí 23. Bunaithe ar na hearcaíochtaí a seoladh in 2022, d'earcaigh an Comhghnóthas 12 dhuine eile ar an bhfoireann faoi lár 2023. Ní dhearnadh na nósanna imeachta earcaíochta le haghaidh poist bhainistíochta de Cheann Straitéise agus Rialachais agus de Cheann Riaracháin agus Airgeadais a sheoladh go dtí deireadh 2022 agus an chéad leath de 2023, faoi seach.

**3.9.25.** Rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) sa Choimisiún athbhreithniú teoranta ar bhainistiú acmhainní daonna sa Chomhghnóthas in 2022. I ndáil leis an bpleanáil don earcaíocht, tuairiscíodh san athbhreithniú nach raibh anailís doiciméadaithe ar na riachtanais acmhainní déanta ag an gComhghnóthas, a bheadh bunaithe ar mheasúnú stóinseach *ex ante* ar an ualach oibre chun ord tosaíochta níos fearr a thabhairt isteach san earcaíocht a bhí beartaithe. Mar fhreagairt air sin, i mí na Nollag 2022, d'fhorbair an Comhghnóthas plean gníomhaíochta a measann IAS é a bheith leormhaith.

---

[77] Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí 2022 (Comhdhlúite) ó Chomhghnóthas EuroHPC, caibidil 4.1.

[78] Maidir leis na hidirbhearta íocaíochta deontais a tástáladh ag na tairbhithe, is é 1 % de na costais faoi iniúchóireacht an tairseach tuairiscithe d'earráidí inchainníochtaithe.

**3.9.26.** Níor bhain an Comhghnóthas a sprioc amach go ndéanfadh sé 30 duine nua a earcú ar an bhfoireann faoi dheireadh 2022, lena n-áirítear dhá phríomhphost bainistíochta, agus tá sé fós chun deiridh ó thaobh chomhlíonadh a chuspóra earcaíochta go mbeadh 39 nduine nua earcaithe ar an bhfoireann faoi dheireadh 2023.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.9.27.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh mar fhreagairt ar ár mbarúlacha ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2020 | Ag deireadh 2020, ní raibh nósanna imeachta iontaofa forbartha ag an gComhghnóthas le haghaidh ranníocaíochtaí comhchineáil a bhailíochtú agus a dheimhniú ná níor bhunaigh sé nós imeachta cuntasaíochta cuí chun na ranníocaíochtaí comhchineáil sin a aithint. Fágann an staid sin nach féidir leis an gComhghnóthas bainistiú, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar bhaint amach an íosleibhéil de ranníocaíochtaí comhchineáil. | In 2022, níor thug an Comhghnóthas tosaíocht do chur chun feidhme na nósanna imeachta deimhniúcháin agus cuntasaíochta le haghaidh ranníocaíochtaí comhchineáil, mar nach mbeidh siad sin ag teastáil go dtí go mbeidh na tionscadail atá ar siúl faoi láthair faoi Fís 2020 tugtha chun críche. | Oscailte |
| 2 | 2021 | Ó Eanáir 2016, tá ar na Comhghnóthais cuid de na ranníocaíochtaí fostóra a íoc isteach i scéim pinsin an Aontais. Ós rud é nach ndearna an Coimisiún foráil don chaiteachas sin i mbuiséid na gComhghnóthas, ná nach ndearna sé na híocaíochtaí a iarraidh go foirmiúil, níor íoc EuroHPC na ranníocaíochtaí sin go fóill. | D’íoc EuroHPC na ranníocaíochtaí fostóra ábhartha isteach i scéim pinsin an Aontais don bhliain 2022, de réir mar atá sonrasctha ag an | Dúnta |

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE<br>(Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| | | I gcomhréir leis na Rialacháin Foirne[79] agus leis an treoraíocht ón gCoimisiún, ba cheart an ranníocaíocht fostóra bhliantúil le haghaidh gach Comhghnóthais a ríomh mar chéatadán den ioncam neamh-Aontais a bhaineann le hioncam iomlán an Chomhghnóthais. Is é 41.2 % an sciar céatadáin do EuroHPC. Luaitear i Reachtanna EuroHPC, áfach, gur cheart don Aontas 100 % de chostais riaracháin an Chomhghnóthais a chumhdach. Ós rud é gurb ann do na forálacha dlíthiúla sin atá i gcoinbhleacht le chéile, tá an riosca ann go dtiocfadh léirmhínithe éagsúla chun cinn agus go mbeadh tionchair airgeadais éagsúla ag baint leo sin. | gCoimisiún. Bhí ríomh na ranníocaíochta bliantúla bunaithe ar an treoraíocht ón gCoimisiún.<br>Meastar dá bhrí sin go bhfuil an bharúil seo dúnta. Tá aon ghníomhaíochtaí eile i dtaca leis na forálacha dlíthiúla atá i gcoinbhleacht le chéile lasmuigh de réimse freagrachtaí an Chomhghnóthais. | |
| 3 | 2021 | Ag deireadh 2021, ní raibh ach €4.2 milliún de ranníocaíochtaí comhchineáil tuairiscithe ag na comhaltaí príobháideacha. Dá thoradh sin, tá riosca ard ann nach mbainfidh an Comhghnóthas amach an cuspóir de €420 milliún do ranníocaíochtaí ó chomhaltaí príobháideacha, faoi mar atá leagtha amach i rialachán bunaidh an Chomhghnóthais, faoi dheireadh chur chun feidhme na dtionscadal deontais. | Amhail ag deireadh 2022, ní raibh na ranníocaíochtaí ó na comhaltaí príobháideacha ardaithe ach go dtí €11 milliún (féach míreanna ***3.9.15*** go ***3.9.17***). | Oscailte |
| 4 | 2021 | Maidir le buiséad an Chomhghnóthais do 2021 a bhí ar fáil le haghaidh tionscadail oibríochtúla, ba iad na rátaí cur chun | In 2022, bhí an próiseas fada a bhí ag an | Oscailte |

[79] Airteagal 83a.

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| | | feidhme do leithreasuithe oibríochtúla faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí (Teideal 3) na 2 % agus 47 % faoi seach. Is ann don ráta an-íseal cur chun feidhme do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas cuid mhór mar gheall gur cuireadh moill ar thús an Chomhghnóthais faoi CAI 2021-2027 i mí Iúil 2021, agus gur i mí na Nollag 2021 a d'aistrigh an Coimisiún agus na Stáit Rannpháirteacha €700 milliún de chistí chuig an gComhghnóthas. Bhí moilleanna ag eintitis óstála agus saincheisteanna soláthair le haghaidh comhpháirteanna lárnacha ina gcúis freisin leis an ráta íseal cur chun feidhme. | gComhghnóthas chun sár-ríomhairí a éadáil ina chúis le tionchar suntasach a imirt ar chur chun feidhme an bhuiséid oibríochtúil (féach mír ***3.9.20***. | |
| 5 | 2020, 2021 | Maidir leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh cúrsaí riaracháin (Teideal 1 agus Teideal 2), níor bhreithnigh an Comhghnóthas – le linn dó a bhuiséad riaracháin a phleanáil – an fhéidearthacht ath-leithdháileadh a dhéanamh ar na méideanna suntasacha de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ó bhlianta roimhe sin nach raibh úsáidte. Ina theannta sin, maidir le gach teideal buiséid, níor úsáideadh na leithreasuithe buiséid ath-leithdháilte ó bhlianta roimhe sin roimh leithreasuithe nua na bliana. | Bhí an staid sin fós ann in 2022 (féach mír ***3.9.21***). | Oscailte |
| 6 | 2020, 2021 | In 2020, d'fhorbair an Comhghnóthas plean gníomhaíochta chun na gníomhartha a bhí fágtha sna 17 bprionsabal rialaithe inmheánaigh de chreat rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin | Ní raibh plean gníomhaíochta 2020 críochnaithe fós ag | Oscailte |

An Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (EuroHPC)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| | | in 2021 a chur chun feidhme. Mar sin féin, toisc nach raibh daoine lárnacha den fhoireann riaracháin ann, bhí roinnt gníomhaíochtaí tábhachta sa rialú inmheánach ann nach raibh formheasta go fóill ag an gComhghnóthas de réir mar a bhí sé ceaptha a bheith déanta aige laistigh de spriocdhátaí in 2021 a bhí leagtha síos ina phlean gníomhaíochta. Tháinig méadú ar an riosca rialaithe inmheánaigh a bhí ag an gComhghnóthas le haghaidh 2021 de bharr na moilleanna sin. | deireadh 2022. In 2023, rinneadh Oifigeach um Rialú Inmheánach a earcú agus tá an t-oifigeach sin i mbun formhaoirseachta ar an gceist seo. | |
| 7 | 2021 | Ní dhearna an Coimisiún measúnú ar na riachtanais acmhainní breise i ndáil le córas pleanáilte ar a dtugtar Córas Lárbhainistithe na Ranníocaíochtaí Airgeadais a chur chun feidhme, ná níor áiríodh iad sna chéad mheastacháin acmhainní foirne de chuid an Chomhghnóthais chun clár gnó nua taighde agus nuálaíochta an Chomhghnóthais a chur chun feidhme. | Tá na gníomhaíochtaí sin lasmuigh de réimse freagrachtaí an Chomhghnóthais. | Dúnta |
| 8 | 2020, 2021 | Is in olcas a chuaigh staid foirne fhorbhásach an Chomhghnóthais a thugamar faoi deara in 2020. Faoin rialachán bunaidh nua a glacadh i mí Iúil 2021, rinneadh an Comhghnóthas a mhéadú go suntasach agus beidh air breis is €7 mbilliún de chistí a chur chun feidhme faoin CAI nua do thréimhse 2021-2027. Chuige sin, caithfidh sé 39 nduine breise a earcú ar an bhfoireann faoi 2023. Ós rud é nach raibh ach 15 dhuine ar fhoireann an Chomhghnóthais (ceathrar ar an bhfoireann shealadach agus aonar déag ar chonradh) ag | Faoi dheireadh 2022, bhí ochtar breise earcaithe ar an bhfoireann ag an gComhghnóthas, ach ní raibh a sprioc earcaíochta bainte amach aige i.e. 30 duine nua a bheith fostaithe ar an bhfoireann faoi dheireadh 2022. Dá | Oscailte |

An Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (EuroHPC)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| | | deireadh 2021, tá dúshláin mhóra maidir le hacmhainní daonna roimhe ó thaobh bainistiú a dhéanamh ar na hearcaíochtaí nua sin, sa bhreis ar na próisis nua riaracháin agus oibríochtúla atá fós le bunú. Ar deireadh, d'fhéadfadh an fíoras gur foireann ar chonradh atá i gcion ard den fhoireann a bheith ina chúis le ráta suntasach athraithe foirne go luath amach anseo, rud a mhéadódh tuilleadh an brú ar staid foirne fhorbhásach an Chomhghnóthais. | bhrí sin, tá sé go mór chun deiridh ó thaobh chomhlíonadh a chuspóra earcaíochta go mbeadh 39 nduine nua earcaithe ar an bhfoireann faoi dheireadh 2023 (féach míreanna ***3.9.24*** go ***3.9.26***).<br><br>Bhí an cion den fhoireann ar chonradh fós ard, agus é sin ag 70% ag deireadh 2022. | |
| 9 | 2020, 2021 | Ní raibh an nós imeachta earcaíochta don cheannasaí riaracháin agus airgeadais seolta ag an gComhghnóthas go fóill. Sa bhreis air sin, ní raibh ach oifigeach tionscadail amháin, le taithí, sa Chomhghnóthas a bhí ag ullmhú agus ag bainistiú na mórthionscadal bonneagair go léir, agus bhí an dara hoifigeach, le taithí, ann a bhí ag bainistiú na ngníomhaíochtaí a bhain leis na glaonna faoi Fís 2020 agus faoi Fís Eorpach. Gan daoine lárnacha den fhoireann a bheith ann, d'fhéadfadh tionchar díobhálacha a bheith aige sin ar leanúnachas gnó an Chomhghnóthais agus ar bhaint amach a | Ní dhearnadh na nósanna imeachta earcaíochta le haghaidh poist bhainistíochta de Cheann Straitéise agus Rialachais agus de Cheann Riaracháin agus Airgeadais a sheoladh go dtí deireadh 2022 agus an chéad leath de 2023, faoi seach (féach | Oscailte |

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE<br>(Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| | | chuspóirí, i bhfianaise go bhfuil gá le foireann ardcháilithe a bhfuil eolas an-sonrach acu. | míreanna ***3.9.24*** go ***3.9.26***). | |

# Freagra ón gComhghnóthas

***3.9.11.*** Tugann Comhghnóthas EuroHPC barúil CIE dá aire agus tabharfaidh sé aghaidh iomlán ar an tsaincheist i gcuntais bhliantúla na bliana seo chugainn.

***3.9.21.*** Ba mhaith le Comhghnóthas EuroHPC a chur i bhfios go láidir nach rabhthas in ann a phlean earcaíochta uaillmhianach a bhaint amach de thairbhe nár glacadh a rialachán bunaidh nua ach go déanach.

***3.9.23.*** Tá na gníomhaíochtaí maolaithe seo a leanas curtha chun feidhme ag Comhghnóthas EuroHPC. D'iarr sé, amach anseo, go gcuirfidh an tairbhí fianaise mhionsonraithe ar fáil maidir le bainistiú acmhainní daonna agus conarthaí foirne maidir le gach tionscadal nuair atá an tuairisciú tréimhsiúil dlite; go ngnóthóidh an tairbhí san íocaíocht deiridh an difríocht idir iarrachtaí tuairiscithe agus iarrachtaí doiciméadaithe; agus go ndéanfaidh an tairbhí seiceálacha breise má mheastar gur gá é sin.

# Comhghnóthas atá ag feidhmiú faoi EURATOM

# 3.10. An Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (F4E)

## Réamhrá

**3.10.1.** Cuireadh an Comhghnóthas Eorpach um Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER) agus um Fhuinneamh Comhleá (F4E) a Fhorbairt, ar bun in Aibreán 2007 ar feadh tréimhse 35 bliana[80]. Is é ceann de phríomhchúraimí an Chomhghnóthais ná rannchuidiú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) a chur ar fáil d'Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Comhleá ITER (ITER-IO) atá i gceannas ar chur chun feidhme thionscadal ITER. Cé go bhfuil na príomháiseanna comhleá ag Cadarache sa Fhrainc, tá an Comhghnóthas lonnaithe in Barcelona.

**3.10.2.** Is iad na comhaltaí bunaidh ná Euratom, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, agus Ballstáit Euratom.

**3.10.3.** Léirítear i ***dTábla 3.10.1*** na príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas.

### Tábla 3.10.1 – Príomhfhigiúirí don Chomhghnóthas

| | 2022 | 2021 | Diallas |
|---|---|---|---|
| Buiséad atá ar fáil d'íocaíochtaí (milliúin euro) (1) | 844.0 | 764.8 | 10 % |
| Buiséad atá ar fáil do ghealltanais (milliúin euro) (1) | 981.2 | 1 069.9 | -8 % |
| Foireann iomlán amhail an 31 Nollaig (2) | 436 | 441 | -1 % |

(1) Áirítear sa bhuiséad atá ar fáil: leithreasuithe ó bhlianta roimhe seo nár úsáideadh, ar chuir an Comhghnóthas isteach i mbuiséad na bliana seo iad, ioncaim shannta agus ath-leithdháiltí chuig an gcéad bliain eile.

(2) Áirítear ar an bhfoireann: oifigigh, gníomhairí sealadacha, gníomhairí conarthacha agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht.

*Foinse:* Sonraí arna soláthar ag an gComhghnóthas.

## Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe

**3.10.4.** I Roinn 3.1, tá tuairisc ar ár gcur chuige iniúchóireachta, an bonn atá lenár dtuairim, na freagrachtaí atá ar bhainistíocht F4E agus orthu siúd a bhfuil an rialachas de chúram orthu, agus freagrachtaí an iniúchóra as iniúchóireacht a dhéanamh ar na cuntais agus

[80] Cinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus lena dtugtar buntáistí dó.

ar na hidirbhearta is bun leis na cuntais. Is cuid dhílis den tuairim é an síniú atá ar leathanach ***161***.

## Ráiteas dearbhaithe na Cúirte Iniúchóirí arna chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle – Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

# Tuairim

**3.10.5.** Rinneamar iniúchóireacht ar an méid seo a leanas:

(a) cuntais Chomhghnóthas F4E, atá comhdhéanta de na ráitis airgeadais[81] agus de na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid[82] don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2022, agus

(b) dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin, mar a cheanglaítear le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## Beachtas na gcuntas

### Tuairim maidir le beachtas na gcuntas

**3.10.6.** Is é ár dtuairim go dtugann cuntais Chomhghnóthas F4E don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 léargas fíorcheart, ar gach slí ábhartha, ar staid airgeadais Chomhghnóthas F4E amhail an 31 Nollaig 2022, ar thorthaí a chuid oibríochtaí, ar a shreabha airgid, agus ar na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin. Tá siad sin bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta don earnáil phoiblí a bhfuil glacadh go hidirnáisiúnta leo.

---

[81] Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den chlár comhardaithe, den ráiteas um fheidhmíocht airgeadais, den ráiteas faoi shreabhadh airgid, den ráiteas maidir leis na hathruithe ar ghlansócmhainní agus d'achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha agus de nótaí míniúcháin eile.

[82] Tá na tuarascálacha ar chur chun feidhme an bhuiséid comhdhéanta de na tuarascálacha, ina gcomhiomlánaítear na hoibríochtaí buiséadacha go léir, agus na nótaí míniúcháin.

## Dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais

### Ioncam

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim is bun leis na cuntais**

**3.10.7.** Is é ár dtuairim go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais Chomhghnóthas F4E don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

### Íocaíochtaí

**Tuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais**

**3.10.8.** Is é ár dtuairim go bhfuil na híocaíochtaí is bun le cuntais Chomhghnóthas F4E don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach.

## Béim ar ábhar

**3.10.9.** Gan amhras a tharraingt ar an tuairim atá tugtha i míreanna ***3.10.6*** go ***3.10.8***, tarraingímid aird ar mhíreanna ***3.10.12*** go ***3.10.14***, ina luaitear go bhfuil meastachán á fhoilsiú ag F4E i gcuntais bhliantúla 2022 arb éard atá ann ná a mheastachán ar an gcostas iomlán a ghabhann le hoibleagáidí seachadta do thionscadal ITER a thabhairt chun críche ('Meastachán ag Tráth a Chríochnaithe'), agus go bhfuiltear á mheasúnú sin ag €19.1 billiún (i luachanna 2022). Tá Meastachán ag Tráth a Chríochnaithe 2022, áfach, fós bunaithe ar gharsprioc agus toimhdí costais 2016 agus beidh athbhreithniú suntasach le déanamh air a thúisce a bheidh bonnlíne agus ceanglais nua thionscadal ITER tugtha chun críche, de réir mar a bheidh siad formheasta ag Comhairle ITER, agus curtha in iúl go foirmiúil do F4E.

**3.10.10.** Tarraingímid aird ar phointe (d) den 'Réamhrá' leis na cuntais bhliantúla: 'Tionchar na staide idirnáisiúnta', a thugann tuairisc ar an tionchar a bhí ag COVID-19 agus ag an gcogadh foghach in aghaidh na hÚcráine ar oibríochtaí F4E.

**3.10.11.** Ní chaitheann na barúlacha seo a leanas amhras ar ár dtuairim.

## Barúlacha ar an meastachán costais do chríochnú ITER

**3.10.12.** Bunaithe ar bhonnlíne reatha ITER dar dáta Samhain 2016, tá meastachán an Chomhghnóthais ar an gcostas iomlán a bhaineann lena chuid oibleagáidí seachadta do

thionscadal ITER a thabhairt chun críche (Meastachán ag Tráth a Chríochnaithe) ag cur na nithe seo a leanas san áireamh: costais na céime tógála agus oibríochtúla don Chomhghnóthas go dtí 2035; chomh maith le costais chéim an díchoimisiúnaithe agus na díghníomhaíochtaithe go dtí 2042. Ag deireadh 2022, rinne an Comhghnóthas measúnú ar an gcostas iomlán sin ag €19.1 billiún (i luachanna 2022). Is éard atá i gceist leis sin ná iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh suas go dtí deireadh 2022, arb ionann iad agus €9.2 billiún, agus meastachán na n-íocaíochtaí amach anseo, a bhí measta ag €9.9 billiún (i luachanna 2022).

**3.10.13.** I mí na Samhna 2022, chomhaontaigh 31ú Comhairle ITER nuashonrú a dhéanamh ar an mbonnlíne. Ina 32ú cruinniú an 21-22 Meitheamh 2023, choimisiúnaigh an Chomhairle Ard-Stiúrthóir ITER chun togra a thíolacadh maidir le bonnlíne nuashonraithe ITER, agus go mbeadh athbhreithniú agus formheas le déanamh air sin in 2024

**3.10.14.** Mar gheall ar an bpróiseas fada a bhaineann le nuashonrú a dhéanamh ar bhonnlíne reatha ITER atá ann ó 2016, tá na meastacháin phleanála fhadtéarmacha, mar atá nochta i gcuntais bhliantúla 2022 (lena n-áirítear an Meastachán ag Tráth a Chríochnaithe), fós bunaithe ar thoimhdí garsprice agus costais 2016. Tá athbhreithniú suntasach le déanamh ar na meastacháin sin, áfach, a thúisce a bheidh bonnlíne agus ceanglais nua thionscadal ITER tugtha chun críche, de réir mar a bheidh siad formheasta ag Comhairle ITER, agus curtha in iúl go foirmiúil do F4E.

## Barúlacha maidir leis an mbainistíocht bhuiséadach

### Cur chun feidhme Bhuiséad oibríochtúil 2022

**3.10.15.** In 2022, rinne F4E 72 % dá bhuiséad faoi chomhair gealltanas agus 91 % dá bhuiséad faoi chomhair íocaíochtaí a chur chun feidhme. Rinne an Comhghnóthas, áfach, an buiséad íocaíochtaí oibríochtúla a laghdú €92 mhilliún trí bhíthin buiséad leasaitheach, agus sa bhreis air sin rinne sé €9.5 milliún a aistriú óna bhuiséad íocaíochtaí oibríochtúla go dtí an buiséad riaracháin (tuarastal) chun oibleagáidí chiste pinsin F4E don Choimisiún a mhaoiniú.

**3.10.16.** Bhí na rátaí ísle cur chun feidhme ann mar gheall ar mhoill sna gníomhaíochtaí oibríochtúla ar leibhéal ITER-IO agus F4E, ag éirí go príomha as an tionchar a bhí ag géarchéim COVID-19, an cogadh foghach in aghaidh na hÚcráine, agus fadhbanna deartha teicniúla a bhí ann le déanaí agus a bhain le céim chóimeála reatha thionscadal ITER.

### Laigí i gcur chun feidhme Bhuiséad riaracháin 2022

**3.10.17.** Tá buiséad riaracháin F4E socraithe suas mar leithreasuithe neamh-dhíthiomsaithe. Dá thoradh sin, is féidir gealltanais riaracháin atá bunaithe ar chonarthaí riaracháin mar aon le hoibleagáidí nach bhfuil íocaíochtaí déanta ina leith ag deireadh na bliana a thabhairt anonn le haghaidh íocaíochta sa bhliain dar gcionn.

**3.10.18.** Amhail ag deireadh 2022, bhí an ráta cur chun feidhme íseal agus é sin ag 63 % le haghaidh buiséad an chaiteachais riaracháin (Teideal 2) don bhliain. Ag an am céanna, bhí an ráta cealaithe ar ghealltanais a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe sin ard, agus é sin ag 20 % ar an meán.

## Barúlacha maidir leis na córais bhainistíochta agus rialaithe

### Éagobhsaíocht ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí

**3.10.19.** Amhail ag deireadh 2022, bhí staid bainistíochta sinsearaí an Chomhghnóthais i riocht shuntasach aistrithe. D'imigh Stiúrthóir F4E i Meitheamh 2022 agus rinneadh ceannasaí na Roinne um Chur Chuige Níos Leithne in F4E a ainmniú mar Ard-Stiúrthóir ITER-IO i Meán Fómhair 2022, agus d'fhág an méid sin gur tharla athruithe pearsanra i gceithre cinn de na seacht bpost atá i mbainistíocht shinsearach an Chomhghnóthais. In 2022, rinneadh trí phost sa bhainistíocht shinsearach (lena n-áirítear post stiúrthóra) a líonadh ar bhonn gníomhach trí aistrithe inmheánacha, agus líonadh ceann eile as measc daoine den fhoireann a earcaíodh le déanaí. Thairis sin, chuaigh dhá bhainisteoir shinsearacha (ceann na Roinne Tráchtála agus ceann Roinn Chlár ITER) ar scor ag deireadh Lúnasa 2023. Cruthaíonn an staid sin riosca méadaithe do bhainistíocht fhónta agus leanúnachas F4E, ag tráth a mbeidh ar dhaoine le taithí den fhoireann bainistíochta bonnlínte nua ITER a chur chun feidhme a mbeidh tionchar mór acu sin ar ghníomhaíochtaí F4E agus a meastar a bheidh formheasta in 2024.

### Laigí i gcóras bainistithe riosca an Chomhghnóthais

**3.10.20.** In ainneoin gníomhaíochta forleitheadacha i mbainistiú riosca a bheith déanta ag F4E, ní léiríonn an measúnú riosca is déanaí a rinne F4E na rioscaí a bhaineann le teagmhais shuntasacha a bhí sainaitheanta cheana féin sa dara leath de 2022 agus a bhfuil tionchar acu ar ghníomhaíochtaí an Chomhghnóthais. Áirítear orthu sin: athruithe sa bhainistíocht shinsearach; moilliú ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla a bhfuil ráta íseal i gcur chun feidhme an bhuiséid mar thoradh air; moilleanna i soláthar poiblí; agus an t-athbhreithniú ar bhonnlíne ITER a bhfuiltear ag dréim leis. Staid í sin atá ag cur cinnteoireacht thráthúil agus iomchuí ag bainisteoirí sinsearacha F4E i gcontúirt, agus a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar bhaint amach a chuid garspriocanna tionscadail ag an gComhghnóthas.

## Laigí i mbainistiú conarthaí an Chomhghnóthais

**3.10.21.** In 2013, thug F4E conradh de luach €500 milliún i gcrích le haghaidh foirgnimh núicléacha agus neamhnúicléacha ITER a dhearadh, a fheistiú agus a shuiteáil. I Nollaig 2020, mar gheall ar imní faoin ardú a bhí ag teacht ar an gcostas a bhain le seirbhísí deartha agus trealaimh sa réimse núicléach agus mar gheall ar mhíshástacht le dul chun cinn agus éifeachtacht an chonraitheora ó thaobh na hoibre a bhí fós le déanamh ar na foirgnimh neamhnúicléacha, rinne F4E agus ITER-IO plean forbartha straitéisí a sheoladh. Sa phlean sin, breathnaíodh ar straitéisí soláthair phoiblí malartacha, amhail próiseas tairisceana eile a sheoladh don trealamh agus an obair a bhí fós le déanamh a aistriú go dtí conraitheoirí eile, chomh maith le measúnú ar na hiarmhairtí féideartha a bheadh ann ó thaobh costais de agus ó thaobh an sceidil seachadta de. I mí Feabhra 2021, chuir an conraitheoir éileamh costais le luach iomlán de €150 milliún isteach chuig F4E le haghaidh seirbhísí deartha agus trealaimh sa réimse núicléach, agus i Meán Fómhair 2021 chuir sé éileamh costais eile de luach €30 milliún isteach don chuid eile de na hoibreacha ar na foirgnimh neamhnúicléacha. D'fhostaigh an Comhghnóthas saineolaithe seachtracha dlí chun anailís a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhí ann dul i muinín straitéisí soláthair phoiblí eile. Bunaithe ar anailís riosca agus aiseolas na saineolaithe, rinne stiúrthóir an Chomhghnóthais socraíocht de luach €75 mhilliún leis an gconraitheoir do na seirbhísí deartha agus trealaimh sa réimse núicléach, agus bhí sé sin íoctha ag an gComhghnóthas ag deireadh 2022. Ar an lámh eile, i gcás na n-oibreacha ar na foirgnimh neamhnúicléacha, cinn F4E gan comhaontú socraíochta a dhéanamh agus d'oscail an conraitheoir díospóid.

**3.10.22.** Léirigh ár n-anailís ar an doiciméadacht do chur chun feidhme an chonartha go raibh laigí sa chaoi ar bhainistigh an Comhghnóthas an conradh sin. Go sonrach, ní dhearna F4E measúnú ceart ar an tionchar a bheadh ag athruithe sa chonradh a bhfuair sé teagasc ina leith ná ar an neamhchomhlíonadh ábharthach ó thaobh an chonraitheora de i ndáil le forghníomhú an chonartha. D'fhág sé sin go raibh léirmhínithe éagsúla agus easaontú idir na páirtithe ó thaobh scóip na n-oibreacha, na hamlínte agus ceanglais an tionscadail. Thairis sin, tháinig na saineolaithe dlí ar an gconclúid gur fhág an chaoi a raibh forálacha áirithe den chonradh scríofa nach bhféadfadh an Comhghnóthas an conradh a fhoirceannadh agus na hoibreacha a bhí dí-scóipeáilte a dhéanamh é féin nó socrú a dhéanamh le go ndéanfadh conraitheoirí eile na hoibreacha. Ós rud é nach raibh bainistiú cuí ar an sceideal déanta ag an gconraitheoir agus nach raibh taifid tionscadail ag F4E, ní raibh an Comhghnóthas in ann dliteanais an chonraitheora a shuíomh go soiléir. Rinne na laigí sin difear mór do bhaint amach chuspóirí an chonartha agus – mura dtugtar aghaidh orthu – d'fhéadfaidís difear a dhéanamh freisin do ghníomhaíochtaí oibríochtúla eile F4E, nuair a smaoinítear ar na modhnuithe suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i gconarthaí casta atá fós i bhfeidhm faoi láthair mar gheall ar uasdátú na bonnlíne do thionscadal ITER.

## Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

**3.10.23.** Tugtar forléargas san ***Iarscríbhinn*** ar an ngníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh mar fhreagairt ar ár mbarúlacha ó bhlianta roimhe seo.

# Iarscríbhinn – Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 2019 | Déanann painéal saineolaithe seachtracha measúnú bliantúil ar an gComhghnóthas. Shainaithin an painéal saineolaithe roinnt fadhbanna agus rioscaí ar leibhéal na hardbhainistíochta agus an chultúir chorparáidigh. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar diúltach ag an gcás sin, má leanann sé gan réiteach, ar fheidhmíocht na foirne. | Baineann na barúlacha sin le Tuarascáil um measúnú bliantúil 2019 (an 8ú measúnú) ó F4E. In 2022, bhí na moltaí maidir le dúshlán ceannasaíochta F4E curtha chun feidhme ag F4E. | Dúnta |
| 2 | 2019 | Mar gheall ar shrianadh an phlean bunaíochta ó thaobh foirne reachtúla de, tá F4E ag úsáid níos mó agus níos mó acmhainní ar conradh nó acmhainní atá á bhfáil isteach. In 2019, shroich leibhéal na n-acmhainní sin thart ar 62 % d'fhoireann an Chomhghnóthais cheana féin. Tá rioscaí suntasacha ag baint leis an staid seo don Chomhghnóthas, maidir le príomhinniúlachtaí a choinneáil, cuntasacht dhoiléir, díospóidí breithiúnacha a d'fhéadfadh a bheith ann, agus éifeachtúlacht foirne níos ísle i ngeall ar bhainistíocht dhíláraithe. | In 2022, chruthaigh an Comhghnóthas grúpa oibre chun measúnú a dhéanamh ar úsáid mhór a bhaint as acmhainní seachtracha agus é mar chuspóir leis sin pleanáil níos fearr a dhéanamh agus údar maith a thabhairt don ghá a bhí leo.<br>Sa bhreis air sin, de réir phlean bunaíochta na foirne do 2023, cuireadh deich bpost bhreise de ghníomhairí sealadacha le foireann | Oscailte |

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| | | | reachtúil an Chomhghnóthais, agus rinneadh 15 phost mar ghníomhairí conarthacha a thiontú isteach ina bpost mar ghníomhairí sealadacha. Maidir leis na rioscaí atá sainaitheanta, tabharfar aghaidh orthu sin i dtionscadal an tSoláthraí Seirbhíse Seachtraí atá beartaithe ag an gComhghnóthas a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2023. In 2023, chuir an Comhghnóthas tús freisin le feidhm phleanála don fhórsa saothair a bhunú mar aon le hathbhreithniú ginearálta a dhéanamh ar a bheartas acmhainní daonna. Mar sin féin, tá tacaíocht shuntasach an tSoláthraí Seirbhíse Seachtraí ag teastáil don chineál gníomhaíochtaí tionscadail agus don ualach oibre atá á chruthú faoi láthair ag gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais. | |
| 3 | 2021 | Ó Eanáir 2016, tá ar na Comhghnóthais cuid de na ranníocaíochtaí fostóra a íoc isteach i scéim pinsin an Aontais. Ós rud é nach ndearna an Coimisiún foráil don chaiteachas sin i mbuiséid na gComhghnóthas, ná nach | D’íoc F4E na ranníocaíochtaí fostóra ábhartha isteach i scéim pinsin an Aontais do thréimhse 2017-2022, de réir mar atá sonrasctha ag an | Dúnta |

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| | | ndearna sé na híocaíochtaí a iarraidh go foirmiúil, níor íoc F4E na ranníocaíochtaí sin go fóill.<br>I gcomhréir leis na Rialacháin Foirne[83] agus leis an treoraíocht ón gCoimisiún, ba cheart an ranníocaíocht fostóra bhliantúil le haghaidh gach Comhghnóthais a ríomh mar chéatadán den ioncam neamh-Aontais a bhaineann le hioncam iomlán an Chomhghnóthais. Is thart ar 20 % an sciar céatadáin do F4E. Ceanglaítear leis na forálacha faoi seach atá i Reachtanna F4E, áfach, nach rachaidh méid iomlán na ranníocaíochtaí ballraíochta thar 10 % de chostais riaracháin bhliantúla an Chomhghnóthais. Ós rud é gurb ann do na forálacha dlíthiúla sin atá i gcoinbhleacht le chéile, tá an riosca ann go dtiocfadh léirmhínithe éagsúla chun cinn agus go mbeadh tionchair airgeadais éagsúla ag baint leo sin. | gCoimisiún. Bhí ríomh na ranníocaíochta bliantúla bunaithe ar an treoraíocht ón gCoimisiún.<br>Meastar dá bhrí sin go bhfuil an bharúil seo dúnta. Tá aon ghníomhaíochtaí eile i dtaca leis na forálacha dlíthiúla atá i gcoinbhleacht le chéile lasmuigh de réimse freagrachtaí an Chomhghnóthais. | |
| 4 | 2021 | Le linn 2020 agus 2021, bhí an Comhghnóthas faoi réir measúnuithe bliantúla rialta ag saineolaithe seachtracha agus dian-iniúchtaí inmheánacha a chumhdaíonn an chuid is mó de na réimsí criticiúla ina chuid gníomhaíochtaí. Mar thoradh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta agus chun freagairt d'iniúchtaí agus do mheasúnuithe, tháinig méadú ar an | In 2022, níor seoladh aon mheasúnú bliantúil nua ar F4E. Ag deireadh 2022, bhí 50 % de na moltaí a bhí sa 9ú measúnú bliantúil agus 25 % de na moltaí a bhí sa 10ú measúnú bliantúil curtha chun feidhme ag F4E. | Oscailte |

[83] Airteagal 83a.

An Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (F4E)

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| | | ualach riaracháin, gan aon fhianaise ann go raibh na rialuithe breise éifeachtúil agus gur fheabhsaigh siad an córas. | Maidir le hiniúchtaí IAS ar F4E, rinne an Comhghnóthas gach ceann de na moltaí a bhí oscailte in 2022 a chur chun feidhme, cé is moite de phéire tábhachtacha a bhain le rialacha agus modhanna bainistithe tionscadal a cuireadh chun feidhme sa chéad ráithe de 2023. | |
| 5 | 2021 | I mí na Samhna 2021, chuaigh foireann F4E ar stailc. De réir measúnuithe bainistíochta inmheánacha agus seachtracha agus roinnt suirbhéanna inmheánacha, ba iad príomhchúiseanna a bhí le meathlú na timpeallachta oibre ag an gComhghnóthas ná go raibh easnaimh ann ag an leibhéal bainistíochta sinsearaí (e.g. cinnteoireacht neamh-trédhearcach agus mífheidhmiúil agus easpa idirphlé sóisialta). Thairis sin, mhéadaigh an úsáid mhíréireach a bhaintear as foireann sheachtrach na dúshláin agus na rioscaí don timpeallacht oibre. Dúirt an Coimisiún go mbeadh measúnú bliantúil 2022 ar F4E ag díriú isteach go huile agus go hiomlán ar nithe a bhaineann le bainistiú acmhainní daonna. | Rinneadh dhá mholadh maidir le bainistiú acmhainní daonna an Chomhghnóthais sa 10ú tuarascáil um measúnú bliantúil. In 2022, rinne Bord Rialaithe an Chomhghnóthais plean gníomhaíochta do chur chun feidhme na moltaí sin a fhormheas. Rinne an Comhghnóthas an chéad mholadh maidir le próifíl fheabhsaithe stiúrthóir F4E a chur chun feidhme faoi Mheitheamh 2023 agus tá sé beartaithe aige cur chun feidhme an dara moladh maidir le poist foirne a threisiú chríochnú faoi dheireadh 2023. In 2023, | Oscailte |

| Sraithuimhir | Bliain bharúil CIE | Barúil CIE (achoimre) | Gníomh ceartaitheach a rinneadh agus / nó forbairtí ábhartha eile (achoimre) | Stádas bharúil CIE (Oscailte / Dúnta) |
|---|---|---|---|---|
| | | | chríochnaigh Meitheal Chomhpháirteach an Chomhghnóthais a hanailís ar thimpeallacht oibre an Chomhghnóthais agus sheol sí obair leantach ar an suirbhé um an measúnú riosca síceashóisialta. | |

# Freagra ón gComhghnóthas

***3.10.18.*** Is mian le F4E a chur in iúl gurb iad na gealltanais shealadacha is mó ba chúis leis an meánráta cealaithe 20 % de na gealltanais riaracháin a tugadh anonn ó 2021 go 2022. Bhí ráta deiridh chur chun feidhme bhuiséad riaracháin deiridh 2021 cothrom le 98.5 % ag deireadh 2022, cosúil le blianta roimhe sin.

***3.10.19.*** Ní mór a thabhairt faoi deara gur baill foirne shinsearacha iad cinn ghníomhacha na Ranna Cur Chuige Seachadta agus Cur Chuige Níos Leithne ITER agus Ceann na Roinne Bainistíochta Tionscadail a bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an taithí chuí acu chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Mar sin féin, mar dhaoine "ghníomhacha" b'fhéidir nach raibh siad in ann aghaidh a thabhairt go hiomlán ar athruithe a bhfuil tréimhsí meántéarmacha go fadtéarmacha ag baint leo.

***3.10.20.*** Tá creat nua á chur chun feidhme ag F4E chun comhdhlúthú tapa ar an leibhéal achomair riosca a éascú agus chun infheictheacht na ngníomhaíochtaí bainistíochta riosca punainne a mhéadú, ar cuireadh an chéad tuairisciú ina leith faoi bhráid leibhéil Rialachais F4E i mí an Mheithimh/i mí Iúil 2023.

- Moilleanna ar sholáthairtí: gabhtar na rioscaí gaolmhara ar chláir riosca ar leibhéal an tionscadail/an chláir seachas ar leibhéal na feidhme bainistíochta soláthair.
- D'fhéadfadh an cleachtadh athbhunlíne ITER-IO difear a dhéanamh do sheachadadh comhchineáil (tionscadail F4E) nó ranníocaíocht airgid Euratom le ITER-IO:
    - Ba cheart seachadadh comhchineáil a ghabháil ar an gclár riosca ar leibhéal an tionscadail. Tá deiseanna ann freisin chun raon feidhme riosca a laghdú i.e. an 'teo-chill'.
    - Ranníocaíocht Euratom in airgead tirim le ITER-IO: Is é EURATOM úinéir an riosca seo ina ról mar chomhalta de Chomhairle ITER. Tá an riosca sin eisiata freisin ón "Meastachán ar Chríochnú" a chuirtear faoi bhráid Bhord Rialaithe F4E.

***3.10.22.*** Tá bearta déanta ag F4E cheana féin chun a áirithiú nach ndéanfar an athuair na saincheisteanna a bhí le sárú le linn chur i bhfeidhm an chonartha seo. Ar an gcéad dul síos, bhí sé seo ar cheann de na chéad chonarthaí FIDIC[84] a bunaíodh ag F4E, agus ní úsáidtear an cineál conartha seo ach amháin i réimse an chláir foirgneamh. Nuair a tháinig F4E ar an eolas faoi na laigí i réimse na bainistíochta moilleanna, threisigh sé forálacha conarthacha an chonartha nua. Ina theannta sin, tá ceardlann á hullmhú ag F4E baill foirne F4E a bhfuil baint acu le Bainistiú Dlíthiúil, Tráchtála, Teicniúil agus Tionscadal chun feabhas a chur ar a bhfeasacht maidir leis an tábhacht a bhaineann le bainistíocht chuí sceideal chun déileáil le héagsúlachtaí agus le héilimh na bpáirtithe leasmhara go léir agus chun forálacha an chonartha, na cleachtais agus

---

[84] Is comhaontuithe innealtóireachta iad conarthaí FIDIC a rialaíonn tionscadail tógála. Is iad na príomhchonarthaí i dtógáil domhanda iad agus déanann Cónaidhm Idirnáisiúnta na nInnealtóirí Comhairleacha (nó i mbeagán focal, FIDIC i bhFraincis) iad a fhorbairt agus a fhoilsiú, ar eagraíocht caighdeán idirnáisiúnta é le haghaidh teicneolaíochta tógála agus innealtóireachta comhairliúcháin.

na próisis bainistíochta sceidil a fheabhsú tuilleadh. Táthar ag súil go gcuirfidh an ghníomhaíocht sin, atá le cur chun feidhme faoi dheireadh 2023, tuilleadh feabhais ar uirlisí bainistithe sceidil F4E agus go méadófar na hacmhainní a leithdháiltear air sin.

Is é Seomra IV, faoi cheannas Mihails KOZLOVS (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a ghlac an Tuarascáil seo i Lucsamburg an 26 Meán Fómhair 2023.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*

Tony Murphy
*An tUachtarán*

# Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| **AS CNECT** | Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta sa Choimisiún Eorpach |
| **AS MOVE** | Ardstiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair sa Choimisiún Eorpach |
| **AS RTD** | Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta sa Choimisiún Eorpach |
| **BBI** | An Comhghnóthas Tionscail Bhithbhunaithe |
| **CA** | An Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan |
| **CAI** | Creat Airgeadais Ilbhliantúil |
| **CAS** | Comhsheirbhís Iniúchóireachta de chuid AS RTD sa Choimisiún |
| **CBE** | An Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach |
| **CFAE** | An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
| **CIC** | An Comhionad Cur Chun Feidhme de chuid AS RTD sa Choimisiún |
| **Clean H2** | An Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan |
| **CS** | An Comhghnóthas ‘Spéir Ghlan’ |
| **ECCC** | An Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála |
| **ECSEL** | An Comhghnóthas Comhpháirteanna agus Córais Leictreonacha |
| **EU-Rail** | Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa |
| **EURATOM** | An Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach |
| **EuroHPC** | An Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach |
| **F4E** | An Comhghnóthas um Fhuinneamh Comhleá |
| **FCH** | An Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin |
| **FP7** | An Seachtú Clár Réime um Thaighde agus um Fhorbairt Theicneolaíoch (2007-2013) |
| **GH** | An Comhghnóthas Sláinte Domhanda (comharba na Comhpháirtíochta maidir le Trialacha Cliniciúla idir Tíortha Eorpacha agus Tíortha i mBéal Forbartha 3) |
| **IAS** | An tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach sa Choimisiún |
| **IHI** | Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach |
| **IKAA** | Ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh Gníomhaíochtaí Breise |
| **IKOP** | Ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh Gníomhaíochtaí Oibríochtúla |

| | |
|---|---|
| **IMI** | An Comhghnóthas um an Tionscnamh Leigheasra Nuálaigh |
| **ISAnna** | Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta IFAC |
| **ISSAInna** | Caighdeáin Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta (INTOSAI) |
| **ITER** | Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta |
| **ITER-IO** | An Eagraíocht Idirnáisiúnta Fuinnimh Comhleá ITER |
| **JU** | Comhghnóthas |
| **KDT** | An Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha |
| **OIPE** | Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh |
| **OLAF** | An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise |
| **S2R** | Comhghnóthas 'Shift2Rail' (Tionscnamh Iarnróid Eorpach) |
| **SCE** | An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa |
| **SESAR** | An Comhghnóthas Taighde um Bainistíocht Aerthráchta san Aerspás Eorpach Aonair |
| **SNE** | Saineolaí Náisiúnta ar Iasacht |
| **SNS** | An Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste |

// CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2023

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte Iniúchóirí, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais príobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

QJ-09-23-159-GA-N

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

ISBN 978-92-849-0070-1